

Bonneagar

4.1.1	Réamhrá	122
4.2	Iompar	123
4.3	Iompar Poiblí	128
4.4	Siúl Agus Rothaíocht	133
4.5	Bóthar	135
4.6	Seirbhísí Uisce – Soláthar Uisce, Séarachas agus Draenáil	141
4.7	Cáilíocht Uisce	161
4.8	Cosaint ar Thuilte	168
4.9	Dramhaíl Sholadach / Bainistíocht Dramhaíola	173
4.10	Fuinneamh	179
4.11	Teileachumarsáid & Teicneolaíocht Faisnéise	189

4.1.1

Réamhrá

- Braithfidh baint amach na cothromaíochta spásúla trí phoitéinseal na gceantar a fhorbairt ar fheabhsú an chumais le haghaidh na gluaiseachta de dhaoine, earraí, fuinneamh agus eolas idir áiteanna difriúla. Is féidir le feabhsuithe i dtéarmaí ama agus costais míbhuntáistí an fhaid a laghdú. Tá ábharthacht ar leithligh ag baint le gréasáin fhisiciúla an bhonneagair cosúil le bóithre, iompar poiblí, fuinneamh agus cumarsáid, toisc go bhfuil tionchar spásúil acu féin agus sa bhreis ar sin is féidir leo dul i bhfeidhm ar shuíomh, ar thráthúlacht agus ar méid na forbartha.
- Is le suímh ar leithligh a bhaineann bonneagar eacnamaíoch eile, cosúil le seirbhísí uisce agus dramhaíl, agus bonneagar sóisialta cosúil le scoileanna, cúram sláinte agus cúram leanaí, agus tá siad riachtanach chomh maith chun tacú le forbairt réigiúnach chothromaithe.
- Tá áiseanna um bainistíocht dramhaíola éifeachtach, éifeachtúil agus iomaíoch ó thaobh costais de riachtanach más rud é go bhfuil gníomhaíocht tionsclaíoch agus fiontraíochta chun borradh agus forbairt i mbealach cothromaithe.



Tógadh na ráitis thuas ón Straitéis Náisiúnta Spásúlachta. Cé go mbaineann siad go díreach le soláthar bonneagair, más rud é go bhfuil siad rathúil, níl dabht ann ach go mbeidh tairbhí dá réir i láthair don chomhshaol, don eacnamaíocht agus do chaighdeán na beatha. I gcás na Mí, is ríthábhachtach na buntáistí chuig don gheilleagar, agus go háirithe i bhfeabhsú ár ngné iomaíoch, mar atá leagtha amach sa chaibidil roimhe seo. Caithfidh an Chomhairle a bheith réamhghníomhach i dtógáil, in uasghrádú agus i leathnú ár n-áiseanna bonneagracha ar fud an chontae, agus ní mór di leanúint ar aghaidh mar sin go ceann tamaill. Cé gurb é an tÚdarás Pleanála an soláthraí reachtúil ar réimse leathan de bhonneagar, ní hé an t-aon soláthraí agus dá bharr sin ní mór dó obair i mbealach comhtháite, comhoibritheach agus nuálaíoch le soláthraithe seirbhíse eile, is cuma cibé an rialtas lárnach, comhlachtaí fo-stáit, earnáil phoiblí nó comhcheangal den trí chineál atá i gceist.

SPRIOC

Chun soláthar an bhonneagair riachtanach a chur chun cinn agus a éascú ar mhaithe le freastal iomlán a dhéanamh ar an éileamh le haghaidh forbairt eacnamaíoch agus méaduithe daonra na todhchaí i mbealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH

CS BONN 1

Chun Straitéis Spásúlachta Téamach an Bhonneagair a ullmhú a aithneoidh agus a chosnóidh conairí le haghaidh bonneagar mór-straitéiseach sa Chontae cosúil le cumhacht, iarnród, bóthar, uisce agus dramhaíl.

Áiríonn bonneagar laistigh de Chontae na Mí éagsúlacht mhór seirbhísí agus feidhmeanna agus gan iad ní bheadh sé ar chumas an Chontae feidhmiú go sóisialta nó go heacnamúil.

Breathnaíonn an caibidil seo ar sholáthar a leithéid de bhonneagar agus cuimsítear na rannóga seo a leanas a dhéanann déileáil leis na gnéithe éagsúla de sholáthar bonneagair fisiciúil:

- a) Iompar
 - Iompar Poiblí (Bus & Iarnród), Siúl & Rothaíocht
 - Bonneagar na mBóithre
- b) Uisce agus Seirbhísí Fuíolluisce
 - Soláthar Uisce
 - Cóireáil & Diúscairt Fuíolluisce
 - Cáiliúocht Uisce
 - Tuiliú
- c) Bainistíocht Dramhaíola
- d) Fuinneamh
- e) Teileachumarsáid & Teicneolaíocht Faisnéise

4.2 IOMPAR

4.2.1 Comhthéacs Polasaí

Réamhrá

Tá an soláthar tráthúil de réimse iomlán seirbhísí iompair ríthábhachtach más rud é go bhfuil an Mhí chun leanúint ar aghaidh ag forbairt mar shuíomh tarraingteach d'fhorbairt ghnó agus chónaitheach. Braitheann baint amach na cothromaíochta spásúla trí phoitéinseal na gceantar a fhorbairt ar fheabhsú an chumais le haghaidh na gluaiseachta de dhaoine, earraí, fuinneamh agus eolas idir áiteanna difriúla. Braitheann an tarraingteacht atá ag suímh ar leithligh ar a gcuid inrochtaineacht agus nascacht choibhneasach agus uaidh sin braitheann sé seo ar cháiliúocht agus ar mhéid an bhonneagair iompair. Cé nach bhfuil Chomhairle Contae na Mí ach freagracht go díreach as ucht forbairt roinnt mhodhanna iompair, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag soláthar na ngnéithe sin den chóras iompair atá faoina sainchúram agus ag éascú forbairt na ngnéithe sin atá á soláthar ag dreamanna eile.



Aithníonn Chomhairle Contae na Mí gur neamh-inbhuanaithe iad na treochtaí reatha in iompar, go háirithe an méadú gan staonadh i dtrácht na ngluaisteán príobháideach. Tá an Chomhairle tiomanta go láidir do chur chun cinn na modhanna iompair inbhuanaithe lena n-áirítear iompar poiblí, siúl agus rothaíocht, agus spreagadh an athraithe módúil ó úsáid na ngluaisteán príobháideach chuig na modhanna eile seo. Ina cuid pleanála d'fhorbairt iompair, cinnteoidh an Chomhairle go dtabharfar aird ar riachtanais na ndaoine siúd le hábaltachtaí difriúla acu. Sa bhreis ar sin tá an tÚdarás Pleanála tiomanta mar a léirítear i Rannóg na Forbartha Eacnamaíochta, do laghdú a dhéanamh ar méid na comaitéireachta sa chéad ásc trí éascú a dhéanamh ar chruthú poist bhreise laistigh den chontae don daonra cónaitheach.

Comhtháthú na Pleanála Iompair agus Talamhúsáide

Tá caidreamh cómhálartach idir iompar agus talamhúsáid, leis an bhfeidhmiú rathúil de cheann amháin acu ag brath go mór ar phleanáil agus ar fheidhmiú rathúil an chinn eile. Tá iompar bunaithe ar sholáthar agus ar éileamh. Is éileamh díorthaithe é an t-éileamh don iompar. Tá an t-éileamh seo nasctha le fás eacnamaíoch agus eascraíonn sé ó phleanáil na talamhúsáide a bhaineann le scála agus dlús an daonra. Tá ardchaighdeán nasctha idir cheantair uirbeacha eile, agus níos faide ar aghaidh

ná sin, de dhíth ar cheantair uirbeacha móra a chuireann le fás eacnamaíoch. Is é an soláthar iarracht an iompair chun freastal ar an éileamh atá cruthaithe ag na talamhúsáidí difriúla. Tógtar fachtóirí cosúil le ham, luas, compord agus costas san áireamh nuair atáthar ag déanamh cinneadh ar conas taisteal ó shuíomh amháin go ceann eile. Ní foláir don soláthar a bheith costéifeachtach nuair a ndéanann sé iarracht freastal ar éileamh cé go gcuirfear ceistanna eacnamaíocha agus comhshaoil san áireamh freisin.

Diaidh ar ndiaidh is mór an fhadhb atá san iompar le fás an uirbithe mar chúis le spleáchas méadaithe ar chórais iompair innealta. Ní foláir bearta a chur i gcrích ag roinnt mhaith leibhéil (náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil) chun maolú a dhéanamh ar éifeachtaí an iompair, trácht na ngluaisteán príobháideach ach go háirithe, agus laghdú a dhéanamh ar an éileamh ar thaisteal. Braitheann cé chomh rathúil agus atá an polasaí i laghdú éifeachtaí an iompair ar leibhéal an chomhordaithe agus an chomhtháthaithe maidir le hiompar, pleanáil comhshaoil agus polasaithe eacnamaíocha. Ní foláir do chinntí maidir le talamhúsáid aird a thabhairt ar líonraí iompair poiblí eiseacha agus beartaithe agus tacú le teacht chun cinn agus forbairt na gcórais iompair comhtháite nua.

Tá sí mar aidhm straitéiseach ag an bPlean Forbartha seo comhordú a dhéanamh ar phleanáil talamhúsáide agus iompair.

Polasaí Náisiúnta agus Réigiúnach

Imlíononn an rannóg seo na polasaithe agus cuspóirí a thacaíonn le prionsabail na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta, na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, Straitéis Iompair de chuid Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath "A Platform for Change" agus clár an Rialtais "Iompar 21".

I gcoinne an cúla de leibhéil mhéadaithe an daonra agus éileamh agus soláthar tithíochta suntasach, tá an bonneagar seirbhísí agus iompair eiseach ar fud Mórcheantar Bhaile Átha Cliath tar éis méadú den scoth a bhrath i mbrú. Tá na húdaráis Pleanála i gcomhar leis na Ranna Rialtais ábhartha agus gníomhaireachtaí iompair tar éis leibhéil suntasacha infheistíochta a dhíriú isteach i mbonneagar seirbhíse agus iompair. Aithnítear an riachtanas chun é seo a dhéanamh i mbealach comhordaithe agus comhtháite mar rud atá ríthábhachtach.

Leagann polasaí iompair náisiúnta agus réigiúnach béim ar an riachtanas chun an t-éileamh ar iompar agus an spleáchas ar ghluaisteáin phríobháideacha a laghdú i bhfabhar iompar poiblí, rothaíocht agus siúl. Ní hamháin go gcuimsíonn an coincheap de pholasaí iompair comhtháite comhtháthú laistigh de agus idir mhodhanna iompair éagsúla, ach chomh maith le sin cuimsítear comhtháthú le polasaithe agus cuspóirí comhshaoil, sóisialta, áineasa, eacnamaíocha, oideachais agus sláinte. Ní féidir breathnú nó cinneadh a dhéanamh ar sholáthar na n-áiseanna iompair go leithliseach níos mó. Ní mór aird a thabhairt ar na héifeachtaí iarmhartacha dá leithéid seo d'áiseanna nua, cibé an é ar bhonneagar iompair eiseach eile nó córais uirbeacha níos leithne (le tionchar acu ar phatrúin eacnamaíocha agus talamhúsáide).

Leagann na RPGanna béim ar:

- An gá chun leanúint ar aghaidh ag feabhsú inrochtaineacht agus nascacht idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil de chuid Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus na lonnaithe laistigh de;
- An gá chun éileamh tráchta a laghdú, agus;
- An riachtanas chun cothromaíocht inbhuanaithe a bhaint amach idir mhodhanna iompair poiblí agus príobháideacha.

Beidh comhtháthú na pleanála iompair agus talamhúsáide mar réamhriachtanas chun dul i ngleic leis na spriocanna seo.

Go dtí seo b'fhearr le hinfheistíochtaí i bhorbairtí giniúna tráchtála agus fostaíochta, tar éis titim le suímh na gCeantar Cathrach, toisc gur braitheadh go raibh Ceantar na Cúlchríche iargúlta le rochtain ar mhargadh beag do réimse an ionchuir agus an aschuir eacnamaíoch coimhdeach riachtanach, lena n-áirítear saothar oile. Is í aidhm na straitéise iompair de chuid na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha ná chun comhtháthú a dhéanamh ar mhargaí uile isteach sa Chúlchríoch ionas go gcruthaítear an ceantar margaidh is mó leis na costais taistil féideartha is ísle.

Chun dul i ngleic le seo, spreagann na RPGanna céimiúlacht lonnaithe láidir ag díriú ar líon beag ionaid uirbeacha, is féideartha a fhéadfadh na tréithe agus mais chriticiúil riachtanach a léiriú chun a leithéid d'infheistíocht a tharraingt. An phríomhbhonn cirt atá le forbairt roinnt sráidbhailte sa Cheantar Cúlchríche ná go bhfuil na leibhéil is fearr inrochtaineachta agus nascacht réigiúnach acu a fheabhsóidh indíoltacht na suíomh seo le haghaidh infheistíochta isteach agus cruthú poist. Bainfear amach cothromaíocht níos fearr laistigh de na hionaid seo áit ina bhfuil scála na forbartha cónaithe comhoiriúnaithe níos dlúithe ag cruthú poist, uaidh sin ag laghdú éileamh taistil i dtéarmaí fad na dturas. I ndiaidh a chéile, agus go háirithe sa ghearr go meán téarma, cé go bhfanann an chomaitéireacht ard ba cheart do thurais chomaitéireachta ón gCeantar Cúlchríche chuig an gCeantar Cathrach a bheith aistrithe ón ngluaisteán príobháideach go hiompar poiblí chomh mór agus is féidir. I ndéanamh na gcinntí polasaí a rachaidh i bhfeidhm ar thaisteal comaitéireachta chuig an gCeantar Cathrach, cosúil le feabhsú na mórbhealaí gathacha, ba cheart do na húdaráis ábhartha iarracht a dhéanamh ar bhearta a ionchorprú a dhéanadh athchomhairliú ar chomaitéireacht na ngluaisteán príobháideach agus úsáid an iompair poiblí a spreagadh.

Aithníonn an straitéis, ar fud formhór den Cheantar Cúlchríche, de bharr nádúr scaipthe an daonra agus na seirbhísí gur mian leo rochtain a fháil orthu, go leanfaidh úsáid na ngluaisteán príobháideach ar aghaidh mar rud riachtanach agus go mbeidh feabhsuithe bóthair oiriúnacha de dhíth chun éascú a dhéanamh ar an úsáid seo.

Is éard atá sa chreatlach polasaí treoirithe don Cheantar Cathrach (lena n-áirítear Conair Pace / Cluain Aodha / Dún Búinne) ná gur cheart tús áite a thabhairt d'iompar poiblí agus modhanna iompair eile atá inbhuanaithe, cosúil le siúl agus rothaíocht, thar riachtanais na ngluaisteán príobháideach i ndéanamh cinntí agus polasaí ábhartha uile.

Soláthraíonn an Straitéis Iompair de chuid Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath (DTO) "A Platform for Change" creatlach chuimsitheach chun dul i ngleic le hinrochtaineacht agus nascacht laistigh den Cheantar Cathrach de Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath agus nascacht idir na Ceantair Chathracha agus na príomh-lonnaíochtaí sa Cheantar Cúlchríche.

Tá dhá ghné idirspealach ag Straitéis an DTO;

- i) Feabhsuithe Bonneagair & Seirbhíse, chun méadú a dhéanamh ar sholáthar iompair, lena n-áirítear leathnú substaintiúil an líonra iompair poiblí, roinnt bainistíocht tráchta agus tógáil bóthair straitéiseach, agus;
- ii) Bainistíocht Éilimh, chun laghdú a dhéanamh ar fhás i dtaisteal trí fheidhmiú polasaithe talamhúsáide agus eile, agus ag an am céanna dul chun cinn eacnamaíoch a chothú, agus atá deartha chun spreagadh a thabhairt d'aistriú de thurais, go háirithe sna tréimhsí buaice, ón ngluaisteán príobháideach chuig modhanna iompair inbhuanaithe (cosúil le hiompar poiblí, rothaíocht agus siúl).

Tá sé molta gur cheart d'Údaráis Áitiúla, i gcomhairle leis an DTO, an NRA agus oibreoirí iompair poiblí, Pleananna Creatlaí Comhtháite na bPleananna Iompair agus Talamhúsáide (IFPLUTanna) a ullmhú dá gcuid príomh-lonnaíochtaí. D'áireodh a leithéid de phleananna an soláthar de sheirbhísí iompair poiblí fóna agus inbhuanaithe agus áiseanna a bhaineann le hiompar poiblí cosúil le háiseanna páirceála agus taistil, seirbhísí bus friothálach, bainistiú tráchta agus áiseanna tosaíochta bus, áiseanna coisithe agus rothaíochta agus soláthar páirceála agus creatlacha bainistíochta páirceála atá ar scála a oireann do chomhthéacs pleanála na talamhúsáide. Ba cheart go mbeadh aird ag a leithéid de phleananna ar riachtanais iompair áitiúla eiseacha agus na todhchaí lena n-áirítear naisc le bailte agus suímh lasmuigh de gharcheantar an Údaráis Áitiúil agus lasmuigh den réigiún.

Is é Iompar 21 Plean Iompair 10 mbliana an Rialtais agus áiríonn sé seachadadh seirbhíse iarnróid chuig An Uaimh ar bhonn céimnithe. Is éard a bheidh sa chéad chéim ná spor ó líne Mhá Nuad i gCluain Saileach chun freastal ar Acomhal Dhún Búinne / Pace. Déanfaidh an dara céime an tseirbhís a leathnú chuig An Uaimh. Is iad 2010 agus 2015 faoi seach na spriocdhátaí atá beartaithe don chéad chéim agus don dara céim. Láidreoidh seachadadh an bhonneagair straitéisigh seo naisc iompair agus déanfar comhlánú ar an scéim um Mótárhealach an M3, atá á tógáil. Táthar tar éis glacadh leis an Section 49 Contribution Scheme, le 2010 mar dháta tascach an tseachadta iarnróid chuig Dún Búinne / Pace.

4.2.2 Próifíl na Mí

Le deich mbliana anuas tá an Mhí tar éis fás cónaitheach gan fasach a bhrath. Mar sin féin, mar is léir i Rannóg 2 'Straitéis Lonnaíochtaí', tá an daonra seo lonnaithe go mór laistigh de chrios comaitéireachta an chontae. Taispeánann staitisticí an CSO leibhéil arda comaitéireachta ó Cheantar Cathrach na Mí, an Cúlchríoch agus ionaid uirbeacha laistigh den dá cheann.

Tá an comaitéireacht, go háirithe ón gCúlchríoch chuig an gCeantar Cathrach, neamh-inbhuanaithe toisc nach bhfuil dabht ann ach go mbeidh sí gluaisteán-bhunaithe don chuid is mó. I dteannta sin, tá leibhéil suntasacha tráchta (turaí ghearr-achair) bainteach le agus ginte maidir le turaí idir an scoil agus an baile, agus is neamh-inbhuanaithe iad ní hamháin ó thaobh an chomhshaoil de ach ó pheirspictíocht na sláinte de chomh maith.

Léirigh an Próifíl Socheacnamaíoch de chuid an NIRSA a bhí bunaithe ar anailís a rinneadh ar Dhaonáireamh 2002 gur beag go maith an líon daoine a thaistealaíonn chuig an obair i mbus (13,433) agus i dtraein (1,081) i gcomparáid leis an ngluaisteán, mar thiománaí nó mar phaisinéir (52,730). Ní dhéanann na Staidrimh Daonra i gCeantair Bheaga difreáil idir thuraí a bhaineann leis an obair agus leis an oideachas. Tá sé léirithe ag an bpróifíl Socheacnamaíoch go n-úsáideann 6.2% d'oibreoirí sa chontae bus nó traen chun dul ag obair, le 50% de leanaí uile d'aois idir 5 - 12 bliana á dtógáil ar scoil i ngluaisteán, bhí amhail i gceist maidir le 26% de mhic léinn dara leibhéal uile. Tugann an anailís seo forbhreathnú ar na deacrachtaí le sárú i bhforbairt an chontae amach anseo.

4.2.3 Treo Polasaí Straitéiseach

POLASAITHE STRAITÉISEACHA

Comhtháthú na Pleanála Iompair & Talamhúsáide

PS BONN 1

Chun soláthar le haghaidh gluaiseachta éifeachtach earraí agus daoine ar mhaithe le tráchtáil agus frontar.

PS BONN 2

Chun cur chun cinn a dhéanamh ar bhearta pleanála talamhúsáide a dhéanann éascú ar éifeachtacht iompair, fáiltais eacnamaíocha ar infheistíocht iompair, íosmhéadú na dtionchar comhshaoil agus claonadh ginearálta i dtreo úsáid an iompair poiblí ar fud an chontae.

PS BONN 3

Chun fostaíocht ardchaighdeáin agus forbairtí cónaitheacha in aice láimh a chéile a chur chun cinn ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar an éileamh taistil agus spleáchas ar iompar na ngluaisteán príobháideach agus ag an am céanna go mbeadh níos mó bainte i gcónaí chun an córas iompair poiblí a fheabhsú go suntasach.

PS BONN 4

Chun cur chun cinn a dhéanamh ar dhlúis forbartha cónaithí níos mó laistigh d'ionaid fháis mar atá éascaithe ag Residential Density Guidelines for Planning Authorities de chuid an RCORÁ, Meán Fómhair 1999, arna leasú, ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí iompair poiblí inmharthana.

Iompar Poiblí

PS BONN 5

Chun a chinntiú gur i mbealach dlúth agus féin-inbhuanaithe a tharlaíonn forbairt na mór-ionaid ainmnithe sa chontae atá lonnaithe ar chonairí iompair straitéiseacha, agus go ndéantar éascú ar sholáthar eacnamaíoch an iompair poiblí.

PS BONN 6

Chun córas iompair ardchaighdeáin, inbhuanaithe agus comhtháite a chur chun cinn agus chun spreagadh a dhéanamh ar chomhordú idir na gníomhaireachtaí uile atá bainteach, go díreach nó go hindíreach, i soláthar seirbhísí iompair (Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath (nó pé dhream a thógann áit na hoifige sin), Bus Éireann, Iarnród Éireann, An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, comhlachtaí iompair príobháideacha agus Údaráis Áitiúla tadhlaacha).

PS BONN 7

Chun éascú a dhéanamh ar mhodhanna iompair seachas an gluaisteán príobháideach, lena n-áirítear naisc iompair poiblí maithe idir na hionaid forbartha sa Chontae agus sa Cheantar Cathrach chun laghdú a dhéanamh ar chomaitéireacht ghluaisteáin agus chun na hionaid sin a chomhtháthú ar bhonn níos fearr isteach san eacnamaíocht foriomlán de chuid Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath.

PS BONN 8

Chun tús áite a thabhairt d'fhorfheidhmiú na moltaí a cuirtear i láthair i Platform for Change agus athbhreithnithe iarteachtacha an DTO; go háirithe cuimsiú agus ullmhú na IFPLUTanna, nuair atá ábhartha.

PS BONN 9

Chun forbairt agus leathnú an bhonneagair iompair poiblí sa chontae a thacú agus a éascú i gcomhairle le hIarnród Éireann, Bus Éireann agus geallsealbhóirí iompair poiblí eile. Beidh aird aige seo ar riachtanais an phobail áitiúil chun go mbeadh rochtain feabhsaithe ar áiseanna iompair poiblí lena gcuimsítear sábháilteacht phoiblí nuair atá rochtain á fháil ar na háiseanna sin.

PS BONN 10

Chun a chinntiú go dtabharfar aird ar an speictream is leithne de riachtanais, lena n-áirítear coisithe, rothaithe agus iad siúd le leibhéil difriúla cumais i ndearadh agus i bpleanáil seirbhísí agus bonneagair iompair.

Gréasán Bóithre

PS BONN 11

Chun a chinntiú go gcosnaítear bonneagar eiseach na mbóithre fad atáthar ag feabhsú chumas agus shábháilteacht an ghréasáin bóithre chun freastal ar éilimh na todhchaí.

Cosaint na hOidhreachta

PS BONN 12

Chun aird a bheith ar oidhreacht nádúrtha, seandálaíochta agus cultúrtha an chontae nuair atáthar sa tóir ar chuspóirí maidir le soláthar an bhonneagair iompair.

4.3 IOMPAR POIBLÍ

Imlíononn an rannóg seo cur chuige an pholasaí straitéiseach de chuid Comhairle Contae na Mí maidir le cur chun cinn iarnróid, bus, siúl agus rothaíocht mar mhalartú ar an ngluaisteán príobháideach.

4.3.1 Iarnród

I láthair na huaire, ní mór an freastal atá ar Chontae na Mí le seirbhísí comaitéireachta go Baile Átha Cliath nach bhfuil ar fáil ach ag stáisiúin lonnaithe sa Bhóthar Buí, san Inse agus seirbhís teoranta á sholáthar ó Bhaile Mhic Gormáin. Tá stáisiúin lonnaithe i ngiorracht an Chontae atá á úsáid ag lucht cónaithe na Mí chomh maith - Má Nuad, Cluain Saileach, Droichead Átha agus Baile Bhrigín.

In ainneoin na ndroch-sheirbhísí atá i láthair sna stáisiúin seo, úsáidtear cuid mhaith iad, mar is léir ón éileamh ar áiseanna páirceála agus taistil in aice láimhe agus ó scaipeadh spásúil na ndaoine a thaistealaíonn ag obair ar an dtraein, atá scaipthe mórthimpeall ar dheisceart agus oirthear an chontae go ginearálta. Ina theannta sin, is féidir na méaduithe is mó i bhforbairt chónaitheach a chuir i gcomhchoibhneas dlúth le hinfhaighteacht an iarnróid laistigh den cheantar ginearálta chomh maith.

I mbeartú a chuid polasaithe agus in ullmhú gach PCÁ i leith na gceantar seo, ní foláir don Údarás Pleanála a bheith aireach faoina leithéid de thionchair láidre, ag aithint agus ag pleanáil le haghaidh na gníomhaíochtaí um chomhtháthú iompair agus talamhúsáide.

Áiríonn Iompar 21 seachadadh na seirbhíse iarnróid chuig An Uaimh ar bhonn céimnithe. Is éard a bheidh sa chéad chéim ná spor ó líne Mhá Nuad i gCluain Saileach chun freastal ar Acomhal Dhún Búinne / Pace. Déanfaidh an dara céim an tseirbhís a leathnú chuig An Uaimh. Is iad 2010 agus 2015 faoi seach na spriocdhátaí atá beartaithe don chéad chéim agus don dara céim. Láidreoidh seachadadh an bhonneagair chriticiúil seo na naisc iompair agus déanfar comhlánú ar scéim um Mótarbhealach an M3.

Faoi threoir Coiste Stiúrtha Teicniúil cuimsithe de Iarnród Éireann, Comhairle Contae na Mí, Comhairle Contae Fhine Gall agus an DTO, chomhlíon Iarnród Éireann an staidéar féidearthachta iomlán ar Chéim 1 Crosbhealach Chluain Saileach go Dún Búinne / Pace le Mótarbhealach an M3 (7.5 km i bhfad). Foilsíodh an staidéar seo in Eanáir 2005. Soláthróidh an líne stáisiúin i Hansfield i bhFine Gall, Dún Búinne agus áis páirceála agus taistil ag Crosbhealach an M3 i Pace. Ba é cuspóir an Staidéir Féidearthachta seo ná measúnú a dhéanamh ar imharthanacht eacnamaíoch / airgeadais an leathnaithe iarnróid chuig Acomhal Dhún Búinne / Pace. Sa bhreis ar ullmhúchán an Staidéir Féidearthachta, cuireadh Dearadh na Scéime Imlíneach le haghaidh costais chaipitil agus oibríochta stóinsithe chun cinn i ndiaidh a chéile. Tá costas iomlán d'athoscailt an chuid seo den líne agus aimsiú an rothstóic measta ag €156m. Tá obair ar an dearadh sonraithe agus ullmhúchán Ordú Iarnróid ar bun, agus é ar intinn an tionscadal a chur i gcrích faoi 2010 arna sholáthar in Iompar 21. Bainfear amach Céim 1 i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall agus beidh sé maoinithe i bpáirt ag Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha Forlíonach arna cheadú faoi Alt 49 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.



Déanfar Céim 2 den scéim a nascfaidh Achomhal Dhún Búinne & Pace leis An Uaimh a fhorfheidhmiú faoi 2015. I dteannta a chéile bainfidh Comhairle Contae na Mí & CIE amach staidéar scóipe don chuid seo ar leithligh den líne iarnróid tar éis dóibh na téarmaí tagartha a dhréachtú.

Cé nach bhfuil ról díreach ag Comhairle Contae na Mí i sholáthar líne iarnróid, tá cur chun cinn gníomhach á dhéanamh aici ar fhorbairt an líne iarnróid ó Chluain Saileach go Dún Búinne / Pace agus ar aghaidh leis An Uaimh i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall agus Iarnród Éireann. Cinnteoidh an Plean Forbartha, go gcaomhnaítear an bealach dearaidh imlíneach ó Chluain Saileach go Dún Búinne agus ar aghaidh go Acomhal Pace saor ó fhorbairt agus ag an am céanna beidh cosaint chomhchosúil á dhéanamh ar ailíniú eiseach ó Acomhal Pace leis An Uaimh ó fhorbairt a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá sheachadadh amach anseo.

Aithnítear gur mór an dainséar atá ann go gcoiscfidh cineálacha forbartha eile réadú na dtionscadal iompair atá riachtanach le haghaidh réadú na straitéise forbartha foriomlán. Dá bhar sin tá sé tábhachtach go n-aithnítear bealaí poitéinsiúla le haghaidh na bpríomhbhearta iompair féideartha uile mar ábhar tosaíochta práinneach. Tar éis a leithéid de bhealaí a aithint, tá sé díreach chomh tábhachtach go ndéantar tearmainn le haghaidh na bealaí a aithint agus a chosaint saor ó chineálacha forbartha eile neamhréiritheacha. I gcomhar leis an bprionsabal réamhchúraim, ba cheart tearmainn poitéinsiúla uile a chosaint, go dtí go bhfuil sé soiléir cibé an mbeidh a leithéid de thearmainn de dhíth in aon chor. Tá sé seo tábhachtach ach go háirithe i gceantair atá faoi fhoirgnimh cheana, áit ina bhféadfadh 'fuinneog na deise' dúnadh go gasta. Caithfear na tearmainn

seo a ionchorprú isteach sa Phlean Forbartha. I gcomhthéacs an ghealltanais in lompár 21 chun seirbhísí iarnróid chun na hUaimhe a athoscailt faoi 2015, tá seasamh polasaí láidir de dhíth chun a chinntiú go ndéantar an t-ailíniú a chosaint ó fhorbairt bhreise agus go leathnaíonn an chosaint seo chuig an stáisiún agus suímh páirceála agus taistil féideartha le hais an bhealaigh.

4.3.2 Bus

Molann na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath gur cheart tús áite a thabhairt do sholáthar, leathnú agus éascú an iompair poiblí bus-bhunaithe sa Cheantar Cúlchríche i dtéarmaí seirbhísí réigiúnacha idir-bhaile mar aon le naisc chuig Cathair Bhaile Átha Cliath agus seirbhísí baile inmheánacha i bpríomh-bhailte na Cúlchríche. Ba cheart aird a thabhairt ar bhearta tosaíochta bus i bpleanáil agus seachadadh na dtionscadal bonneagair bóithre. Tá sé molta tabhairt faoi pleanáil na dtionscadal seo laistigh den chreatlach agus den fíis atá ag Platform for Change agus an t-athbhreithniú atá le teacht.



Táthar tar éis feabhsuithe suntasacha a dhéanamh do chaighdeán agus minicíocht na seirbhísí comaitéireachta bus go dtí agus ó ionaid uirbeacha an chontae chuig Baile Átha Cliath agus ionaid réigiúnacha eile. I láthair na huaire tá dhá Ghréasán Bus Ardchaighdeán á dtógáil / tógtha i gceantar na Mí - QBC Dhún Seachlainn agus QBC Bhaile an Bhreáigh. Ba cheart feabhsuithe breise ar an nGréasán Bus Ardchaighdeán a chuir in ord tosaíochta agus a fhorfheidhmiú chun feabhsú a dhéanamh ar an gcumas agus ar iontaofacht fad-turais sa Cheantar Cathrach.

I láthair na huaire feidhmíonn Bus Éireann seirbhísí Comaitéireachta agus Luasbhealaigh araon idir gach príomhionad fostaíochta laistigh den Chontae go Baile Átha Cliath. Sa bhreis ar sin léiríonn leibhéal ard na seirbhíse na fíricí go n-úsáideann seirbhísí luasbhealaigh náisiúnta eile chuig an iarthuaisceart agus an tuaisceart bealaí éagsúla tríd an chontae. Chomh maith le sin soláthraíonn Bus Éireann seirbhísí iompair ag nascadh ionaid daonra sa chontae agus contaetha in aice láimhe cosúil le Droichead Átha leis An Uaimh, An Uaimh le Ceanannas agus An Uaimh le Baile Átha Troim. Tá líonra comaitéireachta Bus Éireann isteach i Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath de shíor ag nuálaíocht agus ag feabhsú chun freastal ar phróifíl déimeagrafaic athraitheach de chuid Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath.

Cé go bhfuil seirbhís bus áitiúil maith go leor ag An Uaimh ag nascadh purláin síor-leathnaithe an bhaile chuig lár an bhaile, táthar tar éis minicíocht na seirbhísí bus áitiúil a mhéadú chomh maith go príomha mar thoradh ar bhunú Flexibus, Meath Accessible Transport Ltd. Feidhmíonn Flexibus bealach laethúil idir Bhaile Átha Troim agus An Uaimh chun cuidiú le paisinéirí gur mian leo rochtain a fháil ar oideachas, oiliúint nó fostaíocht. Feidhmíonn seirbhísí seachtainiúla rialta idir roinnt bailte agus sráidbhailte agus tá seirbhísí Dial-A-Ride infhaighte ó roinnt mhaith ionaid. Is ríthábhachtach é an feabhsú in iompar poiblí idir bhailte níos mó agus idir sráidbhailte agus bailte d'fhonn iargúlacht a laghdú agus nascachtaí a fheabhsú idir an mbaile agus ceantair eachtartha.

4.3.3 Áiseanna Páirceála agus Taistil

Is é cuspóir 'páirceáil agus taisteal' ná an gluaisteán a chomhtháthú le hiompar poiblí agus chun lucht comaitéireachta a spreagadh chun a gcuid gluaisteán a fhágáil ag áiseanna 'páirceála agus taistil' agus leanúint lena dturas ag úsáid córas iompair poiblí. Cabhróidh an polasaí seo chun lucht comaitéireachta na ngluaisteán a aistriú chuig iompar poiblí, uaidh sin ag laghdú brú tráchta agus ag cur iompar poiblí chun cinn. Déanfar measúnú ar shuímh 'páirceála agus taistil' uile chun a chinntiú nach gcuireann na gluaisteáin ag teacht chucu leis an mbrú tráchta áitiúil. Tá an polasaí seo faoi réir moltaí Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath agus déanfaidh sé an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

Polasaithe Iompair Poiblí (Féach freisin Treo Polasaí Straitéiseach)

POLASAITHE

POL BONN 1	Chun cur chun cinn, éascú agus comhoibriú le gníomhaireachtaí eile i ndaingniú athoscailt líne iarnróid agus seirbhísí iarnróid Bhaile Átha Cliath leis An Uaimh.
POL BONN 2	Chun cosaint agus cumhdach a dhéanamh ar iar-bhealach iarnróid Chluain Saileach - An Uaimh agus tailte máguaird i gcoinne cungracht trí úsáidí mí-oiriúnacha a d'fhéadfadh dochair a dhéanamh dá fhorbairt amach anseo mar áis iarnróid.
POL BONN 3	Chun spreagadh agus éascú a dhéanamh ar ullmhúchán Staidéar Scóipe le haghaidh Céim II de Líne Iarnróid na hUaimhe go Baile Átha Cliath.
POL BONN 4	Chun tacú le feabhsú an bhonneagair iarnróid eiseach .i. bealach Bhaile Átha Cliath / Shligigh le seirbhísí bruachbhailteacha breise chuig An Bóthar Buí agus Cill Choca agus chun féachaint an bhféadfadh líne na hUaimhe / Droichead Átha freastal ar sheirbhísí paisinéara.
POL BONN 5	Chun tacú le feabhsú na seirbhíse iarnróid eiaeach idir Bhaile Átha Cliath - Droichead Átha a dhéanann freastal ar lonnaíochtaí uirbeacha na hInse agus Bhaile Mhic Gormáin agus chun iarracht a dhéanamh ar leictiríochán beartaithe an líne iarnróid seo a leathnú chuig Droichead Átha.
POL BONN 6	Chun oibriú le hIarnród Éireann chun feabhsú a dhéanamh ar áiseanna eiseacha i stáisiúin na hInse agus Bhaile Mhic Gormáin agus chun iarracht a dhéanamh ar sholáthar stáisiúin iarnróid i mBaile an Bhiataigh le háiseanna páirceála agus taistil coibhneasacha.
POL BONN 7	Chun iarracht ghníomhach a dhéanamh ar úsáid a bhaint as Alt 49 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2006 chun ranníocaíochtaí a dheimhniú ó fhorbróirí i dtreo costais chaipitil an tsoláthair agus / nó uasghrádaithe de sheirbhísí nó tionscadail bonneagair iompair poiblí straitéiseach sa Chontae.
POL BONN 8	Chun tacú le soláthar seirbhíse bus luasbhealaigh níos rialta agus níos éifeachtúla ar fud an chontae agus spreagadh a thabhairt do chomhpháirtíocht phoiblí-príobháideach i soláthar seirbhísí bus neamh-uirbeacha níos forleithne.
POL BONN 9	Chun tacú le tionscnaimh a sholáthraíonn rochtain níos fearr le bus idir bhailte / sráidbhailte tuaithe lena gcuid cúlchríocha níos iargúlta chun éascú a dhéanamh ar rochtain fheabhsaithe ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, oideachais agus shóisialta laistigh den chontae.

POL BONN 10 Chun comhoibriú le hOifig Iompair Bhaile Átha Cliath (nó pé dhream a thógann áit na hoifige sin), Oifig an Ghréasáin Bus Ardchaighdeáin, Bus Éireann, oibreoirí príobháideacha agus comhlachtaí iompair cuí eile i bhforfheidhmiú clár QBN comhaontaithe agus chun seachadadh seirbhíse feabhsaithe a sholáthar i gceantar na Mí ag seachadadh patrúin taistil níos inbhuanaithe ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

POL BONN 11 Chun a chinntiú go leagtar amach na forbairtí nua uile i mBailte Fáis Mhór agus Fáis Mheasarthach ionas go ndéantar éascú ar sholáthar na seirbhísí bus áitiúla.

POL BONN 12 Chun cur chun cinn a dhéanamh ar an soláthar d'áiseanna acomhail iompair poiblí ag pointí oiriúnacha ar an ngréasán iompair poiblí i gcomhar le hOifig Iompair Bhaile Átha Cliath (nó pé dhream a thógann áit na hoifige sin) agus na soláthraithe iompair poiblí.

POL BONN 13 Chun spreagadh a thabhairt do thionscnaimh chun a chinntiú go bhfuil daoine le rochtain teoranta nó gan aon rochtain acu ar iompar poiblí i gceantair, lena n-áirítear ceantair tuaithe, gan aon iompar poiblí inúsáidte agus daoine le soghluaisteacht laghdaithe acu, ábalta rochtain a fháil ar réimse iomlán na n-áiseanna fostaíochta, miondíola, cultúrtha agus fóillíochta.

POL BONN 14 Cinnteoidh an tÚdarás Pleanála go sholáthraíonn ullmhúchán na Scéime Ranníocaíochtaí Forbartha athbheithnithe ar bhonn fónta le haghaidh riachtanais an iompair poiblí. Go háirithe, tabharfar aird ar sholáthar na gconairí agus lánai bus, áiseanna acomhail bus (lena n-áirítear carrchlóis do na háiseanna sin), bonneagar chun éascú a dhéanamh ar áiseanna iompair poiblí, rothaíochta agus coisithe agus bearta um cheannsú tráchta ar chóimhéid le riachtanais an Chontae.

CUSPÓIRÍ

CUS BONN 1 Chun caomhnú iar-líne iarnróid Bhaile Átha Cliath - An Uaimh a choinneáil saor ó fhorbairt.

CUS BONN 2 Chun aon tailte atá riachtanach le haghaidh uasghrádú na stáisiún nó na línte iarnróid eiseacha nó soláthar stáisiún iarnróid nua ar fud an Chontae a chosaint ó fhorbairt.

CUS BONN 3 Chun éascú agus spreagadh a dhéanamh ar uasghrádú na stáisiún iarnróid eiseacha.

CUS BONN 4 Chun éascú a dhéanamh ar sholáthar áiseanna páirceála agus taistil ag stáisiún iarnróid Dhún Búinne, Acomhal Pace, An Bóthar Buí, An Inse, Baile Mhic Gormáin agus áirithint na dtailte fónta chun soláthar a dhéanamh d'áiseanna páirceála agus taistil san Uaimh agus i mBhaile an Bhiataigh. I gcás fás breise i gCeantar Dhroichead Átha theas, déanfaidh an Chomhairle taiscéaladh ar an riachtanas atá le háiseanna páirceála agus taistil agus áirithint na dtailte don chuspóir seo de réir mar is cuí.

- CUS BONN 5** Chun éascú a dhéanamh ar an soláthar d'áiseanna páirceála agus taistil ag pointí oiriúnacha ar an ngréasán iompair poiblí i gcomhar le hOifig Iompair Bhaile Átha Cliath (nó pé dhream a thógann áit na hoifige sin) agus na soláthraithe iompair poiblí. Aithneoidh na Pleananna Ceantair Áitiúla ar leithligh suímh oiriúnacha de réir mar is cuí.
- CUS BONN 6** Chun scrúdú a dhéanamh ar an soláthar d'athoscailt Stáisiún Chnoc an Dúin agus soláthar na n-áiseanna páirceála agus taistil.
- CUS BONN 7** Chun daingniú a dhéanamh ar fhorbairt Chonairí Bus Ardchaighdeáin nua agus forleathnú agus feabhsú na gConairí Bus Ardchaighdeáin eiseacha.
- CUS BONN 8** Chun bearta tosaíochta bus a sholáthar ar bhonneagar bóithre eiseach agus pleanáilte, áit atá oiriúnach.
- CUS BONN 9** Chun Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta agus Measúnuithe Tráchtá a bheith de dhíth le haghaidh forbairtí dianturais beartaithe.

4.4 SIÚL AGUS ROTHÁIOCHT

Aithníonn Comhairle Contae na Mí rotháiocht agus siúl mar chineálacha gluaiseachta atá sláintiúil, sábháilte, slán go héiceolaíoch agus cóir go sóisialta. Is iad siúl agus rotháiocht na modhanna iompair is inbhuanaithe atá ar fáil i dtéarmaí a dtionchair chomhshaoil ísle. Gné ríthábhachtach d'aon chóras iompair comhtháite ná chun soláthar a dhéanamh ar riachtanais na rothaithe agus na gcoisithe. Aithnítear soláthar méadaithe de lánaí rothar agus áiseanna níos sábháilte do choisithe mar phríomh-ghníomhaíocht de chuid Forbairt Inbhuanaithe - Straitéis d'Éirinn ón Rialtas, A Platform for Change ó Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath agus Residential Density Guidelines ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil agus an Chairt Eorpach um Chearta na gCoisithe.

Comhdhéanann siúl formhór na dturas le haghaidh neamh-úinéirí-gluaisteán, mná agus leanaí. Dá bharr sin beidh tionchar ag athruithe measartha i nósanna siúil ar an úsáid fuinnimh foriomlán. Maidir le fad níos lú ná 0.5km, siúlann formhór na ndaoine, ach maidir le fad 1km, a shiúlann neamh-úinéirí-gluaisteán i gcoitinne, braitheann an chuid is mó d'úsáideoirí gluaiseán ar a bhfeithiclí. Is beag an infheistíocht atá de dhíth ar shiúl chun é a dhéanamh tarraingteach, go háirithe más rud é go ndéantar é a phleanáil agus a dhearadh isteach i bhforbairt nua ón tús. Nuair atáthar ag soláthar do choisithe, déanfaidh Comhairle Contae na Mí dearadh le haghaidh, agus inrochtaineacht a chinntiú le haghaidh, lucht maolghluaiste agus iad ag cloí le Fógairt Barcelona agus an Chairt Eorpach um Chearta na gCoisithe.



Is féidir le pleanáil spreagadh a thabhairt do shiúl chun a bheith mar an phríomh-modh le haghaidh turais níos gaire trí talamhúsáidí a eagrú agus úsáid a bhaint as dea-dhearadh uirbeach. Spreagfar daoine chun siúl trí ghréasán cuimsitheach de chosáin áiseacha agus dea-shoilsithe (ar thaobh an bhóthair agus scagtha araon) a sholáthar laistigh de cheantair chónaitheacha nua le naisc chuig scoileanna, ionaid comharsana áitiúla, stadanna iompair poiblí agus láithreacha oibre.

Spreagfar rothaíocht trí an soláthar de bhealaí rothaíochta easbhóthair agus bearta bainistíochta tráchta a thugann tús áite do rothaithe. Ní foláir soláthar do bhealaí rothaíochta i slí maith i dtéarmaí bonneagar páirceála ag an ceann scríbe. Beidh an "Provision of Cycle Facilities; National Manual for Urban Areas" mar an bhunús chun an dearadh a chur ar an eolas faoi áiseanna rothaíochta.

POLASAITHE

POL BONN 15	Chun forbairt na n-áiseanna rothaíochta agus siúil sa Chontae a chur chun cinn agus a éascú.
POL BONN 16	Chun spreagadh a dhéanamh ar ionchorprú rathúil na mbealaí rothaíochta sábháilte agus éifeachtúil, bealaí coisithe agus cosáin inrochtana isteach i scéimeanna dearaidh d'ionaid na mbailte / d'ionaid comharsana, forbairtí cónaitheacha, oideachais, fostaíochta, áineasa agus úsáidí eile.
POL BONN 17	Go mbeadh sé riachtanach go sholáthrófaí áiseanna clúdaithe fóna le haghaidh páirceáil daingean na rothar ag suímh áiseacha in aice le modhanna iompair agus aomhail iompair phoiblí.
POL BONN 18	Go mbeadh réimse iomlán áiseanna do rothaithe de dhíth cosúil le páirceáil rothar slán agus áiseach, cithfholcthaí agus taisceadáin i bhforbairtí tráchtála / oifigí nua suntasacha agus aomhóirí daoine eile.
POL BONN 19	Chun tús áite a thabhairt do ghluaiseacht na gcoisithe agus rothaithe i ngiorracht nóid iompair poiblí.
POL BONN 20	Chun feabhas a chur ar áiseanna do choisithe agus áiseanna rochtana do dhaoine le riachtanais ghluaiseachta speisialta de réir aidhmeanna an Chairt Eorpach um Chearta na gCoisithe.
POL BONN 21	Beidh comhartha inchloiste ag áiseanna coisithe á rialú ag comharthaí mar aon le colbhaí íslithe le pábháil tadhlaigh chun cuidiú le daoine le lagú gluaiseachta nó amhairc i dtrasnú na mbóithre.
POL BONN 22	Chun bealaí rothaíochta a sholáthar, nuair atá oiriúnach, mar chuid de scéimeanna feabhsaithe / athdhearaidh na mbóithre.
POL BONN 23	Chun a chinntiú, nuair is féidir, go bhfuil bealaí rothaíochta agus cosáin scartha go héifeachtúil ó mhór-charrbhealaí feithiclí.
POL BONN 24	Go mbeadh sé de dhíth ar iarratais phleanála léiriú a dhéanamh ar inrochtaineacht na tairisceana forbartha do choisithe agus rothaithe.

4.5 BÓTHAR

Tá an gréasán bóithre náisiúnta ag freastal ar Chontae na Mí i mbealach maith leis an M1 Baile Átha Cliath - Béal Feirste (agus an iar N1, anois an R132), an N2 Baile Átha Cliath - Doire, N3 Baile Átha Cliath go Béal Átha Seanaidh agus M4 Baile Átha Cliath go Gaillimh, Caisleán an Bharraigh agus Sligeach (agus an iar N4), ar fad ag gabháil tríd an chontae ag nascadh Ceantar Cathrach Bhaile Átha Cliath leis na réigiúin. Is trébhealaí faid measartha iad na bóithre náisiúnta den dara grád N51 agus N52 ag nascadh na bailte tábhachtacha. Braitheann Contae na Mí go mór ar bhonneagar na mbóithre le haghaidh gluaiseacht agus rochtain ion-chontae agus idir-chontae. Tá fás an daonra agus go háirithe an méadú i líon na bhfeithiclí ar na bóithre tar éis a bheith mar chúis le fíor-bhrú tráchta ar bhonneagar criticiúil na mbóithre seo i roinnt mhaith áiteanna ar fud an chontae.

Ó Phlean Forbartha an Chontae 2001, tá feabhas den scoth tar éis teacht ar na príomh-naisc iompair straitéiseacha seo;

- Comhlíonadh Mótarbhealach an M1 i Meitheamh 2003 a fheabhsaíonn inrochtaineacht Phurláin Dhroichead Átha agus ionaid uirbeacha Oirthear na Mí chuig na príomh-naisc iompair idir Bhaile Átha Cliath & Béal Feirste.
- Críochnaíodh tógáil Seachbhóthair Chill Dhéagláin an N2 chuig Seachbhóthar Acomhail an M50 i Bealtaine na bliana seo caite.
- Tá Mótarbhealach an M3, ag soláthar do sheachbhóithre Dún Búinne, Dún Seachlainn, An Uaimh agus Ceanannas á thógáil le clár comhlíonta 4 bliana.
- Osclaíodh Mótarbhealach an M4 ag nascadh Cill Choca - An Bóthar Buí - Cionn Átha Gad ar an 12ú Nollaig 2005.
- Tá Príomhbhóithre Náisiúnta an N2 & N3 agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád an N51 & N52 faoi réir feabhsuithe leanúnacha i dtéarmaí forleagan le haghaidh láidriú na gcosán, feabhsuithe na n-acomhal, ceansú tráchta, bearta sábháilteachta íseal-chostais, s.r.l. Táthar tar éis Céim 2A de Bhóthar Faoisimh Laistigh na hUaimhe a chríochnú agus cuireadh tús le tógáil Chéim 2B i 2006 leis an éifeacht chomhcheangailte de sheachthreorú an Bealaigh Náisiúnta den Dar Grád seo ó lár bhaile na hUaimhe.
- Tá roinnt mhaith tionscadail á dtógáil i láthair na huair maidir le feabhsuithe ar an ngréasán bóithre Réigiúnach sa Chontae, lena n-áirítear an R161 (An Uaimh go Baile Átha Troim), an R158 (Baile Átha Troim - Cnoc an Linsigh - Cill Choca) agus an R150 (Damhliag - Baile Iúiliáin). I ngach cás, táthar tar éis an chéad chéim de gach tionscadal a chomhlíonadh faoin tráth seo.

I rith saolré an leagan seo de Phlean Forbartha an Chontae (2007 - 2013), táthar ag súil go ndéanfar dul chun cinn breise le gréasán eiseach na mbóithre. Beidh An Uaimh, Ceanannas, Dún Búinne, agus Baile Shláine seachthreoraithe chun tairbhe a gcuid comhshaoil uirbeacha.

Go príomha tá an gréasán bóithre náisiúnta á fhorbairt le haghaidh trácht idir-uirbeach náisiúnta m.sh. chun rochtain réidh a sholáthar do chalafoirt, aerfoirt, s.r.l. Cé go dtiteann an fhreagracht as ucht Bóithre Náisiúnta faoi choimirce an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, tá Comhairle Contae na Mí freagrach as ucht uasghráduithe agus feabhsuithe móra a sholáthar agus a bhaint amach ar Bhóithre Náisiúnta sa Chontae. Áiríonn na hoibreacha seo soláthar forleagain na gcosán ar bhóithre eiseacha, soláthar codanna nua de bhóthar agus soláthar seachbhóithre nó bealaí faoisimh do bhailte ar na bealaí seo nuair atá a soláthar siúd riachtanach i dtéarmaí pleanála, tráchta nó comhshaoil. Léiríonn na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha mar sin go bhfuil sé ríthábhachtach go gcuirtear bearta chun cinn chun cumas agus úsáid na mbóithre náisiúnta a chosaint don phríomhchuspóir seo trí úsáid na tráchta comaitéireachta a mhímhisiú. Sa bhreis ar sin molann na RPGanna gur cheart rochtain nua ar an ngréasán seo a sheachaint chun cothú a dhéanamh ar leibhéal na seirbhíse ar na bóithre seo. Áitíonn na RPGanna i measc na bearta gur cheart d'Údaráis Áitiúla tabhairt fúthu tá

tabhairt isteach na mbeartha polasaí lena n-áirítear pleananna bainistíochta soghluaisteachta agus bearta díreacha cosúil le soláthar lánaí bus ar bhealaí náisiúnta nuair atáthar ag druidim i dtreo agus i ngiorracht ceantair uirbeacha sa Chúlchríoch mar aon leis an gceantar Cathrach.

Cé go bhfuil béim láidir na straitéise bunaithe go daingean mórthimpeall ar mhodhanna iompair poiblí inbhuanaithe, glactar leis go mbeidh roinnt feabhsuithe ar an ngréasán bóithre riachtanach sna blianta atá amach romhainn. Tá an tairiscint chun cuar-bhealach seachtrach a fhorbairt san áireamh mar phríomh-chuspóir de chuid na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus aithníodh é freisin i straitéisí roimhe seo lena n-áirítear na Treoirlínte Pleanála Straitéiseacha do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus A Platform for Change. Tugtar breis suntasacht dá thábhacht laistigh de chomhthéacs na straitéise pleanála réigiúnach inbhuanaithe agus an tábhacht a bhaineann le hinrochtaineacht agus nascacht feabhsaithe a sholáthar idir bhailte le fás mór i gCeantar na Cúlchríche. Molann na RPGanna go dtabharfar faoi bearta sa ghearrthéarma chun conair nó conairí a aithint agus a chaomhnú lena n-áirítear ailínithe féideartha go háirithe i ngiorracht ceantair uirbeacha cosúil le Droichead Átha, An Uaimh, Baile Átha Troim agus Cill Choca. Ba cheart tús áite a thabhairt do thógáil ailíniú sa mheántéarma tar éis comhlíonadh na dtionscadal straitéiseacha um lompár Poiblí agus Bonneagar na mBóithre. Tuigtear go bhfuil an NRA ag déanamh ath-iniúchadh i láthair na huaire ar an Dublin Outer Orbital Route Strategic Study arna ullmhú ag Oscar Faber i gcomhar le Roughan O'Donovan - Maunsell Alliance Consulting Engineers i 2001. Soláthraíonn lompár 21 le haghaidh tabhairt faoi "an obair phleanála agus féideartha ar Chuar-Bhóthar Seachtrach Bhaile Átha Cliath". Mar sin féin, ní tugtar aon dáta comhlíonta don tionscadal seo.

Sa bhreis ar sin molann na RPGanna gur cheart don chuar-bhealach seachtrach a bheith tacaíte ag uasghrádú agus athainmniú bealaí an N52 agus an N80 a nascann isteach i ngathach Béal Feirste-Baile Átha Cliath ag Dún Dealgan agus i ngathach Phort Láirge / Loch Garman-Baile Átha Cliath ag Inis Córthaidh. Ba cheart d'éifeacht chomhcheangailte na dtionscnamh straitéiseacha seo é a dhéanamh i bhfad níos éasca chun margú a dhéanamh ar chumas na mbailte móra mar phríomh-láithreacha infheistíochta eacnamaíoch, agus na haidhmeanna a chomhlíonadh chun poist a thabhairt níos cóngaraí chuig daonra na Cúlchríche, fás na comaitéireachta a laghdú, agus rochtain seirbhíse agus poist a sheachadadh i gceantair imeallacha.

4.5.1 Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Is tábhachtach an ról atá ag bóithre réigiúnacha agus áitiúla agus is luachmhar na feidhmeanna sóisialta agus pobail atá acu. Go minic tá na bóithre seo mar an t-aon mhodh rochtana le haghaidh na gníomhaíochta eacnamaíoch áitiúil.

Tá ról eacnamaíoch fíor-thábhachtach ag bóithre neamh-náisiúnta de bharr:

- Nádúr scaipthe an daonra agus na forbartha tionsclaíoch;
- Tábhacht na turasóireachta agus talmhaíochta mar ghineadóirí saibhris agus fostaíochta, agus;
- An aird mhéadaitheach á thabhairt d'fhorbairt tuaithe agus athghiniúint uirbeach.



Tá bunús an ghréasáin bóithre fairsing nasctha go soiléir le dlús íseal an daonra agus nádúr scaipthe an daonra mar thoradh ar eacnamaíocht a bhí bunaithe go mór ar thalmhaíocht. Bhí leibhéal íseal d'uirbiú ann chomh maith agus cé go bhfuil tar éis gluaiseacht ón talmhaíocht leis na blianta beaga anuas, tá uirbiú méadaitheach tar éis tarlú i rith an 10 - 20 bliain atá díreach imithe.

Soláthraíonn gréasán na mbóithre neamh-náisiúnta soghluaisteacht laistigh de agus idir eacnamaíochtaí áitiúla agus soláthraítear naisc ríthábhachtacha chuig an ngréasán bóithre náisiúnta straitéiseach agus na calafoirt agus aerfoirt atá mar ár naisc leis an eacnamaíocht Eorpach níos leithne.

Tá freagracht ag Comhairle Contae na Mí as ucht baint amach na n-oibreacha cothabhála agus feabhsaithe ar na bóithre seo maoinithe óna gcuid acmhainní féin agus / nó forlíonta ag eontais Stáit.

Molann Traffic Management Guidelines 2003, de chuid an Rialtais, sraith uirlisí chun cuidiú le soláthar na sonraí agus creatlacha riachtanacha chun pleanáil le haghaidh na forbartha, go háirithe Pleananna Measúnú Tráchta agus Soghluaisteachta na bhFostaithe.

POLASAITHE

POL BONN 25 Chun bearta sábháilteacht bóithre agus trachta a chur chun cinn i gcomhar le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile trí an soláthar de chomharthaíocht oiriúnach, guaiseacha trachta eiseacha a íoslaghdú nó a ruaigeadh agus cruthú na nguaiseacha trachta breise nó nua a chosc.

POL BONN 26 Chun tacaíocht a thabhairt d'fheabhsuithe bóthair móra trí na conairí a bhaineann lena leithéid de bhealaí beartaithe a choimeád saor ó fhorbairtí, a chuirfeadh isteach ar sholáthar a leithéid de thairiscintí.

POL BONN 27 Chun forfheidhmiú a dhéanamh ar chlár oibreacha tógála / feabhsaithe bóthair agus bearta áitiúla chun feabhsú a dhéanamh ar shábháilteacht bóithre comhtháite go dlúth le talamhúsáidí eiseacha agus pleanáilte.

POL BONN 28 Chun comhoibriú leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus Údaráis Áitiúla eile chun Cuar-Bhealach Seachtrach Bhaile Átha Cliath a sholáthar mar atá molta sna Treoirínte Pleanála Réigiúnacha agus Iompar 21.

POL BONN 29 Chun cosaint a dhéanamh ar chumas agus ar shábháilteacht an ghréasán bóithre Náisiúnta trí srian a chur ar rochtain bhreise ar na Príomhbhóithre Náisiúnta agus na bóithre Náisiúnta den Dara Grád lasmuigh de luasteorainneacha srianta a chomhfhreagraíonn do theorainneacha forbartha aitheanta de réir polasaí an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, "statement on Development Management and Access to National Roads", Bealtaine 2006, arna leasú.

POL BONN 30 Chun comhoibriú leis an NRA in uasghrádú na nAcomhal eiseacha ar Bhealaí Náisiúnta nuair is cuí, agus chun srian a chur ar fhorbairt díreach in aice le hAcomhail chun soláthar le haghaidh leathnú na nAcomhal amach anseo.

POL BONN 31 Chun na feabhsuithe go codanna de bhóithre réigiúnacha agus bóithre contae atá easnamhach maidir le ath-ailíniú, cumas nó bail struchtúrtha a sholáthar agus a bhaint amach, san áit ina cheadaíonn acmhainní agus chun an caighdeán sin a chothabháil ina dhiaidh sin.

POL BONN 32 Chun comharthaíocht ar fud an chontae a rialú, a smachtú agus a fheabhsú.

POL BONN 33 Bainfear amach iniúchtaí sábháilteachta ar "scéimeanna bóthair uile ar bhóithre náisiúnta" faoi réir Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Droichid de chuid an NRA : HD 19 Road Safety Audits & HA 42 Road Safety Audit Guidelines.

POL BONN 34 Chun iallach a chur ar fhorbróirí Measúnú Tráchta agus lompair cuimsitheach a sholáthar, bainte amach ag proifisiúnaigh inniúla sa réimse seo oibre, san áit ina mbeidh éifeacht suntasach ag forbairtí nua ar éileamh tráchta agus cumas na nasc iompair in aice láimhe. San áit go n-aithníonn Measúnú Tráchta agus lompair feabhsuithe riachtanacha ar agus ón láthair ionas gur féidir leis an bhforbairt dul ar aghaidh, beifear ag súil leis an bhforbróir maoiniú a dhéanamh ar na feabhsuithe trí tabhairt faoi chomhaontú foirmiúil laistigh den Chomhairle. D'fhéadfadh go mbeadh Measúnú Tionchair Tráchta agus lompair de dhíth mar chuid d'aon tairiscint fhorbartha le tionchar aici ar acomhal eiseach de chuid Bealach Náisiúnta. Beidh aon oibreacha breise atá de dhíth mar thoradh ar an Measúnú lompair agus Tráchta maoinithe ag an bhforbróir.

Bainfear amach Measúnú lompair chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair tuartha atá ag forbairt de réir na treoirínte tugtha i gcomh-fhoilseachán an RCORÁ / An Roinn lompair / DTO "Traffic Management Guidelines", Section 1.11.

Seo a leanas na tairseacha le haghaidh Measúnú lompair:

- Sáraíonn trácht chuig agus ón bhforbairt 10% den sreabh tráchta ar an mbóthar tadhlaigh;
- Sáraíonn trácht chuig agus ón bhforbairt 5% den sreabh tráchta ar an mbóthar tadhlaigh san áit ina bhfuil brú tráchta i láthair;
- Forbairt chónaitheach a sháraíonn 200 áitreabh;
- Forbairt mhiondíola agus fhóillíochta a sháraíonn 1,000 m²;
- Forbairt tionsclaíoch a sháraíonn 5,000 m², agus;
- Dáileadh agus ollstóráil a sháraíonn 10,000 m².

POL BONN 35 Chun cothromú a dhéanamh ar an riachtanas le haghaidh leibhéal oiriúnach d'áiseanna páirceála carrchlóis i gcoinne fachtóirí na hinrochtana chuig modhanna iompair seachas an gluaisteán príobháideach ag déanamh iarratas ag láithreacha forbartha ar leithligh, ar mhaithe le suim foriomlán an chleachtais talamhúsáide inbhuanaithe.

CUSPÓIRÍ

CUS BONN 10 Chun forbairt agus forfheidhmiú a dhéanamh, i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, ar chlár le haghaidh uasghrádú, feabhsú agus cothabháil an ghréasáin Bóithre Náisiúnta laistigh den chontae.

CUS BONN 11 Chun forbairt agus forfheidhmiú a dhéanamh, i gcomhairle leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, ar chlár le haghaidh uasghrádú, feabhsú agus cothabháil an ghréasáin bóithre náisiúnta sa chontae.

CUS BONN 12 Chun forfheidhmiú a dhéanamh ar chlár bearta bainistíochta páirceála agus tráchta i mbailte agus sráidbhailte ar fud an chontae, de réir mar a cheadaíonn na hacmhainní.

CUS BONN 13 Chun deimhniú a dhéanamh ar sholáthar leibhéal oiriúnach d'áiseanna páirceála feithicle i bhforbairtí nua de réir na caighdeáin a leagtar amach i gCaibidil 10.

CUS BONN 14 Chun éascú agus daingniú a dhéanamh ar sholáthar na scéimeanna Bóthair Náisiúnta beartaithe seo a leanas i gCo. na Mí.

Ainm na Scéime	Cur Síos ar na hOibreacha
QBC Dhún Seachlainn (Céim 2)	Claochlú agus leathnú an charrbhealaigh chun soláthar le haghaidh lána bus ar an mbóthar theas go Dún Seachlainn.
N51 - Bóthar Faoisimh Laistigh na hUaimhe-Céim 2(b)	Feabhsú acomhail
N51 - Bóthar Faoisimh Laistigh na hUaimhe-Céim 2(a)-claochlú dhá bhealaigh	Atógáil agus athdhearadh cosáin
N51 - Ath-aillniú Dhún Mó -Céim 1	Tógáil agus láidriú
N52 - Droichead na Gléibe	Athchur an droichid áirse cloiche eiseach ar an N52 idir Ceanannas & Baile Átha Fhirdhia
N3 - Acomhal an Arch Bar	Feabhsú agus láidriú acomhail
N3 - Baile Clamhain	Atógáil agus láidriú cosáin
N52 - Droichead Chearbhalláin	Atógáil agus láidriú cosáin
N3 - Sráideanna na hUaimhe	Atógáil agus láidriú cosáin
N3 - Bóthar Ceanannais, trasnú Iarnróid go Newgate	Atógáil agus láidriú cosáin
N3 - Sráid Eoin / Sráid an Chaisleáin-Ceanannas	Atógáil agus láidriú cosáin
N2-Ráth go Crickstown	Atógáil agus láidriú cosáin
Tírdhreachú an M1	Tírdhreachú
Baile Iúiliáin (Sean-Bhóthar)	Láidriú agus scéim um cheannsó tráchta
N2 Acomhal Bhaile an Rátha	Feabhsú agus láidriú acomhail
QBC Bhaile an Bhreáigh	Comharthaíocht agus líniú ar lána bus nua-thógtha

CUS BONN 15 Chun tacú le feabhsuithe bóthair móra agus scéimeanna bóithre náisiúnta beartaithe trí na conairí dá leithéid seo de bhealaí a choinneáil saor ó fhorbairtí, a chuirfeadh isteach ar an soláthar dá leithéid de thairiscintí.

Ainm na Scéime	Cur Síos ar na hOibreacha
M3-Mótarbhealach Chluain Aodha go tuaisceart Ceanannais	60 km Mótarbhealach PPP. Áirítear seachbhóithre de Dhún Búinne, Dún Seachlainn, An Uaimh & Ceanannas
Seachbhóthar Bhaile Shláine an N2	Seachbhóthar Bhaile Shláine an N2 ag ionchorprú droichead nua thar Abha na Bóinne

CUS BONN 16 Chun uasghrádú, feabhsú, láidriú agus ailíniú a dhéanamh ar na Bóithre Réigiúnacha seo a leanas:

Bóthar Uimh.	Suíomh	Bóthar Uimh.	Suíomh
R150	Damhliag-Cill Searbháin (Céim 2)	R155-48	Ratoath Inn-Lána an Choimín
R161	An Uaimh-Baile Átha Troim	R156-228	Sarney-Dún Búinne
R158	Baile Átha Troim-Cnoc an Linsigh-Cill Choca	R125-28	An Mullach-Phepotstown
R154	Baile Áthar Troim-Scurlockstown	R154-384	Bealach isteach an deiscirt chuig Baile an Bhóthair
R153-R161			
(Pas 2)	Bóthar Bhaile Átha Cliath - Bóthar Bhaile Átha Troim san Uaimh ag ceangal an N3 leis an R161	R156-260-	Droichead Uí Bhaolláin-Loch Sallach
R153	Cros na hUaimhe-Bhaile na Rátha	R157-26	Cnoc Ash chuig teorann chontae Chill Dara
R154	Baile Phádraig-An Seanchaisleán	R125-162	Ninemilestone-Lána Kilbrew
R125 / R155	Acomhal Bóithre Dún Seachlainn / Tigh na Síog sa Ráth Tó	R125-157	Droichead Mhaidilín-Faiche an tSráidbhaile
R162	Boynabough	R125-101	Dún Seachlainn-Droim Rí
R163-L142	An Iúrach Mor (Ceantar Cheanannais)	R156-213	Tua i dtreo Dún Búinne
R154-66	Baile Phádraig	R157-33	Balla Carton-Droichead Uíbh Fhailí
R164-L 141	Feebog	R125-162	Ninemilestone-Lána Chill Rú
R165-21	Rathlagan	R125-118	Cros Loch Gabhar-Bonestown
R195-24	An Seanchaisleán	R155-0	Scoil an Churraigh-Cros Mhic Roibín
R163-L120	Sydenrath	R132-322	Trí Bhaile Mhic Gabhann
R164-156	Piercetown / Baile Forda	R108-79	Trí Gibblockstown, Tullog & Hodgestown
R154-20	An Seanchaisleán	R150-18	Trí bailte fearainn Bhaile Uí Mhornáin & Dhomhnach Chearnaigh Bheag
R159	Summerstown	R163-4	Trí bhailte fearainn Rushwee agus Castlepark
R159	Glegarrow	R150-142	Tríbhailte fearainn Garballagh & Mulach an Finn
R160	Baile na mBreatnach	R108-10	Trí bhailte fearainn an Bhéibeach Mór agus Bhaile na gCailleach
R160	Ardanew	R152-16	Trí Carranstown
R156	Baile an Bhóthair	R108-53	Trí bhailte fearainn Aghteelin & Mullaghteelin
R156	Bóthar Chnoc an Linsigh, Baile Átha Troim	R150-192	Ó Thuaidh ó Bhaile an Cheantaigh
R159	Possextown	R162-127	Ó dheas ó Bhaile Bhailcín
R159	Baile Bogúin	R153-29	Baile an Bhrúnaigh
R159	Bóthar Bhaile Átha Troim (Ráth Moliain)	R162-118	Baile Bhailcín
R156	Baile Roibín	R150-176	Baile an Cheantaigh
R156	Isaacstown	R154-384	Ó thuaidh ó Pháirc na Coille
R401	Páirc	R125-194	Droichead Fhileastún - Séipéal an Domhnaigh Mhóir

CUS BONN 17

Dul i dteagmháil le Comhairle Chontae Chill Dara in aitheantas, dearadh, cur in áirithe agus seachadadh na rannóige den Bhóthar Faoisimh Mhaigh Nuad Seachtrach atá suite laistigh de cheantar riaracháin Chomhairle Contae na Mí.

4.6 SEIRBHÍSÍ UISCE – SOLÁTHAR UISCE, SÉARACHAS AGUS DRAENÁIL

Cúlra

Is bunriachtanais bonneagracha iad soláthar uisce agus cóireáil agus diúscairt fuíolluisce le haghaidh aon fhorbairt, go háirithe dóibh siúd de nádúr uirbeach. Ba cheart go dtacódh agus go n-éascódh soláthar seirbhísí dá leithéid an fhorbairt inbhuanaithe den chontae i gcomhréir le hordlathas agus beartú tosaíochta lonnaíochta na gclachan dinimiciúla eacnamaíocha arna uchtú ag an gComhairle. Ní mór don mheasúnú straitéiseach do sheirbhísí uisce a bheith meabhrach faoi stádas chaighdeán an uisce in uiscí dromchla a cheapadh chun freastal ar ionaid forbartha.

SPRIOC

An comhshaol a chosaint fad is a chinntítear na caighdeáin is airde is féidir i soláthar raon seirbhísí atá riachtanach d'fhorbairt uirbeach agus do shábháilteacht an daonra.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ)

Tá ról príomha ag an RCORÁ i soláthar agus i bhforbairt bhonneagair fhisiceach na tíre. Tá an chreatlach reachtach agus polasaí atá ann i bhfeidhm chun seachadadh an bhonneagair seirbhísí uisce a chinntiú i tslí atá éifeachtach ó thaobh costais de d'fhonn forbairt inbhuanaithe, eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach. Is de fhreagracht na n-Údarás Áitiúla é soláthar iarbhir na seirbhísí uisce agus fuíolluisce, agus i gcásanna áirithe tá comhoibriú ag teastáil ó údarais chomharsanachta. Faightear maoiniú do chlár bhonneagair ón gClár Mór Infheistíochta don chuid is mó.

I ngach cás, maoiníonn an RCORÁ céatadán áirithe leis an gcuid eile den mhaoiniú ag teacht ón Údarás Áitiúil. Is féidir cistí na n-Údarás Áitiúla a fháil ar ais ó thobhaigh pleanála intíre agus neamh-intíre nó tríd an polasaí náisiúnta um praghsáil uisce.

Tá Clár na RCORÁ um Uisce agus Seirbhísí Fuíolluisce roinnte i dhá phríomh eilimintí go bunúsach:

- Príomh-scéimeanna uisce poiblí agus fuíolluisce (séarachas), agus;
- Seirbhísí uisce tuaithe agus scéimeanna grúpa.

Mar chuid den Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce (WSIP) foriomlán, tá líon tionscnaimh spriocdhírithe le cuspoirí sainiúla acu. Baineann siad seo le:

- Caomhnú Uisce;
- Bainistiú Dríodair;
- Tionscnamh Talún le Seirbhísí, agus;
- Tionscnamh na mBailte agus Sráidbhailte Tuaithe.

Tá ar Chomhairle Chontae na Mí measúnú riachtanais a ullmhú d'uibreacha caipitiúla Seirbhísí Uisce. Is é phríomh chuspóir an mheasúnaithe ná plean infheistíochta straitéiseach foriomlán a fhorbairt don chontae do mheán-téarma chun freastal ar an éileamh tuartha agus chun clár oibreacha a leagadh amach a chomhlíonfaidh riachtanais na seirbhísí uisce aitheanta. Is iad na príomh chuspóirí de na cláir ná soláthar uisce cuí a chur ar fáil, ag cloí le rialacháin um uisce óil le haghaidh úsáid teaghlaigh, tionsclaíochta, talmhaíochta agus úsáidí eile agus chun diúscairt sábháilte an tséarachais agus fuíll eile a bhíonn in uisce a sholáthar. Cuspóir tábhachtach den chlár ná riachtanais na dTeoracha AE um Chóireáil Fhuíolluisce Uirbigh agus Uisce Óil a chomhlíonadh. Is í aidhm an Chláir Uisce Tuaithe easnaimh cháilíochta agus acmhainneachta i soláthairtí uisce tuaithe a hathchóiriú. Fógraíodh an Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2005-2007 don Mhí i nDeireadh Fómhair 2005, agus is ionann a chostas measta agus €286m.

Treoirínte Pleanála Réigiúnacha

Admhaíonn na RPGanna leibhéal suntasach na hinfeistíochta a chuireadh isteach i mbonneagar na seirbhísí ag Údarás Phleanála in éineacht leis na Ranna Rialtais ábhartha mar fhreagra ar an bhfás daonra méadaithe agus éileamh suntasach ar thithíocht.

Iarann na RPGanna ar na hÚdarás Phleanála:

- Éascú a dhéanamh ar an infheistíocht leanúnach i gcaomhnú uisce;
- Dul i dteagmháil agus comhoibriú lena chéile agus le comhlachtaí ábhartha eile chun an fhorbairt de phríomh-fhoinsí fadtéarmach nua a bhrostú d'fhonn slándáil an tsoláthair uisce a chinntiú do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- Forfheidhmiú moltaí an Greater Dublin Strategic Drainage Study a chinntiú agus éascú a dhéanamh ar an infheistíocht mhór in athshlánú shéaraigh, agus;
- An forfheidhmiú tráthúil de chuspóirí na Teorach AE um Chreatlach Uisce a chinntiú fad is a aithnítear an tábhacht a bhaineann le caighdeán agus méid an uisce a chothabháil ar fud an réigiúin trí úsáid inbhuanaithe an uisce a chur chun cinn d'fhonn é a choimeád mar phríomh-ábhar sna héiceachórais.

Tá sé sprioc straitéiseacha sna Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus tá roinnt cuspóirí a n-iarann na spriocanna seo a bhaint amach le gach ceann dóibh. Ós rud é go mbaineann siad le bonneagar seirbhísí drabhláis, baineadh na spriocanna, cuspóirí agus moltaí seo a leanas amach as an Straitéis.

- 1) Iarann Sprioc 4 "inbhuanaitheacht a chur chun cinn", agus meas a bheith aici ar chreatlaí uisce agus chóireáil uisce.
- 2) Iarann Cuspóir 4.1 "lonnaíochtaí a dhaingniú d'fhonn a chinntiú go bhfuil líonraí uisce cábla inmharthana agus soláimhsithe, agus go gcoimeádtar úsáid na dtoibreacha go íosmhéid; chun an gá le haghaidh umair seipteacha a íoslaghdú agus cathrú gan seirbhísí thar uiscígh a sheachaint."
- 3) Iarann Cuspóir 4.2 "pátrún lonnaíochta a chomhordú le pleananna straitéiseacha le haghaidh (a) bainistiú acmhainní uisce agus (b) bainistiú agus diúscairt dramhaíola."
- 4) Moladh 8.7: Ba cheart dul chun cinn a chothabháil i bhforfheidhmiú na dtionscadal bonneagair bheartaithe agus chlárúithe um seirbhísí sláintíochta go léir.
- 5) Moladh 8.10: Ba cheart don phleanáil le haghaidh soláthar na soláthairtí uisce fadtéarmacha do limistéar Bhaile Átha Cliatha atá faoi fhoirgnimh agus codanna de cheantar na cúlchríche dul chun cinn mar ábhar tosaíochta. Tá infheistíocht leanúnach in athshlánú na bpríomhlíonraí riachtanach chomh maith.

- 6) Moladh 8.11: Ba cheart a thuilleadh forbartha chuig córais na Bóinne agus na Bearú curtha chun cinn d'fhonn uisce a sholáthar.
- 7) Nuair atá tailte sa bhreis á chríosú le haghaidh úsáid chónaitheach, sainíonn Moladh 7.10 gur chóir d'Údarás Phleanála tailte a roghnú, a chloíonn le trí chritéir sainithe amháin, ceann acu atá leagtha amach thíos mar chumas aitheanta le haghaidh seirbhísí ag soláthar uisce, draenáil, s.r.l. Seachas foráil teoranta le haghaidh riachtanais áitiúla, níor chóir tailte nach gclóíonn le na critéir seo a chríosú.

Agus a straitéis, polasaithe agus cuspóirí féin á chumadh aige, ní mór don Údarás Pleanála meas a bheith aige ar an treoir thuas.

Comhthéacs Polasaí Áitiúil

Thar saolré an Phlean Forbartha Contae 2001 - 2007 agus toisc méaduithe daonra suntasacha agus barr-leibhéil na forbartha cónaithí nua, bhraith bonneagar eisigh an chontae um sheirbhísí sláintíochta méadú drámata i mbrú agus tá sé ag streachailt anois chun freastal ar scála agus luas na forbartha. Forbraíodh an Measúnú Riachtanas Seirbhísí Uisce 1999 ar an daonra sílte de Chontae na Mí i 2011 de 150,000 daoine. Chuathas thar an daonra seo i 2005 agus tá sé tuartha le fás go dtí 207,000 - 210,000 daoine faoi 2013. Fad is atá freagra á thabhairt ar an bhfás seo i bhfoirm infheistíocht suntasach atá dírithe ar bhonneagar na seirbhísí, tá fás leanúnach an chontae teoranta sa ghearrthéarma toisc easpa acmhainneacht i mbonneagar uisce agus fuíolluisce araon in áiteanna éagsúla ar fud an chontae.

Ní mór do Chomhairle Contae na Mí, trína Phlean Forbartha, coinneáil le straitéis a chinntíonn infhaighteacht an tsoláthair uisce agus an bhonneagair bailiúcháin agus cóireála fuíolluisce chun freastal ar na leibhéil fáis ionchais don Chontae. Chuige seo, tá ar Chomhairle Contae na Mí measúnú riachtanais a ullmhú d'oibreacha caipitiúla Seirbhísí Uisce. Is é phríomh chuspóir an mheasúnaithe ná plean infheistíochta straitéiseach foriomlán a fhorbairt don chontae don mheán-téarma chun freastal ar an éileamh tuartha agus chun clár oibreacha a leagadh amach a chomhlíonfaidh riachtanais na seirbhísí uisce aitheanta.

Tá cur chuige comhtháite um pleanáil do sholáthar na seirbhísí uisce bunriachtanach i gcóir seachadadh na lonnaíochta beartaithe agus na straitéise forbartha eacnamaíche. Agus meas aige ar leasuithe ordlathais na lonnaíochta atá beartaithe i ndiaidh a chéile le leibhéal na n-aonad tithíochta atá le bheith dailte i ngach lárionad atá sa Phlean Forbartha seo, measadh go raibh sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar bheartú tosaíochta na dtionscadal indibhidiúla atá sa Mheasúnú Riachtanais Seirbhísí Uisce 1999. Tá sé fíor-riachtanach go bhfuil an bonneagar seirbhísí uisce riachtanach ar fáil sna Bailte le Fás Mór agus Measártha iontu mar ábhar tosaíochta. I mBealtaine 2004, chuir an RCORÁ an Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce náisiúnta i bhfeidhmiú céimneach chun an tréimhse 2005 - 2007 a chlúdach. Níor áirigh an WSIP náisiúnta ach 6 cinn de na 26 scéimeanna atá liostaithe sa Mheasúnú Riachtanais Seirbhísí Uisce uchtaithe. Mura bhfuil scéim san áireamh sa WSIP reatha, níl mórán seans maoiniú RCORÁ a fháil. Dá bharr sin is rithabhachtach an gá chun tionscadail a chur in ord tosaíochta.

Tugtar faoi deara go bhfuil Measúnú Dréachta Riachtanais an Chláir Infheistíochta Seirbhísí Uisce (2007 - 2013) ullmhaithe ag Chomhairle Contae na Mí i gcomhréir leis an imlitir L2/06 arna eisiúint ag an RCORÁ i rith an tsamhraidh 2006. Léiríonn agus tacaíonn an Measúnú Riachtanais den Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce nua polasaithe agus cuspóirí an Phlean Forbartha seo agus tá an spriocdháta céanna aige.

4.6.1

Soláthar Uisce

I dteannta an fháis chónaithigh agus eacnamaíoch measta, i measc na príomh tiománaithe athraithe sa chomhshaol feidhmitheach ina soláthraítear seirbhísí uisce ónar uchtaíodh an Plean Forbartha Chontae na Mí 2001 - 2007 tá:

- Creatlach an Rialtais um Praghsáil Uisce;
- Cuir chuige nua um Bhainistiú Tionscadail agus Soláthair Seirbhíse;
- Caighdeán Chomhshaoil Mhéadaithe arna fhorchuir ag Reachtaíocht Eorpach agus Náisiúnta, agus;
- Leibhéil seirbhíse a fheabhsú áit a bhfuil siad gann.

Soláthraítear na hacmhainní soláthair uisce sa Mhí trí astarraingt uisce dromchla nó screamhuisce .i. ó aibhneacha, locha agus tollphoill. Le deacrachtaí ag teacht chun cinn i leibhéil astarraingthe méadaithe ó na príomh aibhneacha chun freastal ar an éileamh, is léir go leagfar spleáchas níos mó ar screamhuisce chun an t-éileamh méadaithe a shásamh go háirithe i dtreo oirthir agus oirdheiscirt an chontae.

Tá seirbhísíú lárionaid uirbeacha áirithe in oirdheiscirt an chontae (Cill Dhéagláin, Conair Pace / Cluain Aodha / Dún Búinne, Ráth Tó, Dún Seachlainn agus Cill Choca) agus le hais an cósta thoir (Púrláin Droichead Átha, Baile an Bhiataigh, Bóthar na hInse, Baile Uí Mhornaín Thoir, Domhnach Chearnaigh agus Baile Iúliáin) ar dháileadh na hacmhainneachta nó toirte a aontaíodh ó Údarás Áitiúla tadhla. Bhí agus tá soláthar na seirbhísí fós mar chúis deacrachtaí dá fhorbairt leanta toisc fad na mbailte seo ó phríomh dobharcheantair draenála. Tá soláthar na seirbhísí seo deacair ar bhonn eacnamaíochta agus teicniúla araon ina bhfuil freagraí réigiúnacha ag teastáil a áiríonn comhoibriú na nÚdarás Áitiúla tadhla.



D'aithin an Straitéis Tithíochta go dtógfar 29,508 aonad tithíochta sa bhreis i limistéar na Mí ó Eanáir 1ú 2007 go dtí Mí na Nollag 31ú 2013. Ina theannta sin, tá éilimh mheasta ó riachtanais tionsclaíochta, gnó agus tráchtála. Is dúshlán fíor-shuntasach do Ranna Bonneagair agus Pleanála de chuid Chomhairle Contae na Mí é soláthar na seirbhísí uisce agus draenála chun freastal ar an leathnú tuartha. Beidh formhór de bhonneagar na seirbhísí uisce de chuid an chontae uasghrádaithe nó athchurtha chun freastal ar na héilimh tuartha suas go dtí agus ina dhiaidh 2013, ar comhréir le saol an Phlean Forbartha Contae nua. Mar thoradh ar seo beidh tréimhse ullmhúcháin don fhorbairt atá ar comhréir leis an bpas tógála, áfach.

Déanann na Ranna Bonneagair agus Comhshaoil de chuid Chomhairle Contae na Mí maoirsiú ar na cláir seo a leanas maidir le seirbhísí uisce:

Scéimeanna Caipitiúla (do sheirbhísí uisce agus fuíolluisce araon);
 Uisce Tuaithe;
 Caomhnú Uisce, agus;
 Monatóireacht Uisce – Caighdeán an Uisce.

1. Scéimeanna Caipitiúla

Rinneadh dul chun cinn suntasach i soláthar bonneagair na seirbhísí uisce i gContae na Mí. Ó 2000 i leith, tá 59 scéimeanna uimh. ag céimeanna dul chun cinn éagsúla. Ní fhéadfadh leibhéal an fháis daonra a chonacthas thar an cúig nó sé bliana deireanach tarlú gan an infheistíocht an-suntasach i dtionscadail seirbhísí uisce. Tá an infheistíocht tar éis timpeall 50,000 PE d'acmhainneacht cóireála fuíolluisce agus 30,000 PE d'acmhainneacht uisce a sholáthar cheana féin. Is é €523 milliúin costas iomlán na dtionscadal seo.

2. An Clár Uisce Tuaithe

Tá an Clár Uisce Tuaithe á riar ag na hÚdaráis Áitiúla agus is é atá ann ná líon bearta chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh in:

- Grúpscéimeanna Uisce;
- Córais Uisce Poiblí agus Séarachais Beaga i sráidbhaile tuaithe, agus;
- Soláthairtí Indibhidiúla Príobháideacha nuair nach bhfuil grúpsoláthar nó soláthar poiblí eile ar fáil.

Clúdaíonn uisce tuaithe dhá earnáil faoi leith, is iad sin grúpscéimeanna agus scéimeanna beaga. Tá earnáil grúpscéime gníomhach i gCo. na Mí. Is é atá sna scéimeanna beaga ná feabhsuithe ar an mbonneagar don chuid is mó agus tá teorainn tairsí de €635,000 acu. Forbraíodh níos mó ná 40 scéimeanna uimh. a tháinig chuig €3.75m ar an iomlán thar an cúig bliana seo caite. Ba grúpscéimeanna uisce iad na scéimeanna seo go léir beagnach ina raibh leathnú na soláthairtí poiblí chuig pobail tuaithe i gceist, ag baint a gcuid spleáchas mar sin ar uisce ó thobreacha a bhíonn de droch-chaighdeán go minic.

3. Caomhnú Uisce

Is é atá i gceist le Caomhnú Uisce ná aimsiú agus deisiú sceite uisce. Cuireadh dhá thionscadal um chaomhnú uisce chun críche sa Mhí, is iad sin an Uaimh agus an Mhí-Láir i 2001 ag costas €2.4 milliúin agus an Mhí Thoir i 2002 ag costas €1.2 milliúin. Tháinig rath an-suntasach mar thoradh ar na tionscadail seo agus gan amhlaidh, ní bheadh leibhéal na forbartha a tharla éascaithe le blianta beaga anuas. Tá an Roinn tar éis maoiniú de €16.5 milliúin a dháileadh chun caomhnú uisce a leathnú don tír ar fad.

Is é 60% leibhéal tipiciúil an uisce gan tuairisc air laistigh den Mhí. Is é is brí leis seo ná le haghaidh gach 10 lítear d'uisce a táirtgear, cuirtear 6 lítear amú trí fhaillí na gcustaiméirí, píobáin atá sceitheadh nó trí naisc neamhdhleathacha nó anaithnid. Faoin tionscadal nua, is í an aidhm ná é seo a laghdú chuig na leibhéil sceite eacnamaíocha aitheanta a théann i raon ó 25-35% de ghnáth. Is acmhainn lómhar í uisce atá costasach chun cóireála agus seachadta agus is gá é a chosaint. Tá oideachas, meabhraíocht agus páirteachas méadaithe ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar ceist na faillí tomhaltóra. Cuirfidh an RCORÁ faoi deara leibhéil sceite eacnamaíocha a bheith bainte amach sula ngeallann siad maoiniú chuig scéimeanna uisce móra nua, a leagann béim ar thábhacht caomhnú uisce i gCo. na Mí.

4. Monatóireacht Uisce

Déileálar leis seo i Rannóg na Cáilíochta Uisce. (Féach Rannóg 4.7)

4.6.2 Cóireáil Uisce

I dteannta le cóireáil agus dáileadh an uisce óil, tá Údaráis Áitiúla freagrach as bailiúchán agus diúscairt fuíolluisce agus bainistíocht uisce stoirme chomh maith, ina n-áirítear bailiúchán agus diúscairt. Bailíonn an córas draenála camras salach, eisilteach tionsclaíoch agus uisce báistí, ar chóir a bheith go léir scaoilte nó cóireáilte fad is a íoslaghdaítear na tionchair de riosca tuile nó na tionchair chomhshaoil ag an am céanna.

Tá líon mór shruthchúrsaí ina scaoileann Comhairle Contae na Mí eisilteach iontu óna ghléasraí cóireála fuíolluisce bardasacha agus ina scaoiltear go príobháideach é le ceadúnas eisithe ag an Roinn Comhshaoil de Chomhairle Contae na Mí. Seasann acmhainneacht súiteach na sruthchúrsaí seo do shócmhainn suntasach chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt laistigh den chontae ar choinníoll go dtaispeánann siad géilliúlacht leis an gá chun comhlíonadh le caighdeán 'dea-cháilíochta' de réir mar a iarrtar faoin Treoir um Chreatlach Uisce.

Tá an bonneagar draenála uisce salach agus uisce stoirme tar éis streachailt chun fanacht ar chomhchéim leis an éileamh méadaithe ar thalamh nua le seirbhísí le haghaidh tithíocht, forbairtí tráchtála agus tionscal sa chontae thar chúrsa an Phlean Forbartha Contae 2001 - 2007. Táirgeann forbairt nua leibhéil chathraithe méadaithe, as a dtiocfaidh:

- Laghdú i gcaighdeán ár uiscí dromchla, screamhuiscí, inbhir agus cois cósta;
- Cailliúint éagsúlachta, chonláiste agus ghnáthóg bitheolaíochta, agus;
- Freagra rith chun srutha luasghéaraithe as a dtiocfaidh leibhéil tuile níos airde agus cailliúint athlónadh screamhuisce.

Tá measúnú d'acmhainneacht an bhonneagair eisidh, d'acmhainneacht súiteach na sruthchúrsaí, tionchar an doirte go dtí na sruthchúrsaí, chomh maith le pleananna le haghaidh agus sonraí na n-uasghráduithe á thiomsú faoi láthair laistigh den Chomhairle. Is léir rólódáil na gcóras eisidh ó dhearóiliú mór i gcaighdeán an uisce, rioscaí tuile mhéadaithe agus imní nach bhfuil a dhóthain cumais ag an gcóras draenála ná ag na gléasraí cóireála fuíolluisce chun freastal ar fhorbairt sa todhchaí. Mar a imlíníodh thuas, tá Comhairle Contae na Mí tiomanta do chaighdeán riachtanacha um cháilíocht an uisce a bhaint amach faoi 2015 de réir mar a iarrtar faoin Treoir um Chreatlach Uisce. Beidh Pleananna Bainistíochta na hAbhantraí, arna ullmhú i gcomhréir leis an Treoir um Chreatlach Uisce i bhfeidhm faoi 2009, le spriocdháta 6 bliana chun gníomhaíochtaí ceartaithíocha agus bonneagar riachtanach a sheachadadh.

Ina theannta sin, tá bagairtí seachtracha sa bhreis ann in éineacht le feidhmiúlacht an bhonneagair draenála. Laghdóidh na tionchair den athrú aeráide, leibhéal seirbhíse na gcóras draenála toisc déine báistí méadaithe agus leibhéal na farraige. Leanfaidh sreabhadh insreafa, insíothlaithe agus eis-síothlaithe ag déanamh comhréiteach ar acmhainneacht na gcóras séarachais agus cóireála chun seirbhís a sholáthar d'fhorbairt amach anseo.

Tá forbairt agus forleathnú córais draenála fuíolluisce agus uisce dromchla an Chontae bunriachtanach i gcóir an fhorbairt inbhuanaithe amach anseo den Chontae agus do fheabhsú caighdeán an uisce sa cheantar. Chuir an Chomhairle, in éineacht le hÚdarás Áitiúla eile i Mórcheantar Bhaile Átha Cliatha, staidéar mór i gcrích faoi na riachtanais draenála do réigiún Bhaile Átha Cliath ar fad don tréimhse go dtí 2031 agus ina dhiaidh. Cuireadh tús leis an staidéar seo, an Greater Dublin Strategic Drainage Study (GSDSDS) i 2001 chun anailísiú a dhéanamh ar an gcóras draenála eisigh i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, ina n-áirítear Oirdheisirt na Mí agus chun moltaí a dhéanamh ar pholasaithe agus riachtanais draenála don todhchaí. Ceann de bhunspríocanna inghnóthaithe an tionscadail ná moltaí le haghaidh an bonneagair draenála réigiúnach chun freastal ar an bhforbairt go dtí 2031. Is iad an GSDSDS i dteannta leis an WSIP don Mhí (a imlíníodh sa rannóg roimhe seo) an dá cháipéis is tábhachtaí, a riarann polasaí an bhonneagair atá sa Phlean Forbartha seo.

4.6.3 Staidéar Draenála Straitéiseach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Foilsíodh an GSDSDS i 2005 agus cuireann sé an treoirphlean ar fáil chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe agus chun éascú a dhéanamh ar riachtanais tithíochta sa Réigiún amach anseo le haghaidh tréimhse tríocha bliain agus ina dhiaidh. Cuirfidh sé feabhas ar an gcóras chomh maith chun riachtanais na dTeoracha AE a chomhlíonadh. Ar mhaithe coimre agus soiléireachta, tá na moltaí imlínithe anseo thíos, ós rud é go bhfuil tionchar díreach acu ar dhréachtú na gcuspóirí agus na bpolasaithe atá sa Phlean Forbartha seo.

Príomh Chonclúidí an Staidéir

- 1) Tá gléasra mór cóireála fuíolluisce nua de dhíth ar líne an chósta Bhaile Átha Cliath Thuaidh i dteannta leis an leathnú beartaithe de Ghléasra Cóireála Fuíolluisce na Rinne;
- 2) Tá cuar-séarach atá 22km ar fhad de dhíth chun an gléasra Bhaile Átha Cliath Thuaidh nua a cheangal le Baile Átha Cliath Theas agus Thiar agus le dobharcheantair chónagaracha sa Mhí agus i gCill Dara;
- 3) Beidh oibreacha uasghrádaithe de dhíth ar na gléasraí cóireála fuíolluisce eisigh go léir i mBaile Átha Cliath;
- 4) Tá feabhsuithe an-suntasacha don bhonneagar áitiúil de dhíth ar fud Réigiúin Bhaile Átha Cliath, agus;
- 5) Tá cleachtais draenála nua de dhíth ó fhorbróirí agus ón tionscal.

Tá na polasaithe nasctha ann féin agus clúdaíonn siad roinnt mhaith réimsí príomha, ina n-áirítear:

- Bonneagar Draenála Eisigh agus conas an úsáid is fearr a bhaint as na sócmhainní eisigh agus conas a dtionchar ar shruthchúrsaí an réigiúin a íoslaghdú;
- Forbairt Nua agus conas tionchar na forbartha ar an gcomhshaol a íoslaghdú amach anseo, go háirithe ar na sruthchúrsaí;
- Íoslaigh agus conas íoslaigh a chosaint ó tuile séaraigh, agus
- Athrú Aeráide agus cad ba chóir a dhéanamh, más ann, chun ullmhú le haghaidh leibhéil farraige níos airde agus déine báistí níos mó - an toradh tuartha d'athrú aeráide.

Impleachtaí an GDSDS do Chontae na Mí

Tá Ráth Tó agus Cill Dhéagláin suite ar an imeall iarthuaisceart de dhobharcheantar an tSéaraigh 9C (Baile Bhlainséir), a cheanglaíonn le líonra na bpiobán Bhaile Átha Cliath a théann go dtí gléasra cóireála na Rinne. Ar an gcuma céanna, tréigeadh na hOibreacha Cóireála Fuíolluisce (OCFu) chomh maith agus aistríodh na sreabhaidh trí mheán na domhantarraingthe go dtí Cluain Aodha, agus uaidh sin go dtí an Séarach 9C i mBaile Bhlainséir. Toisc an fás suntasach sa daonra cónaitheach agus in earnálacha eile, tá sé intuigthe go bhfuil Comhairle Contae na Mí tar éis a dháileadh coibhéise daonra (PE) a bhaint amach. Tá rólódáil an chórais séaraigh dianaithe ag leibhéal an insíothlaithe. Is fadhb mhór í insreabhadh agus insíothlú uisce dromchla isteach sa líonra séarachais. Tagann suas go dtí 25% den bhunshreabhadh sa cuar-séarach i gCo. na Mí ó insíothlú, le rátaí insíothlaithe níos airde feicthe i gCill Dhéagláin. Ní mór do na córais draenála nua go léir a bheith séalaithe agus ní mór cigireacht a dhéanamh orthu ag am na tógála. Laghdóidh sé seo leibhéal an insíothlaithe go mór.

Riachtanais na Todhchaí

Tá Acmhainneacht Craobhe an tSéaraigh 9C sáraithe leis an éileamh forbartha reatha toisc insreabhaidh stoirme agus forbairt dobharcheantair mhéadaithe, ina n-áirítear naisc na Mí ó Chonair Pace / Cluain Aodha / Dún Búinne, Cill Dhéagláin agus Ráth Tó. Tá an córas um bailiúchán agus chur ar aghaidh séaraigh do Chill Dhéagláin agus Ráth Tó neamhleor go hiomlán do na leibhéil forbartha atá tuartha. Tá oibreacha uasghrádaithe de dhíth mar sin faoin mbliain 2011 i ndobharcheantair Ráth Tó agus Chill Dhéagláin leis an soláthar d'umar stórála i ngach dobharcheantar chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sceite agus tuile logánta. Tá uasghrádú caidéil bhunúsach ag teastáil (nó tá athsholáthar na stáisiún pumpála níos dóchúlú) agus athsholáthar na bpríomhlíonraí ardaithe eiseacha, a sholáthraíonn seirbhíse do stáisiún pumpála Ráth Tó agus Cill Dhéagláin. Tá tuilleadh oibreacha de dhíth i stáisiún pumpála Chill Bhríde chun acmhainneacha an phumpa a mhéadú. Tá stóráil ar-líne ag teastáil chomh maith i nDún Búinne chun aghaidh a thabhairt ar thuile áitiúil, atá tuartha le tarlú roimh 2011. Bheadh iomlán de timpeall 2,500m³ stórála ag teastáil.

Tá méaduithe móra cosúla sa sreabhaidh tuartha do dhobharcheantar Bhaile Bhlainséir le sruth agus is é an toradh ar seo ná go bhfuil tuile suntasach atá tuartha faoi 2011 anuas sa mhullach ar an Stoc Séaraigh 9C. Tá stoc séarach dúblach, ar an méid céanna don stoc séarach eisigh, ag teastáil ó Dhroichead Mhullach Eadrad chuig pointe cóngarach do sean Ráschúrsa Páirce an Fhionnuisce. Beidh ar an gcóras a bheith i bhfeidhm faoi 2011.

Réiteach Molta an GDSDS

Breathnaíodh ar ocht straitéis eile mar chuid den staidéar, mar iarracht chun srianta cóireála fuíolluisce a réiteach agus a dhíothú. Tá siad imlínte go mion sa 'pháipéar bán'. Agus meas aige ar na himpleachtaí teicniúla, comhshaoil, sóisialta agus polaitiúla, roghnaíodh an Rogha Cnámh Scéil Straitéise 2C ar deireadh. Bhreathnaigh an rogha ab fhearr i ndeireadh na dála ar WWTP nua (chun freastal ar 850,000 p.e.) ag Portrane, Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus líonra piopaí coimhdeacha agus stáisiúin pumpála le bheith mar an tslí ar aghaidh is inbhuanaithe. Thógfadh an gléasra cóireála réigiúnach nua seo eisilteach ó cheantair Bhaile Átha Cliath Theas, Fhine Gall Thiar agus oirdheiscirt na Mí (Cill Dhéagláin, Ráth Tó, Dún Búinne / Cluain Aodha). I dtéarmaí praiticiúla, is é a bheadh i gceist leis seo don Mhí ná nasc pumpáilte ón Mí go dtí cuar-séarach nua agus ar aghaidh go dtí an gléasra.

D'iarr an Straitéis ar laghdú in insíothlú agus feabhsuithe i gcóireáil an eisiltigh thionsclaíoch ag an bhfoinse (sreabhaidh chuig an gléasra a laghdú). Bheadh na gníomhaíochtaí seo a leanas de dhíth ar Chomhairle Contae na Mí sa ghearrthéarma (2011):

Séaraigh Chomhthreomhara agus Mór Uasghrádú Stórála	
Ráth Tó	Pumpaí a uasmhéadú ó 32 go 84 l/s; Stóráil 835 m3.
Cill Dhéagláin	Pumpaí a uasmhéadú ó 76 go 143 l/s; Stóráil 230 m3; Príomhlíonra Ardaithe Nua chuig Stáisiún Pampa Chill Bhríde.
Cill Dhéagláin (2031)	Pumpaí a uasmhéadú ó 143 go 191 l/s; Stóráil 1408 m3.
Cill Bhríde	Príomhlíonra Ardaithe Nua ó Chill Dhéagláin; Pumpaí a uasmhéadú ó 111 go Príomhlíonra Ardaithe 236 l/s Díreach go Stáisiún Pampa Chill Bhríde; An Príomhlíonra Ardaithe a athreorú go dtí an Séarach Forbartha nua (Séarach 9C)
Cill Bhríde (2031)	Pumpaí a uasmhéadú ó 236 go 279 l/s; An Príomhlíonra Ardaithe Eisigh a Thréigeadh go Séarach 9C; An Príomhlíonra Ardaithe a athreorú chuig an Cuar-Séarach.
Dún Búinne / Cluain Aodha	An píobán camrais eisigh a uasmhéadú go 1500 mm.

4.6.4 Measúnú Riachtanais Seirbhísí Uisce

Nuair a bhí Dréachtphlean Forbartha an Chontae á ullmhú, uchtaíodh an Measúnú Riachtanais an Chláir Infheistíochta Seirbhísí Uisce mar a bhí sé ansin, ag Comhairle Contae na Mí ar 3ú Samhain 2003. Bhí meas ag ullmhúchán an Mheasúnaithe seo ar luas na forbartha cónaithe a bhí ag tarlú ar fud an Chontae ach ar an ngá chun go mbeadh an fás cónaitheach seo cothrom le cruthú na fostaíochta chomh maith. D'aithin Measúnú Riachtanais Seirbhísí Uisce na Mí 26 tionscadal na seirbhísí uisce indibhidiúla a tháinig chuig iomlán measta de €151.8 milliúin (ag praghsanna 2003) a bhí de dhíth

chun éascú a dhéanamh ar uasghrádú / athsholáthar an bhonneagair easnamhach eisigh thar na blianta atá le teacht. Cuireadh na tionscadail seo in ord tosaíochta de réir ceantair an ghá is mó le meas ar na Treoiríne Pleanála Réigiúnacha do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, an Plean Forbartha Contae, acmhainneacht agus coinníoll na seirbhísí uisce eisigh, an t-éileamh ar fhorbairt, infhaighteacht na dtailte críosaithe agus coinníollacha comhshaoil. Tá an Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2005-2007 don Mhí agus an Measúnú Riachtanais Seirbhísí Uisce le fáil in Aghuisín I.

Mar a imlíníodh i réamhrá na rannóige seo, tá Measúnú Riachtanais an Chláir Infheistíochta Seirbhísí Uisce (2007 - 2013) ullmhaithe ag Comhairle Contae na Mí, i gcomhréir leis an Imlitir L2/06 arna eisiúint ag an RCORÁ. Léiríonn agus tacaíonn an Measúnú Riachtanais nua polasaithe agus cuspóirí an Phlean Forbartha seo agus tá an spriocdháta céanna aige. Tá liosta rangaithe de 31 Tionscadal Oibreacha Caipitiúla Seirbhísí Uisce sa Dréacht ag teacht chuig costas iomlán measta de €281.2 milliún a aithníodh le bheith i ngá infheistíocht suntasach sa ghearrthéarma go méantéarma, ar mhaithe aghaidh a thabhairt ar easnaimh bonneagracha tromchúiseacha eiseacha fad is atá foráil á dhéanamh ag an am céanna don chur chun cinn agus don fhorbairt inbhuanaithe de Chontae na Mí. Is é cuspóir na Comhairle infheistíocht a chur in áit tosaíochta agus a chur chun cinn i mBonneagar na Seirbhísí Uisce i gcomhréir le hOrdlathas na Lonnaíochta atá sa Phlean Forbartha seo.

Clachan Forbartha Príomha na hUaimhe, an Ceanannais & Bhaile Átha Troim

Tá an fás leanúnach den chlachan forbartha príomha sa Mhí, is é sin an Uaimh, Ceanannas agus Baile Átha Troim, rithábachtach chun na cuspóirí forbartha straitéiseacha den Phlean Forbartha seo a bhaint amach. Tá infhaighteacht na n-acmhainní uisce eiseacha den Abhainn Dubh, agus níos tabhachtaí fós, den Bhóinn, don fhorbairt inbhuanaithe leanúnach de na lárionaid seo rithábachtach. Faoi réir coinníollacha comhshaoil, eiceolaíochta agus cáilíochta uisce, is féidir soláthar uisce cuí a sholáthar agus méan chun fuíolluisce cóireála a chomhshamhlú d'fhonn freastal ar na leibhéil fáis mheasta thar tréimhse an phlean agus ina dhiaidh. Is é a bheidh i gceist leis seo ná uasghrádú na n-áiseanna eiseacha a sholáthraíonn seirbhísí do na lárionaid seo, faoi réir infhaighteachta an airgeadais riachtanach, mar seo a leanad:

An Uaimh

Soláthar Uisce - Astarraingt ón Abhainn Dubh i Lios Cartáin méadaithe ag astarraingt ón Bhóinn i gCill an Chairn. Tá an cumas chun freastal ar fhobairt suntasach san Uaimh ón soláthar eisigh teoranta. Is é an réiteach fadtéarmach ná forbairt na hastarraingte nua (ón Bhóinn) agus oibreacha cóireála uisce i mBaile an tSaoir (Soláthar na hUaimhe agus an Thoir-Láir). Tá an mion-dearadh den tionscadal seo faoi shiúl agus tá sé dlite le bheith críochnaithe i 2011. Tá réiteach idirthréimhseach de taiscumar a thógáil le seirbhísí ag teacht ó Oibreacha Cóireála Uisce Chill an Chairn ag céim an mhion-dearaidh agus meastar go dtógfar é roimh dheireadh 2008.

Fuíolluisce - Tá fuíolluisce ón Uaimh agus a phurláin láithreacha pumpáilte isteach i nGléasra Cóireála Fuíolluisce na hUaimhe (WwTP) i Ferganstown, ar an taobh theas den Bhóinn. Forbraíodh an infheistíocht bonneagrach suntasach seo faoin Scéim Mhéadaithe Séaracháis na hUaimhe agus tá sé deartha chun cóireáil a dhéanamh ar eiseilteach do dhaonra atá ar cóimhéid le 40,000, agus tá 5,000 de sin curtha in áirithe d'úsáid neamh-intíre. Is féidir an gléasra a leathnú i modh modúlach chun freastal ar dhaonra atá cothrom le 60,000, ós rud é go bhfuil a dhóthain tailte ar fáil ag an suíomh eisigh i Ferganstown. D'fhéadfadh go mbeadh an gléasra leathnaithe i ndeireadh na dála thar dearadh de chóibhéis daonra 60,000 ós rud é go bhfuil a dhóthain acmhainneachta súiteacha ag an mBóinn, cé go mbeadh tailte breise ag teastáil chun an Gléasra Ferganstown a mhéadú. Dearadh an líonra píobán eisigh a théann chuig an WwTP i Ferganstown chun freastal ar dhearadh deiridh de chóibhéis daonra de 60,000 agus sheasfadh sé don phríomh shrian dearaidh.

Faoi láthair, tá níos lú ná 8,000 P.E. ar fáil chun freastal ar na riachtanais fadtéarmacha den Uaimh. Tá uasghrádú an ghléasra cóireála eisigh de dhíth ón fhorbairt leanúnach den bhaile.

Is í an Uaimh an 'mol' ainmnithe um dhéileáil le dríodar bardasach de réir mar atá ainmnithe sa Phlean Bainistíochta Dríodair.

Baile Átha Troim

Soláthar Uisce: Tagann an soláthar uisce eisigh chuig an baile trí astarraingt ón Bhóinn. Tá na hoibreacha cóireála uisce eiseacha faoina lánacmhainneacht agus tá forbairt nua ag brath ar uasghrádú na n-oibreacha cóireála, atá dlite le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2007. D'áirigh an Measúnú Riachtanais an Chláir Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2007-2013 an Scéim Soláthair Uisce Bhaile Átha Troim / Chnoc an Linsigh / Ráth Moliain, bíodh go bhfuil sé sa naoú áit déag. Tá sé beartaithe an dá bhaile seo a nascadh don Ghléasra Cóireála Uisce nua i mBaile an Dódaigh, in aice An Uaimh agus soláthairtí idirthréimhseacha eiseacha a dhíchoimisiúnú ag an gcéim sin.

Fuíolluisce: Rinneadh uasghrádú le déanaí ar na hOibreacha Cóireála Fuíolluisce i mBaile Átha Troim chun freastal ar 12,000 P.E. Meastar gur féidir freastal ar an leibhéal tuartha d'fhorbairt chónaitheach agus tráchtála / tionsclaíoch thar tréimhse an phlean. Tá Scéim Forbartha an Líonra Séaraigh do Bhaile Átha Troim, atá sa deichiú áit, san áireamh sa Mheasúnú Riachtanais an Chláir Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2007-2013. Bainfidh sé seo an bhagairt truailithe don Bhóinn trí Stáisiún Pumpála an Bhaile Nua a athsholáthar agus trí uasghrádú / athshlánú a dhéanamh ar na séaraigh ghaolmhara agus ar an bpríomhlíonra.

Ceanannas

Soláthar Uisce: Tagann an soláthar uisce eisigh sa Ceanannas go príomha ó Scéim an Ceanannais / an Seanchaisleáin, a fhaigheann a gcuid uisce ón Loch Bán agus é seo méadaithe ag foinse eile ag Droichead Clavin, a fhaigheann a chuid uisce ón Abhainn Dubh. Tá brú suntasach ar an scéim seo uisce a sholáthar don dá cheantar seo (Ceanannas & Seanchaisleán) toisc leibhéal tuartha na forbartha sa dá lárionad. Tá cumas féideartha na hastarraingte de Loch Bán bainte amach anois. Tá srian breise ar an acmhainneacht sa mhéid is nach bhfuil méid an líonra píobán atá ag dul isteach sa Ceanannas dóthanach chun freastal ar an éileamh reatha. Is é €15 milliún an costas measta d'uasghrádú na scéime eisigh. Tá dhá scéimeanna aitheanta ag Measúnú Riachtanais an Chláir Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2007-2013, i.e. ard-scéim soláthair uisce agus príomh scéim soláthair uisce (rangaithe 4 & 6 faoi seach as 31 scéimeanna aitheanta) chun riachtanais meántéarmacha agus fadtéarmacha an dá lárionad a chomhlíonadh. Is í céad chéim na príomh scéime ná gabháil faoi Réamh-Staidéar Innealltóireachta mion, gurb é ceann de na príomh eilimintí dó ná scrúdú agus luacháil a dhéanamh ar na foinsí uisce inbhuanaithe go léir atá ar fáil.

Gan toradh an staidéir seo a ghlacadh, is dóchúil go mbeidh an soláthar uisce fadtéarmach do Ceanannas / Sheanchaisleán agus a gcuid purláin mar mheascán d'uisce ón Abhainn Dubh agus screamhuisce le ról atá laghdaithe go maith (más aon cheann) do Loch Bán.

Fuíolluisce: Tá acmhainneacht dearaidh de 8,000 P.E. ag an nGléasra Cóireála Fuíolluisce an Ceanannais eisigh le sruth éalaithe chuig an Abhainn Dubh atá beagnach lán. Is é €11 milliún an costas measta d'uasghrádú an ghléasra eisigh. Tá sé de rún ag Comhairle Contae na Mí an áis eisigh a uasghrádú mar bheart idirthréimhseach a bheidh maoinithe faoi Chiste na Scéimeanna Beaga de chuid an RCORÁ. D'áirigh Measúnú Riachtanais an Chláir Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2007-2013 an scéim caipitil agus tá sé sa seachtú áit den ord tosaíochta.

Lárionaid Uirbeacha Oirthear na Mí agus Oirdheiscirt na Mí

Soláthar Uisce: Ó thaobh an soláthar uisce de, tá na lárionaid uirbeacha go léir i dToghcheantar Bhaile Shláine (Droichead Átha, An Inse - Baile an Bhiataigh - Baile Uí Mhornaín Thoir, Steach Maoilín, Domhnach Chearnaigh, Baile Mhic Gormáin, Baile Shláine agus Damhliag) agus Toghcheantar Dhún Seachlainn seachas Cill Choca, Dún Búinne agus Cluain Aodha (.i. Cill Dhéagláin, Ráth Tó, Cill Bhríde agus Dún Seachlainn) in éineacht le shráidbhaile Bhaile an Cheantaigh (i dToghcheantar na hUaimhe) á sheirbhísiú ó Scéim Uisce Oirthear na Mí, Deisceart an Lú & Droichead Átha. Is í an phríomh fhoinsé uisce do Scéim Soláthair Uisce Oirthir na Mí ná astarraingt ón Bhóinn ag Roughgrange trí mheán iontógáil na canála, a dhéantar a chóireáil sna hOibreacha Cóireála Steach Maoilín. Tugann an gléasra seo seirbhísí do limistéar atá timpeall 600 ciliméadar cearnach i méid le stóráil curtha ar fáil i Steach Maoilín féin, i gCnoc an Mhuilinn Ghaoithe, Kiltrough, Dún Uabhair, Balloy, Carnes agus Ráth. Tá an limistéar soláthair Bhaile na Sláine neamhspléach ó Scéim Oirthear na Mí lena foinse tollphoill suite ar an mbruach theas den Bhóinn atá díreach in aghaidh an tsrutha de Dhroichead na Sláine. Tá an soláthar tollphoill chuig Dún Seachlainn forlonta trí spor ar an bpríomhlíonra idir Taiscumar Chnoc an Mhuilinn Ghaoithe agus Ráth Tó. Tugtar seirbhís do Dhún Búinne agus Chluain Aodha trí mheán allmhairí chuig Co. na Mí ó soláthar uisce poiblí Chomhairle Contae Fhine Ghall i gCluain Aodha agus Coolquay faoi seach. Tá forbairt Chill Choca amach anseo ag brath ar sholáthar uisce poiblí cúí ó Chomhairle Chontae Chill Dara.

Cé go bhfuil an gléasra cóireála uisce i Steach Maoilín suite laistigh de Chontae na Mí, tá sé á fheidhmiú ag Bardas Buirge Dhroichead Átha agus Comhairle Contae Lú. Tá comhaontú idir na hÚdaráis Áitiúla sin agus Comhairle Contae na Mí chun 47% d'acmhainneacht an ghléasra sin a dháileadh chuig an Mhí a fhreastalaíonn ar, i measc nithe eile, na lonnaithe a luadh thuas i dteannta le líon grúpscéimeanna uisce i gceantair tuaithe. Is ionann an dáileadh acmhainneachta chuig an Mhí agus timpeall 15,000 cu. m. in aghaidh an lae. Mar sin féin, meastar go n-úsáid an Mhí 14,250 cu. m. den dáileadh sin faoi láthair. Ina theannta sin, tá na hOibreacha Cóireála Uisce Steach Maoilín ag feidhmiú faoi lánacmhainneacht anois. Dá bharr sin, go dtí gur féidir an scéim soláthair uisce a uasghrádú i 2008/9 (Pas 1), is srian ollmhór é infhaighteacht an uisce óil ar a thuilleadh forbartha ar scála mór sna ceantair seo.



D'iarr Comhairle Contae na Mí aghaidh a thabhairt ar an srian bonneagrach seo ar a thuilleadh forbartha agus, go luath i 2003, choimisiúnú McCarthy Tobin JV, Innealtóirí Comhairleacha, tuarascáil a ullmhú chun an fhadhb sé a réiteach. D'iarradh ar na comhairleoirí an soláthar uisce eisidh a mheas agus chun tograí a dhéanamh do scéim soláthair uisce sa toadhcháil chun soláthar a thabhairt do réigiún Oirthear na Mí, an Lú Theas agus Droichead Átha thar an chéan 20 bliain eile. Eisíodh an tuarascail deiridh i Meán Fómhair 2004. Cuireann an tuarascáil in iúl go mbeidh sé riachtanach úsáid na bhfoinsí eiseacha a uasmhéadú in éineacht le cinn nua a fhorbairt d'fhonn freastal ar riachtanais sa toadhcháil. Freastalófar ar éilimh sa toadhcháil trí an úsáid táite d'acmhainní dromchla agus screamhuisce araon. Cé go gcothófar astarraingt na Bóinne eisigh i Roughgrange mar phríomh fhoinsé, tá an cumas féideartha le haghaidh tuilleadh astarraingthe ón Bhóinn teoranta. Molann an tuarascáil mar sin, gur chóir scrúdú a dhéanamh ar an toradh féideartha ó fhoinsí screamhuisce chun freastal ar Oirthear na Mí agus aithníonn sé Uiscíoch atá Tábhachtach go Réigiúnach in oirthuaisceart na Mí mar fhoinsé amháin dá leithéid. Dearbhóidh torthaí na druileála tobair trialach an modh is oiriúnaí chun an fhoinsé féideartha seo a ionchorprú isteach sa scéim foriomlán. Molann an tuarascáil 3 pas don scéim foriomlán leis an gcéad phas le bheith seachadta faoi 2008 agus an pas deireanach le bheith in áit faoi 2018, agus bheadh an costas foriomlán cothrom le timpeall €141m.

Admhaíonn Comhairle Contae na Mí go leagann an soláthar uisce reatha srianta móra ar tuilleadh forbartha ar scála mór sa cheantar agus, de réir mar a léiríodh thuas, d'iarr sé aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb i tslí chaoithiúil. Mar sin féin, ba chóir a thabhairt faoi deara, go mbeidh srianta ann fós fiú le críochnú Phas 1 i 2008/9, ar feitheamh an choimisiúnaithe de réiteach foriomlán. Dá bharr sin, ní mór do mhéid na gcuspóirí criosála um úsáid na talún i bPleananna Ceantair Áitiúil a bheith meabrach faoi na srianta bonneagracha ar dóchúil le fanúint in áit thar saolré na bpleananna seo.

Fuíolluisce: Admhaíonn Comhairle Contae na Mí a chuid rannpháirteachtas in ullmhú an Greater Dublin Strategic Drainage Study (GDSDS), lena cuireadh a tuarascáil deiridh faoi bhráid an Chomhairle Contae ag Bainisteoir an Staidéir ag an cruinniú 2005, a tionóladh i Meán Fómhair. Tá na moltaí agus conclúidí atá ag teacht as an tuarascáil deiridh forleathan don fhorbairt leanúnach de na lárionaid uirbeacha straitéiseacha de Chill Dhéagláin agus Chonair Pace / Chluain Aodha / Dún Búinne in éineacht leis an mbaile fáis bhig Ráth Tó. Go fírinneach, tá srian ar fhorbairt sa todhchaí toisc easpa infhaighteacht na hacmhainneachta cóireála fuíolluisce atá ar fáil ar feitheamh ar ghléasra cóireála fuíolluisce réigiúnach le bheith tógtha i bhFine Gall (ar dóchúil le bheith i Portrane). Tá an t-easnamh suntasach in infhaighteacht na hacmhainneachta cóireála fuíolluisce i nGléasra Cóireála Dhroichead Átha chun freastal ar na riachtanais tuartha de Dhroichead Átha (Baile le Fás Mór), An Inse, - Baile an Bhiataigh - Baile Uí Mhornáin Thoir (Baile le Fás Beag) imlínte thíos chomh maith leis an acmhainneacht súiteach srianta den Ailbhine chun freastal ar an bhfostaíocht agus fás cónaitheach tuartha i Steach Maoilín (Baile le Fás Beag) agus úsáidí ginte fostaíochta suntasacha i mBaile Mhic Gormáin. Cé gur léirigh an GDSDS go soiléir go raibh an fuíolluisce ó Steach Maoilín agus Baile Mhic Gormáin le bheith cóireáilte sa Ghléasra Cóireála Fuíolluisce Bhaile Bhrigín, níl aon socrú dá leithéid le teacht ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Is léir go bhfuil réiteach fo-réigiúntach de dhíth chun freastal ar na riachtanais méantéarmacha agus fadtéarmacha den cheantar straitéiseach seo de Chontae na Mí.

Déantar fuíolluisce ó na lonnaíochtaí seo, Baile Uí Mhornáin Thoir, Baile an Bhiataigh, An Inse, Baile Iúiliáin, Domhnach Chearnaigh agus Baile Uí Mhornáin a phumpáil i láthair na huaire go dtí an Gléasra Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha le haghaidh cóireáil agus diúscairt deireanach. Tá an gléasra cóireála faoi lánacmhainneacht ó 2002 i leith agus ní d'fhéadfadh tuilleadh forbairtí ar scála mór seirbhísí a fháil uaidh. Dá bharr sin, ní raibh an tÚdarás Pleanála in ann breathnú ar thograí forbartha ar scála mór sna lonnaíochtaí a luadh thuas ó Meán Fómhair 2002. Thug an RCORÁ formheas do thograí uasghrádaithe a mhéadóidh acmhainneacht an ghléasra chuig 101,000 PE ag costas de €12.7 milliún. Tá oibreacha uasghrádaithe faoi lán seoil agus déanfar an gléasra nua a choimisiúnú i 2007. As an acmhainneacht de 101,000 PE, tabharfar 27,500 PE do Chomhairle Contae na Mí. Bhí an tÚdarás Pleanála tiomanta do 18,500 PE cheana féin le tagairt ar an éileamh eisigh agus ceadanna a bronnadh (ag deireadh 2005). Mar sin féin, le meas ar mhéid na dtailte criosaithe sna lonnaíochtaí in Oirthuisceart na Mí faoi réir na bPleananna Ceantair Áitiúil Oirthear na Mí agus na tailte criosaithe i bPurláin Dhroichead Átha faoi réir an Phlean Forbartha Contae na Mí 2001 - 2007, meastar go bhfuil iomlán de timpeall 60,000 PE de dhíth ó Chomhairle Contae na Mí chun seirbhísí a sholáthar do na tailte criosaithe eisigh go léir sna ceantair seo. Mar sin, beidh srianta bonneagracha suntasacha fós ann ar tuilleadh forbairtí ar scála mór, fiú le coimisiúnú an ghléasra nua i 2007. Cé go méadóidh oibreacha uasghrádithe tosaigh acmhainneacht an ghléasra cóireála chuig 101,000 PE, tá acmhainneacht dearaidh deiridh de 141,000 PE ag an ngléasra ach má tá an acmhainneacht seo le bheith bainte amach tá tuilleadh oibreacha uasghrádaithe de dhíth agus seans go mbeidh an t-ullmhúchán de Ráiteas Tionchair Chomhshaoil nua / leasaithe de dhíth ó oibreacha dá leithéid. Táthar ag ceapadh, más rud é go raibh Gléasra Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha le bheith leathnaithe chuig 141,000 PE gur dóchúil go leathnóidh dáileadh forchoimeáda de chuid Chomhairle Contae na Mí chuig timpeall 45,000 PE.

Tá gléasra cóireála eisigh i Steach Maoilín le sruth éalaithe chuig an Ailbhine. Rinneadh an gléasra cóireála a uasghrádú go luath i 2002 a mhéadaigh a acmhainneacht dearaidh ó 600 PE go 2,300 PE. Mar sin féin, tá an gléasra ag feidhmiú faoi lánacmhainneacht agus ní féidir leis seirbhísí a sholáthar d'aon fhorbairtí eile ar scála mór. Tá srianta curtha in áit, agus táid fós á chur in áit ar aon fhorbairt eile ar scála mór sa sráidbhaile ar feitheamh ar réiteach ar na srianta bonneagracha. Formheasadh Cuid VIII don uasghrádú idirthréimhseach den acmhainneacht cóireála fuíolluisce eisigh i Steach Maoilín ag Comhairle Contae na Mí ag an gcruinniú Comhairle a tionóladh i Meitheamh 2006.

Tá Coláiste Bhaile Mhic Gormáin á seirbhísú ag a ghléasra cóireála fuíolluisce féin. Tá forbairt chónaitheach eisigh sa sráidbhaile á seirbhísú ag aonaid cóireála fuíolluisce indibhidiúla, umair seipteacha don chuid is mó, lena mbaintear sloda díobh ó am go chéile. Tá Campa Míleata Bhaile Mhic Gormáin, atá suite lasmuigh de teorainn an tsráidbhaile, á seirbhísú ag a ghléasra cóireála féin, lena bhfuil sruth éalaithe farraige aige.

I 1999, choimisiúnaigh Comhairle Contae na Mí Innealtóirí Comhairleacha J.B. Barry & Partners Ltd., tuarascáil a ullmhú maidir leis na roghanna do chóireáil an chamrais ó Steach Maoilín, Bhaile Mhic Gormáin agus ó Mhaigh Muirí. Mhol an tuarascáil sin gur chóir camras a phumpáil ó na lonnaíochtaí seo chuig an gléasra cóireála fuíolluisce i mBaile Bhrigín faoi réir formheasa Chomhairle Contae Fhine Ghall. Ónar foilsíodh an tuarascáil sin, tá sé tagtha chun suntais go mbainfear áis iomlán as an ngléasra cóireála i mBaile Bhrigín trí mheán forbartha laistigh de Fhine Ghall agus nach raibh aon acmhainneacht le spáráil ann le haghaidh camras ó Steach Maoilín, Bhaile Mhic Gormáin agus ó Mhaigh Muirí. I Márta 2004, d'iarr Comhairle Contae na Mí ar chomhairleoirí uasghrádú a dhéanamh ar an mbuntuarascáil, chun scrúdú a dhéanamh ar fhorbairtí a tharla le déanaí laistigh den dobharcheantar, chun breathnú ar phleananna forbartha agus straitéisí pleanála agus chun breathnú agus praghas a fháil ar réitigh eile le haghaidh cóireáil fuíolluisce don réigiún. Bhí meas ag an tuarascáil ar Threoirlínte Pleanála Réigiúnacha, i measc nithe eile, a d'áirigh príomh chuspóir chun éascú a dhéanamh ar cuspóir an Rialtais chun tithíocht inacmhainne a sholáthar ar thailte atá tadhall leis an aerpháirc míleata i mBaile Mhic Gormáin. I Lúnasa 2004, d'fhoilsigh Barry & Partners an staidéar féidearthachta. Bhí 3 roghanna sa staidéar agus mhol sé gur chóir an camras bréan ó Steach Maoilín, Bhaile Mhic Gormáin agus Mhaigh Muirí a bheith bailithe agus cóireáilithe i mBaile Mhic Gormáin le sruth éalaithe fada isteach sa Mhuir Éireann. Tá an moladh seo faoi bhreathnú ag an RCORÁ.

4.6.5 Straitéis do Réigiún an Oirthir & an Oirdheiscirt

Má tá Comhairle Contae na Mí chun an straitéis forbartha atá sa Phlean Forbartha a chur i bhfeidhm, is léir gur chóir aghaidh a thabhairt sa mheántearma ar na srianta atá ar an seirbhís uisce eisigh a bhfuil tionchar aici ar Chill Dhéagláin, Chonair Pace / Chluain Aodha / Dún Búinne, Steach Maoilín, An Inse - Baile an Bhiataigh - Baile Uí Mhornáin Thoir.

Tá Comhairle Contae na Mí ag brath ar na codanna bonneagracha éagsúla den Greater Dublin Strategic Drainage Study a bheith curtha i bhfeidhm chun ligean do chumas féideartha na n-ionad príomha laistigh d'Ordlathas Lonnaíochta an Chontae a bheith bainte amach i modh inbhuanaithe. Ón tosach, ba cheart a rá go bhfuil Comhairle Contae na Mí tiomanta do fhorfheidhmiú an GDSDS. Glactar leis go bhfuil réiteach na n-easnamh fuíolluisce maidir le Conair Pace / Cluain Aodha / Dún Búinne, Ráth Tó & Cill Dhéagláin ag brath ar fhorfheidhmiú moltaí an GDSDS agus go háirithe sa ghearrthearma ar dhúbláil an tséaraigh 9C chuig Baile Bhlainséir agus uasghrádú na hacmhainneachta i nGléasra Cóireála na Rinne. Admhaíonn an tÚdarás Pleanála an dul chun cinn a rinneadh sa chaoi seo leis an bhformheas coinníollach chun dul chuig forthairsaint maidir le heilimintí den Uasghrádú Scéime Séarachais Chill Dhéagláin / Ráth Tó / Chill Bhríde. Is é polasaí uchtaithe de chuid Chomhairle Contae na Mí de réir mar atá sa Phlean Corparáideach chun scrúdú a dhéanamh ar laghdú an spléachais ar Údaráis tadhlacha le haghaidh bonneagar na seirbhísí uisce

bunriachtanacha, go háirithe cóireáil agus diúscairt fuíolluisce, áfach. Ina theannta sin, ní mór don GDSDS dul faoi Mheasúnú Comhshaoil Straitéiseach a chuirfidh moill ar fhorfheidhmiú na Straitéise Deiridh agus a d'fhéadfadh an Straitéis molta deireanach a athrú.

Leanfaidh Comhairle Contae na Mí air ag déanamh fiosrúcháin i soláthar saoráide cóireála fuíolluisce fo-réigiúnach agus sruth éalaithe isteach i Muir Éireann i gcomharsanacht Bhaile Mhic Gormáin. Ní mór do Chomhairle Contae na Mí a bheith meabhrach gur féidir le sruthanna éalaithe farraige dá leithéid tionchar a bheith acu ar ghnóthú stádaís bhrataí goirme do uiscí snámha sa chomharsanacht. Freastalóidh réiteach eile dá leithéid ar chóireáil fuíolluisce de na lárionaid uirbeacha le hais an chósta thoir, gan Droichead Átha san áireamh. Ligfeadh sé seo d'acmhainneacht an Ghléasra Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha áta á úsáid sa mheán go dtí an fádtéarma freastal ar riachtanais Dhroichead Átha agus a Phurláin, i gcomhréir leis an Straitéis Pleanála Mhórcheantar Dhroichead Átha.

Tá na hoibreacha uasghrádaithe don Ghléasra Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha faoi lán seoil agus déanfar an dáileadh chuig Comhairle Contae na Mí chun seirbhís a sholáthar do na lonnaithe i nOirthuaisceart na Mí a mhéadú sa ghearrtéarma. Mar sin féin, ní thabharfaidh na hoibreacha nua ach leath aghaidh ar na srianta acmhainneachta agus tá tuilleadh oibreacha suntasacha de dhíth chun réiteach fádtéarmach chuig cóireáil fuíolluisce sa réigiún a sheachadadh. Bainfidh an tÚdarás Pleanála áis as an acmhainneacht a dháileadh dó as an nGléasra Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha i modh éifeachtach agus cothrom agus d'fhonn barr leasa na pleanála cirte agus na forbartha inbhuanaithe den cheantar. Beidh ath-scrúdú na bPleananna Ceantair Áitiúil Oirthear na Mí agus Ráiteas Scríofa & mion-Chuspóirí Phurláin Dhroichead Átha a uchtaíodh le déanaí i gceist leis seo, d'fhonn a chinntiú go gcuireann an tÚdarás Pleanála úsáidí ginte fostaíochta i dtús áite san ord tosaíochta ar an gcéad dul síos agus ar an dara dul síos forbairtí cónaitheacha a sholáthróidh príomh-bhonneagar fisiceach sóisialta thar forbairtí a dhéanann foráil do fhorbairt chónaitheach go príomha. Leanfaidh Comhairle Contae na Mí ag obair le hÚdarás Pleanála cóngaracha chun seachadadh ar réiteach fádtéarmach chuig cóireáil fuíolluisce don réigiún. Maidir leis na lárionaid uirbeacha le hais an chósta Thoir, déanfar iad seo a ath-threorú chuig saoráid fo-réigiúnach i mBaile Mhic Gormáin, ag tabhairt réiteach eile agus mar sin ag scaoileadh acmhainneachta cuí le haghaidh Droichead Átha. Déanfaidh soláthar an ghléasra fo-réigiúnach seo éascú ar gach ceann de na lárionad chun forbairt i gcomhréir leis na cuspóirí de na RPGanna, an Straitéis Pleanála Mhórcheantair Dhroichead Átha agus an Plean Forbartha Contae. I gcás go bhforbrófar an iar-aerpháirc chun éascú a dhéanamh ar ghnóthú an chuspóra seo, d'fhéadfadh an gá chun PCÁ a ullmhú ina dhiaidh sin do na tailte seo agus do na tailte máguaird teacht chun cinn.

Ligfeadh sé seo d'fhorbairt na straitéise forbartha seo a leanas i dToghcheantar Bhaile Shláine le meas ar na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath:

- Comhchruinniú formhór na forbartha cónaithe suntasach i bPurláin Dhroichead Átha, in áiteanna agus ar scála i gcomhréir le moltaí na Straitéise Pleanála Mhórcheantair Dhroichead Átha.

Tuilladh forbartha cónaithe teoranta chun freastal ar leibhéal fáis áitiúil suntasach le tarlú sna bailte le fás beag:

- Steach Maoilín;
- An Inse - Baile an Bhiataigh - Baile Uí Mhornaín Thoir, agus;
- Damhliag.

Freastalóidh forbairt na lárionad níos lú ar fhás áitiúil de réir mar atá imlínte i Rannóg na Tithíochta Tuaithe den Phlean Forbartha amháin:

- Domhnach Chearnaigh - Baile Uí Mhornáin
- Baile Mhic Gormáin
- Baile Iúiliáin

Comhchruinniú na n-úsáidí ginte fostaíochta sna láithreacha seo a leanas:

- 1) Purláin Dhroichead Átha (ag láithreacha agus ar scála i gcomhréir le moltaí na Straitéise Pleanála Mhórcheantair Dhroichead Átha) - Oifigí, Loighistic, Tionscal Éadrom, Ollstóráil Miondíola & Siopadóireacht Áitiúil / Dúiche;
- 2) Steach Maoilín - Tionscal Éadrom, Loighistic, Oifigí & Seirbhísí Idirmhalartaithe cóngarach d'Acomhal an Mhótarbhealaigh agus Áiseanna Siopadóireachta Áitiúla i Steach Maoilín;
- 3) An Inse - Tionscal Éadrom, Oifigí (cóngarach don Stáisiún Iarnróid), Áiseanna Siopadóireachta Áitiúla;
- 4) Baile an Bhiataigh - Áiseanna Siopadóireachta Dúiche, Oifigí i bhForbairt Lár an Bhaile;
- 5) Damhliag - Tionscal Éadrom agus Ollstóráil, agus;
- 6) Baile Mhic Gormáin - Tionscal Éadrom, Loighistic agus Ollstóráil.

Is cuspóir de chuid na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha é do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath éascú a dhéanamh ar chuspóir an Rialtais chun foráil a dhéanamh le haghaidh scéim tithíochta inacmhainne ar thailte tadhlaigh leis an iar-aerpháirc i mBaile Mhic Gormáin. Déanfaidh an Chomhairle iarracht éascú a dhéanamh ar an gcuspóir Rialtais seo. Tá aon fhorbairt ar an láthair seo deimhnithe nuair a réitítear saincheistean a bhaineann le soláthar na tithíochta inacmhainne agus easnaimh eisigh i mbonneagar na seirbhísí uisce.

Tá an fhorbairt de straitéis crios glas láidir lasmuigh de teorainn na forbartha de mion-phleananna uirbeacha / phleananna ceantair áitiúil rithábhachtach d'fhonn comhdhlúthú agus forbairt dlúth-lonnaíochtaí uirbeacha a chinntiú agus chun ligean do gach lonnaíocht a chomhionannas a choimeád.

4.6.5.1 Socruithe Seirbhísí Uisce Idirthréimhseacha agus Buana

Ciorróidh easpa, nó neamhleorgacht, na seirbhísí uisce agus fuíolluisce forbairt agus leathnú roinnt bhailte agus sráidbhailte i gContae na Mí. De réir mar a sainíodh, ní bhfaighidh mórán de na bailte agus sráidbhailte seo maoiniú náisiúnta chun na seirbhísí seo a chur ar fáil laistigh de saolré an Phlean Forbartha seo. D'fhonn cuid de na deacrachtaí seo a shárú, molann Comhairle Contae na Mí go dtabharfar isteach roinnt tionscnaimh a ligfidh solúbthacht i soláthar na n-oibreacha uisce agus cóireála camrais ar scála beag i mbailte agus sráidbhailte atá ar easpa áiseanna cóireála cuí.

Ní bhreathnóidh an tÚdarás Pleanála ar sholáthar dá leithéid ach nuair atá maoiniú caipitil chun réiteach buan curtha san áireamh sa Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce nó nuair a bheidh maoiniú caipitil san áireamh i gClár Infheistíochta Seirbhísí Uisce ina dhiaidh sin laistigh de saolré an Phlean Forbartha Contae seo i dtuairim an Údarais Phleanála, faoi réir coinníollacha comhshaoil a bheith comhlíonta. Ní bhreathnófar ar sholáthar sealadach dá leithéid ach amháin i láithreacha a cloíonn leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha de réir mar atá imlínte sa Straitéis Lonnaíochta den Phlean Forbartha seo.

Nuair nach bhfuil maoiniú caipitil chun réiteach buan a chur ar fáil san áireamh sa Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce nó nuair, i dtuairim an Údaráis Phleanála, nach dóchúil go mbeidh sé san áireamh i gClár Infheistíochta Seirbhísí Uisce ina dhiaidh sin laistigh de saolré an Phlean Forbartha Contae seo, breathnóidh an tÚdarás Pleanála ar thograí chun réitigh buana a chur ar fáil. Beidh breathnú na réiteach dá leithéid srianta chuig na cásanna ina éascaíonn siad fás daonra agus / nó tráchtála / tionsclaíoch suntasach i gcomhréir le cuspóirí an Phlean Forbartha Contae seo agus nuair a bhfuil scála agus láthair fás dá leithéid amhlaidh gur féidir réitigh inbhuanaithe, buana, ar ardchaighdeán a sheachadadh ar bhonn féideartha agus inacmhainne chun sásacht an Údaráis Phleanála.

Sna cásanna go léir:

- Beidh lán-chostas na réiteach idirthréimhseacha ar na forbróirí;
- Is fearr réitigh atá ceantar-bhunaithe in ionad réitigh atá suíomh-bhunaithe; agus
- Maidir le réitigh soláthair uisce,
 - ní mór leorgacht agus inbhuanaitheacht na foinse uisce beartaithe a chruthú;
 - cosaint na foinse de dhíth;
 - ní mór don uisce a táirgtear riachtanais na Rialachán Uisce Óil a chomhlíonadh go seasta;
 - tá foráil le haghaidh slándáil an tsoláthair agus riachtanais chomhras dóiteáin rithábhachtach, agus;
 - Beidh socruithe, naisc srl. Feidhmiúcháin & Cothabhála ag teastáil.

Tionscnamh 1 – Cuireann sé ranníocaíocht ar fáil ó Chomhairle Contae na Mí chun cabhrú leis an gcostas de ghléasra cóireála fuíolluisce a sholáthraítear ag forbróir príobháideach. Ní mór don ghléasra cóireála freastal ar na riachtanais ghearrtéarmacha de lárionad ar leith agus ní chun freastal ar an bhforbairt indibhidiúil amháin.

Tionscnamh 2 – Breathnóidh Comhairle Contae na Mí ar ghléasra cóireála fuíolluisce gearrtéarmach a sholáthar i mbailte agus sráidbhailte inar thug an RCORÁ formheas don mhaoiniú de scéim cóireála fuíolluisce nua, ach nuair atá tréimhse ullmhúcháin do sholáthar dá leithéid. Ní mór don fhorbróir costas an tsoláthair agus na cothabhála den ghléasra cóireála fuíolluisce a sheasamh chomh maith leis na ranníocaíochtaí airgeadais caighdeánacha i dtreo costas an réitigh fadtéarmaigh a chur ar fáil.

Tionscnamh 3 – Breathnóidh an Chomhairle ar stáisiún pumpála camrais bhréan a bheith soláthartha ag forbróirí chun freastal ar fhorbairt ar leith faoi réir critéar áirithe.

Tionscnamh 4 – Breathnóidh an Chomhairle ar an bhféidearthacht de tollpholl (soláthar screamhuisce) a sholáthar áit a chloíonn sé lena gcuid tograí fadtéarmacha do cheantar ar leith, áit a bhfuil sé cóngarach don líonra píobán eisigh agus áiseann stórála go hidéalach, agus áit a fhreastalóidh an tollpholl ar na riachtanais níos leithne an lárionaid agus ní ar riachtanais na forbartha féin amháin. Ní mór don fhorbróir costas an tsoláthair agus na cothabhála den ghléasra cóireála uisce a sheasamh chomh maith leis na ranníocaíochtaí airgeadais caighdeánacha i dtreo costas an réitigh fadtéarmaigh a chur ar fáil. Ní bhreathnóidh an Chomhairle ar roinnt tollphoill indibhidiúla ag freastal ar fhorbairt chónaitheach mór nó tollphoill indibhidiúla ag freastal ar fhorbairtí ar scála beag.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcaithfidh an acmhainneacht súiteach de na huisc glactha ó ghléasraí cóireála gearrtéarmacha arna dhéanamh foráil dóibh faoi Tionscnamh 1 agus 2 thuas a bheith mór go leor chun a chinntiú go gcloíonn caighdeán an uisce iarmhartach leis an gcaighdeán atá de dhíth faoin Treoir um Chreatlach Uisce.

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Maidir le Seirbhísí Uisce, is é cuspóir straitéiseach de chuid na Comhairle ná:

CS BONN 2

An soláthar uisce agus tionscadail bonneagracha um bhailliúcháin agus cóireáil fuíolluisce a chur chun cinn trí athbhreithniú a dhéanamh ar Mheasúnú Riachtanais Seirbhísí Uisce, de réir mar a iarradh, d'fhonn freastal ar na leibhéil fáis bhearaite atá tuartha don chontae agus d'fhonn a chinntiú go gcuirtear na tionscadail riachtanacha san áireamh i gClár Infheistíochta Seirbhísí Uisce amach anseo.

CS BONN 3

Feabhas a chur ar agus leathnú a dhéanamh ar an soláthar uisce agus an bonneagar cóireála agus bailiúcháin fuíolluisce chun freastal ar na leibhéil fáis bheartaigh, i rith saolré an phlean seo d'fhonn forbairt a éascú.

CS BONN 4

Soláthar na dtionscnamh uisce, cóireála fuíolluisce agus bainistiú fuíolluisce a dhaingniú chun freastal ar an bhfás eacnamaíoch agus cónaitheach inbhuanaithe den Chontae amach anseo, áit a bhfuil gá leis, i gcomhairle leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus na hÚdaráis Áitiúla tadhlaacha.

CS BONN 5

Áiseanna uisce agus fuíolluisce eisigh a uasghrádú, áit a bhfuil siad gann, d'fhonn na Treoirínte Uisce Óil agus na Treoracha / Rialacháin Fuíolluisce Uirbeacha a chomhlíonadh.

POLASAITHE MAIDIR LE SOLÁTHAR UISCE

POL BONN 36

Leanúint le forbairt agus uasghrádú an chórais soláthair uisce d'fhonn a chinntiú go bhfuil soláthar uisce píopaí cuí, inbhuanaithe agus eacnamaíoch ar caighdeán oiriúnach ar fáil d'úsáid teaghlaigh, tráchtála, tionsclaíoch, sábháilteacht dóiteáin agus úsáid eile don fhorbairt inbhuanaithe den chontae i gcomhréir leis an struchtúr lonnaithe a aithníodh sa Phlean seo agus mar a ligeann an t-airgeadas.

POL BONN 37

Na foinsí screamhuisce agus uiscigh eisigh sa chontae a chosaint agus a fhorbairt i tslí inbhuanaithe, agus forbairt a rialú i tslí a oireann leis an mbainistiú cheart de na hacmhainní seo.

POL BONN 38 Meabhraíocht agus rannpháirteachas poiblí i mbearta um chaomhnú uisce ag teaghlaigh, gnóthaí agus tionscail a chur chun cinn.

POL BONN 39 Clár Caomhnaithe Uisce a chur i bhfeidhm, d'fhonn acmhainní luachmhara a chaomhnú trí diomailt a laghdú.

POL BONN 40 Comhoibriú le Comhairle Contae Lú agus Comhairle Buirge Dhroichead Átha i bhforfheidhmiú na príomh torthaí agus moltaí den 'East Meath, South Louth & Drogheda Water Improvement Scheme Report (Meán Fómhair 2004)' arna ullmú ag McCarthy Tobin JV, Innealtóirí Comhairleacha, le haghaidh scéim soláthair uisce chun na riachtanais uisce ionchais a chomhlíonadh chun freastal ar na léibhéil fáis tuartha den cheantar seo.

POL BONN 41 Áis a bhaint as an soláthar uisce eisigh i modh éifeachtach agus cóir agus ar barr leasa na pleanála ceart agus na forbartha inbhuanaithe den cheantar.

POL BONN 42 A chinntiú, i gcás na forbairtí go léir ina bhfuil príomhlíonra poiblí ar fáil nó ar dóchúil go mbeidh siad le fáil, go gceanglóidh an forbróir isteach leo.

POL BONN 43 Comhoibriú, spreagadh agus comhairle a thabhairt i soláthar na grúp-scéimeanna uisce sa Chontae.

POL BONN 44 Bearta a chur i bhfeidhm faoin gClár Uisce Tuaithe i dtreo is go bhforbraítear caighdeán, iontaofacht agus feidhmiúlacht na soláthairtí uisce le haghaidh lucht cónaithe na tuaithe.

POL BONN 45 Tograí a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh i gcomhréir leis na Socruithe Seirbhísí Uisce Idirthréimhseacha agus Buana de réir mar atá imlínithe sa Phlean Forbartha seo le haghaidh lárionaid ina bhfuil easpa áiseanna cóireála oiriúnacha agus nuair nach gcuireann an soláthar d'áis dá leithéid isteach ar stádas cáilíochta an uisce glactha de réir mar a iarrtar faoin Treoi um Chreatlach Uisce. Ní bhreathnófar ar sholáthar sealadach dá leithéid ach amháin i láithreacha a chloíonn leis na Treoirínte Pleanála Réigiúnach de réir mar atá imlínithe sa Straitéis Lonnaíochta den Phlean Forbartha seo.

CUSPÓIRÍ MAIDIR LE SOLÁTHAR UISCE

CUS BONN 18	Spléachas Chomhairle Contae na Mí ar bhonneagar na seirbhísí uisce d'Údaráis Áitiúla tadhlaacha a laghdú chun freastal ar na riachtanais forbartha tuartha de na lárionaid uirbeacha ceantair Dhroichead Átha, na Mí Thoir agus Dhún Seachlainn.
CUS BONN 19	An Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2005-2007 a chur i bhfeidhm.
CUS BONN 20	Leanúint le huasghrádú agus athchóiriú na bpríomh líonraí uisce.
CUS BONN 21	Ligean agus diomailt ón gcóras soláthair uisce a laghdú aon áit is féidir ar mhaithe le feidhmiúlacht agus inbhuanaitheacht a bhaint amach.
CUS BONN 22	Praghsáil Uisce a chur i bhfeidhm ar fhorbairt eisigh agus ar fhorbairt neamh-intíre amach anseo i gcomhréir leis an bPrionsabal Íoc mar a Thruaillítear.

POLASAITHE MAIDIR LE CÓIREÁIL FUÍOLLUISCE

POL BONN 46	Éascú a dhéanamh ar sholáthar na gcóras cóireála agus bailliúcháin fuíolluisce cuí chuig na bailte agus sráidbhaile go léir sa Chontae chun freastal ar dhaonraí eisigh agus todhchaíochta i gcomhréir leis an Straitéis Lonnaíochta a aithníodh sa Phlean seo, sa Treoir um Chreatlach Uisce 2000, sa Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce agus de réir mar a ligean an t-airgeadas, ag feabhsú caighdeán na n-úiscí dromchla, screamhuisce agus na n-úiscí cósta mar sin.
POL BONN 47	Tuilleadh acmhainneachta cóireála a fhorbairt sna gléasraí eisigh nuair a iarrtar éascú a dhéanamh ar fhorbairtí nua.
POL BONN 48	Tograí a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh i gcomhréir leis na Socruithe Seirbhísí Uisce Idirthréimhseacha agus Buana de réir mar atá imlínithe sa Phlean Forbartha seo le haghaidh lárionaid ina bhfuil áiseanna cóireála oiriúnacha gann agus nuair nach gcuireann an soláthar d'áis dá leithéid isteach ar stádas cáilíochta an uisce glactha de réir mar a iarrtar faoin Treoir um Chreatlach Uisce. Ní bhreathnófar ar sholáthar sealadach dá leithéid ach amháin i láithreacha a cloíonn leis na Treoirínte Pleanála Réigiúnacha de réir mar atá imlínithe sa Straitéis Lonnaíochta den Phlean Forbartha seo.
POL BONN 49	Comhoibriú le húdarais tadhlaacha chun leanúint leis an bhforbairt agus feabhsú inbhuanaithe de na córais cóireála fuíolluisce ar fud an Chontae chun freastal ar riachtanais draenála tuartha an cheantair.

POL BONN 50

Na polasaithe a forbraíodh do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ag an Greater Dublin Strategic Drainage Study a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh meas ag na forbairtí go léir ar na polasaithe de réir mar atá sainithe sa Greater Dublin Drainage Study le béim ar leith ar:

- i) Forbairtí;
- ii) Bainistiú Comhshaoil;
- iii) Insreabhadh, Insíothlú agus Eis-síothlú;
- iv) Conláistí Nádúrtha agus Áineas;
- v) Athrú Aeráide;
- vi) Íosláigh;
- vii) Uisce Dromchla.

POL BONN 51

Comhoibriú leis na hÚdaráis Phleanála tadhlaigh de Chomhairle Buirge Dhroichead Átha, Comhairle Contae Lú agus Comhairle Contae Chill Dara chun acmhainneacht na nGleasraí Cóireála Fuíolluisce i nDroichead Átha agus i gCill Choca a mhéadú chun seibhísí a sholáthar do na lonnaithe i nOirthuaisceart na Mí agus i gCill Choca sa toadhcháil láithreach, agus, chun comhscrúdú a dhéanamh ar na tograí uasghrádaithe / leathnaithe breise de na gleasraí cóireála chun foráil a dhéanamh don réiteach fadtéarmach ar chóireáil fuíolluisce i réigiún an oirthuaisceart.

POL BONN 52

Áis a bhaint as an acmhainneacht a dáileadh don Mhí Thoir ó Ghleasra Cóireála Uisce Dhroichead Átha i modh éifeachtach agus cóir agus ar barr leasa na pleanála ceart agus na forbartha inbhuanaithe den cheantar.

POL BONN 53

Athbhreithniú a dhéanamh ar agus iarraidh chun torthaí an Staidéir Féidearthachta a chur i bhfeidhm, arna fhoilsiú ag J.B. Barry & Partners, Innealtóirí Comhairleacha (foilsithe i Lúnasa 2004), isteach i réitigh cóireála fuíolluisce do réigiún Oirthear agus Oirdheiscirt na Mí, ag ligean do Ghleasra Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha freastal ar na riachtanais fadtéarmacha de Dhroichead Átha mar sin.

POL BONN 54

A chinntiú go bhfuil córais draenála sásúla ag agus ar fáil do na forbairtí nua go léir ar mhaithe le sláinte phoiblí agus chun truaillú na n-úiscí dromchla agus screamhuisce a chosc.

CUSPÓIRÍ MAIDIR LE CÓIREÁIL FUÍOLLUISCE

CUS BONN 23

Spléachas Chomhairle Contae na Mí ar bhonneagar na seirbhísí fuíolluisce d'Údaráis Áitiúla tadhlaigh a laghdú chun freastal ar na riachtanais forbartha tuartha de na lárionaid uirbeacha ceantair Dhroichead Átha, na Mí Thoir agus Dhún Seachlainn.

CUS BONN 24

Iarracht a dhéanamh mór-ghleasra cóireála fuíolluisce réigiúnach a sholáthar igceantar Bhaile Mhic Gormáin chun freastal ar na riachtanais tuartha de na lárionaid uirbeacha cois an chósta thoir den Chontae.

CUS BONN 25 I gcomhréir leis an Greater Dublin Strategic Drainage Study agus faoi réir infhaighteachta an airgeadais, tá sé de rún ag an gComhairle deighilt na líonraí draenála uisce bréan agus uisce dromchla a sholáthar agus chun uasghrádú a dhéanamh ar an líonra draenála ionas go laghdaítear sceite séaraigh bhréan le haghaidh cóireáil trí mheán sainaitheint agus baint an mhíchónaisc agus an insíothlaithe d'uisce dromchla.

CUS BONN 26 Tionscadail treoracha a chur i bhfeidhm laistigh de saolré an Phlean Forbartha, Nós Imeachta Laghdaithe Insreabhaidh / Insíothlaithe / Eis-síothlaithe a fhorbairt chun sreabhadh insreabhaidh, insíothlaithe agus eis-síothlaithe a laghdú chuig leibhéil eacnamaíocht sa tslí is éifeachtaí ó thaobh costais de agus chun clás córasach d'oibreacha athchóitithe a fhorbairt ar fud an Chontae.

4.7 CÁILÍOCHT UISCE

4.7.1 Réamhrá

Tá comhshaol uisceach ilghnéitheach saibhir ag Contae na Mí ina bhfuil líne cósta, aibhneacha, srutháin, locha agus uiscí inbhir (ar a dtugtar uiscí dromchla orthu le chéile) agus screamhuiscí (uisce faoi thalamh). Tá na hUiscebhealaí Canála Ríoga agus Bóinne, cé gur foinsí uisce saorga iad, mar chuid den chomhshaol seo chomh maith. I dteannta a chéile, is acmhainn eacnamaíocht, áineasa, eiceolaíocht agus aeistéitiúil tábhachtach iad.

Tá an comhshaol uisce seo íogair d'fhormhór na gcineálacha forbartha. Is féidir cur isteach air go díreach, mar shampla trí mheán oibreacha innealtóireachta abhainn agus astarraingt uisce le haghaidh tomhaltas, agus go hindíreach araon, mar shampla trí truailliú ó rith chun srutha uisce dromchla, agus próisis talmhaíochta agus tionsclaíochta. Tá an Chomhairle freagrach as cosaint na n-uiscí go léir sa Chontae. Tá príomh ról le himirt ag an gcóras pleanála agus an chosaint, chothabháil agus feabhsú chaighdeán an uisce a chinntiú trí láithriú agus bainistiú na forbartha.

Léiríonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt go n-áireoidh Plean Forbartha cuspóirí do chaomhnú agus choimeád an chomhshaoil. Léiríonn an Chéad Sceideal cuspóirí a d'fhéadfadh a bheith san áireamh i bPlean Forbartha, agus ina measc tá:

- Caighdeán an chomhshaoil a chosaint agus a chaomhnú, ina n-áirítear cosc, srianadh, díothú, lagú nó laghdú an truaillithe chomhshaoil agus cosaint na n-uiscí, screamhuiscí, an chladaigh agus an atmaisféir.

4.7.2 Treoir um Chreatlach Uisce

Tá roinnt mhaith reachtaíochta a iarrann sceite chuig uiscí a rialú nó a iarrann caighdeán cháilíochta a shocrú le haghaidh uiscí ar mhaithe ilghnéitheacht gníomhaíochtaí. Cé go bhfuil siad réasúnta rathúil, tháinig cur chuige ilroinnt chuig bainistiú acmhainne uisce agus laghdú leanúnach i gcaighdeán an uisce as. Léirigh foilsíú an fhoilseacháin de chuid an GCC maidir le Cáilíocht Uisce feabhas i gcaighdeán an uisce sa chontae seo. Bunaíonn an Treoir AE um Chreatlach Uisce (TCU) creatlach le haghaidh gníomh pobail i réimse an pholasaí uisce agus is comhartha imeachta nua é i réimse an bhainistithe acmhainne uisce.

Is í aidhm an TCU bearta nuálíocha a thabhairt isteach chun acmhainní uisce a chaomhnú agus a chosaint. Tá sé de rún meicníocht a chur ar fáil chun déileáil le caighdeán agus cainníocht an uisce araon. Is é an gá go ndéanfar uisce a bhainistiú i tslí chomhtháite a phríomh nuálaíocht.

Is í aidhm na Treorach cur le:

- Foráil an tsoláthair leorga de uisce dromchla agus screamhuisce dea-cháilíochta de réir mar atá ag teastáil le haghaidh úsáid uisce inbhuanaithe, cothrom agus cothromasach;
- Laghdú suntasach i dtruailiú an screamhuisce;
- Cosaint na n-uiscí dúichíocha agus muirí, agus;
- Gnóthú na gcuspóirí de chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha.

Tacaíonn sé trí phrionsabal suntasacha;

- 1) I bprionsabal an ghnímh réamhchúramach, nuair atá bagairtí damáiste tromchúiseach nó dochúlaithe, níor chóir easpa lán-chinnteachta eolaíochta a úsáid mar chúis chun bearta atá éifeachtach ó thaobh costais de a chur ar athló chun díghrádú an chomhshaoil a chosc.
- 2) De réir an phrionsabail íoc mar a thruaillítear, ba chóir don té a dhéanann an truailliú íoc as a gcuid éifeachtaí trí mheán slite a aimsiú chun tuilleadh truaillithe a chosc agus trí costais an athchóirithe a íoc araon.
- 3) Prionsabal aisghabhála costas na seirbhísí uisce, a iarann ar bhallstáit polasaithe praghsála uisce a úsáid "a chuireann tionscnaimh chuí ar fáil d'úsáideoirí chun acmhainní uisce a úsáid go héifeachtach".

Tá forfheidhmiú na TCU bunaithe ar bhainistiú an dobharcheantair. Is é atá i ndobharcheantar ná ceantar talún óna sníonn uisce isteach in aibhneacha agus locha (nó díreach isteach sa bhfarraige). Ní mór do na huiscí go léir laistigh den dobharcheantar, ina n-áirítear screamhuisce agus linnte uisce saorga cosúil le taiscumair agus canálacha, a riaradh i tslí cothrom. Is é rud is tábhachtaí ná go mbeadh na húsáideoirí uisce agus na páirtithe leasmhara go léir .i. na geallshealbhóirí bainteach. Iarann an cuspóir sáraitheach den TCU "ard-stádas" na n-uiscí a chothabháil áit a bhfuil sé anois, ag cosc aon mheathlú i stádas eiseach na n-uiscí agus "dea-stádas" ar a laghad a bhaint amach maidir leis na huiscí go léir faoi 2015.

Is iad seo a leanas na cuspóirí eile den TCU:

- Stádas na n-éiceachórais uisceacha a chosaint agus a fheabhsú (agus éiceachórais domhanda agus bogaigh atá ag brath go díreach ar éiceachórais uisceacha);
- Úsáid uisce inbhuanaithe a chur chun cinn bunaithe ar an gcosaint fadtéarmach d'acmhainní uisce atá ar fáil;
- Foráil a dhéanamh don soláthar leorga de uisce dromchla agus screamhuisce dea-cháilíochta de réir mar atá ag teastáil le haghaidh úsáid uisce inbhuanaithe, cothrom agus cothromasach;
- Foráil a dhéanamh do chosaint agus feabhsú feabhsaithe den chomhshaoil uisceach trí mheán sceite, astúcháin agus caillteanais substaintí tosaíochta a laghdú / a chur i gcrích de réir a chéile, agus;
- Cur le maolú na n-éifeachtaí de tuithe agus triomaigh.

4.7.3 Dúichí Abhantraí

Baineann an TCU úsáid as an abhantrach mar aonad nádúrtha um bhainistiú uisce agus sannadh gach abhantrach chuig Dúiche Abhantraí (DA). Thug an Three Rivers Project, a chlúdaigh dobharcheantair Aibhneacha na Bóinne, na Life agus na Siúire, córas monatóireachta isteach le haghaidh dobharcheantair abhann ar bhonn treorach leis an tabhairt isteach ar feithreamh den Treoir um Chreatlach Uisce.

Is é cuspóir foriomlán na dtionscadal abhantraí ná córas comhtháite monatóireachta agus bainistíochta do na huiscí go léir laistigh de DA, clár bhearta bainistíochta dinimiciúil a fhorbairt agus Plean Bainistíochta Abhantraí a tháirgeadh, a dhéanfar a nuashonrú go leanúnach.

Ní mór do DA uiscí cósta / muirí a chur san áireamh atá suas go dtí aon mhuihmhíle thar an mbunlíne óna tomhastar uiscí teorann. Is é atá in abhantrach ná ceantar talún ónar sníonn na reatha chun srutha dromchla go léir trí sraith srutháin, aibhneacha agus b'fhéidir locha isteach sa bhfarraige ag béal abhann, inbhear nó delta amhain. Is ceantar talún agus farraige é ina bhfuil abhantrach amháin nó níos mó abhantracha comharsanachta le chéile lena gcuid screamhuisce gaolmhar, agus uiscí cósta agus aitheanta mar an phríomh cheantar le haghaidh bainistiú uisce comhordanáidithe.

Beidh an príomh ról ag Údaráis Áitiúla chun na tionscadail seo a bhunú, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm. Go fírinneach, déanfar DA in Éirinn a shocrú ag an ngrúpáil nádúrtha de cheantair hidiméadracha i réigiúin acmhainne uisce atá ar eolas d'Údaráis Áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile cheana féin. Luíonn formhór na Mí i nDúiche Abhantraí an Oirthir (DAO), i dteannta le 13 údaráis eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil ceantar na Mí, ó thuaidh agus le Grangegeeth, Ráth Cheannaigh, Baile an Chaisleáin, An Obair agus Coill Chill Mhaighneann san áireamh i nDúiche Abhantraí nEathach na Banna cé go bhfuil gob iarthar an Chontae timpeall An Seanchaisleán san áireamh i nDúiche Abhantraí na Sionna. I rith 2004, d'ullmhaigh meitheal oibre a bhí faoi cheannas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tuarascáil carachtrachta do Dhúiche Abhantraí an Oirthir. Rinne an tuarascáil seo líon na linnte-uisce sa DAO atá i mbaol neamhghnóthaithe dea-stádas faoi 2015 a cháinníochtú. Is í an chéad chéim eile ná clár bearta a shocrú atá de dhíth chun dea-stádas cáilíochta uisce a bhaint amach faoi 2015. Méadóidh cead a thabhairt do tuilleadh forbartha i gceantair leochaileacha a ainmníodh i dTuarascáil Carachtrachta na Treorach um Chreatlach Uisce an deacracht a bhaineann le dea-stádas cáilíochta uisce a bhaint amach faoi 2015.

Tá ceithre chineálacha úsáide talún i gceannas ar an DAO, ina n-áirítear ceantair talmhaíochta, uirbeacha, nádúrtha, (foraoisí agus portaigh), agus ceantair chósta. Is é an DAO an abhantrach is mó uirbithe agus pobalaithe in Éirinn. Clúdaíonn úsáid talún uirbigh 8% den dúiche, ina n-áirítear Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tá sé le síleadh go leanfaidh an DAO ag brath fáis daonra agus forbartha agus go mbeidh tionchair aige seo ar an gcomhshaol uisceach.

Is cúis roinnt brúnna tionchair diúltacha a bheith acu ar linnte uisce agus ar an gcomhshaol nádúrtha i gcoitinne iad na príomh spreagthaí (fás daonra, táirgeadh talmhaíochta, táirgeadh tionsclaíoch agus fostaíochta, turasóireacht, iompar, éileamh agus caitheamh fuinnimh). Is féidir le brúnna teacht chun cinn i bhfoirm gníomhaíochtaí antrapaigineacha nó foinsí truaillithe.

I measc na mbrúnna comhshaoil atá sa DAO tá:

- Poncfoinsí - Is é atá i bponcfoinsí ná pointí sceite atá sainmhínithe go soiléir a fhreastalaíonn ar fhoinsí sainmhínithe. Seasann sceite ó ghléasraí cóireála fuíolluisce (WWTP) don bhrú poncfoinse is coitianta agus is suntasaí.

- Foinsí idirleata - Is sceitheadh atá scaipthe go geografach í foinse idirleata, nach féidir a shainmhíniú ag foinse doiciméadaithe “deireadh an phíopa” amháin, cosúil le WwTP nó scaoileadh tionsclaíoch. I measc foinsí idirleata tá rith chun srutha dromchla a ghineadh ó cheantair uirbeacha nó talmhaíochta go príomha i rith imeachtaí stoirme nó uisciú. I measc foinsí eile atá rangaithe mar foinsí idirleata tá umair seipteacha, draenacha uisce dromchla éillithe, clóis feirme agus sceitheadh séaraigh.
- Athruithe fisiceacha - Tá formhór na n-aibhneacha a théann trí lárionaid uirbeacha clasaithe chun cosc a chur ar thuile agus chun lígean d’fhorbairt in aice na habhann. Cuireann clasú brú i bhfeidhm trí córais sreafa a athrú agus trí an ghnáthóg bhrúachánach agus an ghnáthóg sa sruth araon a athrú.
- Diúscairt dramhaíola - Cuireann áiseanna diúscairt dramhaíola soladaí cosúil le líonadh talún brúnna ar an gcomhshaol uisceach trí mheán táirgeadh agus scaoileadh láisteáite isteach in uiscí dromchla nó screamhuiscí.
- Astarraingt uisce - Is féidir le hastarraingt uisce le haghaidh soláthairtí uisce nó úsáid tomhaltach brú a chur i bhfeidhm trí méid an uisce atá ar fáil don chomhshaol a laghdú. De réir mar a mhéadaíonn an daonra agus táirgeadh tionsclaíoch, mhéadóidh an t-éileamh ar uisce chomh maith.
- Áineas agus turasóireacht - Tá an brú is mó ó turasóireacht ar ghléasraí cóireála fuíolluisce agus soláthairtí uisce.

4.7.4 Clár Uisce Tuaithe

Tá Údarás Áitiúla freagrach as na córais phríomhlíonra poiblí a chothabháil agus as caighdeán an uisce a dháileann siad a chinntiú. Tá Údarás Áitiúla freagach as caighdeán an uisce d’earnáil na grúp-scéime uisce chomh maith.

Mar fhreagra ar droch-chaighdeán uisce i roinnt mhaith soláthairtí uisce tuaithe, bhunaigh an Rialtas an Clár Uisce Tuaithe agus í d’aidhm aige feabhas a chur ar chaighdeán agus fheidhmiúlacht a lán de ghrúp-scéimeanna na hÉireann. Tá níos mó agus níos mó grúp-scéimeanna á táthcheangal ag Údarás Áitiúla ag féachaint le feabhas a chur ar chaighdeán an tsoláthair uisce. Tá fórdheontas ar fáil freisin do bhaill ghrúp-scéimeanna poiblí agus príobháideacha araon chun cabhrú le costais riartha na scéimeanna.

Faoin gClár Uisce Tuaithe, ní mór do gach chontae plean uisce tuaithe straitéiseach a ullmhú. Déanann an plean seo na réimsí ar gá feabhsú a thabhairt chun suntais agus beartaíonn sé ar conas na deontais agus fóirdheontais éagsúla atá ar fáil le haghaidh feabhsú agus cothabháil na gcóras soláthair uisce a uasmhéadú. Ní mór d’Údarás Áitiúla fardal na ngrúp-scéimeanna a chur le chéile agus caighdeán an tsoláthair uisce de chuid na grúpaí seo a thabhairt faoi deara. Is í aidhm foriomlán an phlean ná aimsiú conas uisce a sheachadadh sa tslí is éifeachtaí agus is feidhmiúla agus is féidir.

Clúdaíonn an Clár Uisce Tuaithe i gCo. na Mí dhá earnáil, is iad sin grúp-scéimeanna agus scéimeanna beaga. Tá earnáil grúp-scéimeanna gníomhach sa Mhí le níos mó ná 40 scéimeanna dá leithéid forbartha le cúig bliana anuas ina mbíonn leathnú na soláthairtí poiblí chuig pobail tuaithe i gceist go tipiciúil. Is é atá i gceist sna Scéimeanna Beaga ná feabhsuithe bonneagracha seirbhísí uisce riachtanacha agus rinneadh 47 scéimeanna dá leithéid le cúig bliana anuas.

4.7.5

Screamhuisce

Is príomh acmhainn nádúrtha in Éirinn é screamhuisce a sholáthraíonn idir 20% agus 25% de sholáthairtí uisce óil phoiblí. I mórán ceantair tuaithe, is é screamhuisce an t-aon fhoinsé soláthair. Chomh maith le huisce óil a sholáthar, tá acmhainní screamhuisce tábhachtach ós rud é go gcuireann siad cuid suntasach den sruth i mórán aibhneacha ar fáil (níos mó ná 90% de toirteanna srutha an tsamhraidh i gcásanna áirithe). Aithníodh an t-idirpleáchas de screamhuisce agus uisce dromchla ag an Treoir AE um Chreatlach Uisce, a iarann go ndéanfar iad a bhreathnú le chéile i bhforbairt na bpolasaithe bainistíochta dobharcheantair chomhtháite. Is dóchúil mar sin go leanfaidh an Treoir seo leis an treocht a bunaíodh ag reachtaíocht roimhe seo (cosúil le an Treoir um Níotráití), ina bhfuil saincheisteanna screamhuisce ar thús cadhnaíochta na mbreithniúchán pleanála comhshaoil anois.

Is acmhainn é screamhuisce atá i mbaol níos mó ó ghníomhaíochtaí daonna. Tagann an phríomh bhagairt ar screamhuisce ó:

- 1) Poncfoinsí éillithe m.sh. dramhail an chlóis fheirme (eisleach sadhlais agus uisce truaillithe don chuid is mó), eisleach umair seiptigh, srutháin suncála, sceite, doirteadh, lotnaidicídí a úsáidtear ar mhaith le cuspóirí neamh-talmhaíochta agus láisteáit ó shuímh diúscair, agus;
- 2) Foinsí idirleata m.sh. scaipeadh leasacháin (orgánacha agus neamhorgánacha) agus lotnaidicídí. Cé gur cúis formhór na bhfadhbanna éillithe a aithníodh go dtí seo iad poncfoinsí, tá fianaise ann go bhfuil tionchar níos mó ag poncfoinsí ar screamhuisce.

Ós rud é nach féidir amharc ná tomhas a dhéanamh ar shreabhadh screamhuisce agus iompar an ábhair salaithe go héasca, agus toisc go bhfuil an dá phróiseas mall i gcoitinne, is féidir easpa meabhraíochta a bheith ann nó, i gcásanna áirithe, bolgás i measc lucht déanta cinntí maidir le rioscaí an éillithe screamhuisce.

Tá screamhuisce in Éirinn á chosaint faoi reachtaíocht AE agus reachtaíocht náisiúnta. Tá na húdaráis Áitiúla agus an GCC freagrach as ucht an reachtaíocht seo a chur i bhfeidhm. Meán praiticiúil agus éifeachtach chun screamhuisce a chosaint agus cosc a chur ar thruailliú ná trí úsáid a bhaint as an Scéim Cosanta Screamhuisce. Rinne an tSuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann, an RCORÁ agus an GCC an mhodheolaíocht chun Scéimeanna Cosanta Screamhuisce a tháirgeadh a chomh-fhorbairt.

Cuireann Scéimeanna Cosanta Screamhuisce treoirlinnte ar fáil do na húdaráis phleanála agus ceadúnaithe maidir le feidhmiú a gcuid feidhmeanna agus creatlach chun cabhrú leis an gcinnteoireacht maidir le láthair, nádúr agus smacht na bhforbairtí agus ngníomhaíochtaí d'fhonn screamhuisce a chosaint. Má bhaintear úsáid as an scéim, cabhraíonn sé le cinntiú go dtugtar aird mar is cuí ar an ngá chun úsáid tairbheach an screamhuisce a choimeád laistigh de na próisis phleanála agus cheadúnaithe.

Is í aidhm na Scéime Cosanta Screamhuisce caighdeán agus méid an screamhuisce a chothabháil agus i gcásanna áirithe é a fheabhsú, trí cur chuige atá bunaithe ar mheasúnú riosca a chur i bhfeidhm ar chosaint screamhuisce. Sa tslí seo, cabhraíonn sé le húdaráis phoiblí cloí lena bhfreagracht chun screamhuisce a chosaint, lena n-áirítear Údaráis Phleanála, a bhfuil feidhm mhór acu i bhforbairt agus rialú na húsáide talún agus an chomhshaoil tógtha.

Tá dhá phríomh chuid comhtháite d'fhonn an Scéim Cosanta Screamhuisce a tháirgeadh:

- 1) Críosáil dromchla talún, agus;
- 2) Freagraí cosanta screamhuisce ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith truaillitheach go hionchasach.

Is ard-tosaíocht í cosaint chaighdeán an screamhuisce ó thionchar na ngníomhaíochtaí daonna toisc;

- Is foinse uisce tábhachtach í screamhuisce do tionsclaíocht, talmhaíocht agus uisce óil;
- Téann screamhuisce go mall tríd an talamh agus mar sin bíonn tionchar na ngníomhaíochtaí daonna le brath ar feadh tréimhse ama réasúnta fada;
- D'fhéadfadh go mbeadh sé deacair screamhuisce a ghlanadh, fiú nuair a baintear foinse an truailithe;
- Soláthraíonn screamhuisce bunsreabh chuig córais uisce dhromchla agus dá réir sin téann a chaighdeán i bhfeidhm ar luach áineasa agus conláiste an screamhuisce agus a úsáid féideartha do chuspóirí soláthair uisce;
- Éagsúil ó screamhuisce nuair atá an sreabhadh i gcainéil sainithe, tá screamhuisce i láthair i ngach áit;
- Tá gníomhaíochtaí talmhaíochta, tionsclaíochta agus gníomhaíochtaí daonna eile ag cur caighdeán an screamhuisce i mbaol níos mó, agus;
- Iarann reachtaíocht AE agus rialacháin náisiúnta gur chóir truailliú a chosc (mar chuid de bhainistiú cáilíochta screamhuisce inbhuanaithe).

Le deacrachtaí ag teacht chun cinn i leibhéil astarraingthe méadaithe ó na príomh aibhneacha chun freastal ar an éileamh, is léir go leagfar spleáchas níos mó ar screamhuisce chun an t-éileamh méadaithe a shásamh go háirithe i dtreo oirthir agus oirdheiscirt an chontae. Cuireann Plean Cosanta Screamhuisce Chontae na Mí an t-eolas cúlra ar fáil faoi polasaithe an Phlean Forbartha seo agus cur chuige an Údaráis Phleanála i leith catagóirí forbartha éagsúla i réimsí leochaileachta screamhuisce éagsúla á leagadh amach. Cuireann Plean Cosanta Screamhuisce Chontae na Mí mion-bhunlíne ar fáil le haird ar chumas féideartha agus leochaileacht uiscigh. Tá sé ríthábhachtach i gcóir cosaint caighdeán an uisce cloí leis na caighdeáin is airde i dtéarmaí súiteáil agus cothabháil na n-áiseanna cóireála fuíolluisce.

Imlíníonn na Treorlínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe go mbeidh ar Údaráis Phleanála eolas faoin suíomh, measúnuithe oiriúnachta agus sain-deardh suímh d'aon áiseanna cóireála fuíolluisce a bheith acu a d'fhéadfadh a bheith de dhíth, lena n-áirítear measúnú leochailleachta an screamhuisce chun ligean do chinneadh tapaigh agus feasach a bheith déanta. Is é an rud is tábhachtaí le caighdeán an uisce a chosaint i gcomhthéacs áitribh nua a chur ar fáil ná ceantair tuaithe nach bhfuil aon séarach ann ná a chinntiú go dtreoraítear forbairt nua i dtreo suímh inar féidir áiseanna cóireála agus diúscartha fuíolluisce inghlactha a sholáthar, ag seachaint suímh ina bhfuil sé deacair go bunúsach áiseanna mar seo a sholáthar agus a chothabháil, mar shampla, suímh atá tugtha do tháblaí uisce an-ard agus tuilte nó áiteanna ina bhfuil screamhuisce leochaileach ar éiliúchán go háirithe.

4.7.6 Cáilíocht Uisce i gCo na Mí

Fuair an tSuirbhéireacht Náisiúnta GCC 2001-2003 amach go bhfuil feabhas tagtha ar chaighdeán an uisce sa Mhí. Tá feabhas tar éis teacht ar chéatadán na gcainéal abhann neamhthruaillithe a rinneadh suirbhéireacht orthu sa Mhí ó 20% i 1997 go dtí 25% i 2003. Is féidir é seo a chur i gcomparáid le ráta náisiúnta de 69% chainéil abhann neamhthruaillithe don tréimhse chéanna. Laghdaigh céatadán na gcainéal abhann atá truailithe go mór go 1%, i gcomparáid le 6% i 1997 agus is féidir breathnú air mar fheabhsúchán suntasach. Tá 42% de na cainéil abhann a rinneadh suirbhéireacht orthu sa Mhí beagáinín truailithe. Tá sé seo bunaithe ar na caighdeáin reatha áfach. Má chuirtear caighdeáin níos géire na Treorach um Chreatlach Uisce i bhfeidhm, titeann an ráta géilliúlachta go mór agus is é seo scála an dúshláin atá os comhair Chomhairle Contae na Mí thar saolré an chéad Phlean Forbartha eile agus ina dhiaidh.

Léirigh an tuarascáil GCC stáisiún abhann amháin atá truaillithe go trom i gContae na Mí, ar an Ainí ag Droichead Follistown (5ciliméadar soir ó Bhaile an Cheantaigh). Fuarthas an fhoinsé le bheith ina stáisiún cothaithe eallaí suite le hais bhruach an chainéil abhann, díreach in aghaidh an tsrutha ó Dhroichead Follistown. Tá an Chomhairle ag leanúint air ag déanamh monatóireachta ar an stáisiún seo ar bhonn míosúil chun a chinntiú go bhfanann an stáisiún seo gan truailliú. Rialacháin Fosfair - As an 109 suíomh sa Mhí, cloíonn 39 dóibh (36%) leis na caighdeáin fosfair atá sainithe.

I gcoitinn, tá caighdeán an uisce sa Mhí níos boichte i ndeisceart an Chontae, go háirithe ar imeall Chontae Bhaile Átha Cliath.

Tá tiúcháin fosfair ardaithe ag na haibhneacha seo a leanas:

- Scéine (Dún Seachlainn)
- An Ailbhine (Steach Maoilín)
- Abhainn Ghabhra (Ráth Tó agus Cill Dhéagláin)
- An Ifearnóg (Cnoc an Línsigh)
- An Ainí (Damhliag)
- Hurley (An Curragh)
- An Barda (Cill Bhríde)
- An Tulcha (Dún Búinne)
- An Ailbhine (Grangegeeth)
- An Chláidigh (Baile Roibín)

I Lúnasa 2005, léiríonn tuarascáil inmhéanach na Comhairle nach gcloíonn ach 62% de na stáisiúin leis na Rialacháin Fosfair, suas timpeall 25% ar 2003. Tharla an feabhsúchán seo toisc infheistíocht suntasach don chuid is mó in uasghrádú na ngléasraí cóireála fuíolluisce bardasacha (An Uaimh & Baile Átha Troim).

Cé gur baineadh amach feabhsúcháin, ní mór don Chomhairle an dul chun cinn seo a choimeád má tá na spriocanna (Rialacháin Fosfair, Treoir um Chreatlach Uisce) le bheith bainte amach. I láthair na huaire, tá 25% de na haibhneacha a rinneadh suirbhéireacht orthu sa Mhí gan truailliú agus tá feabhsú de dhíth ó 75% de na haibhneacha sa Mhí. Tá clár oibre i bhfeidhm chun na feabhsuithe atá de dhíth a bhaint amach.

POLASAITHE MAIDIR LE CÁILÍOCHT UISCE

POL BONN 55	Caighdeán comhshaoil agus eiceolaíochta ár n-uiscí a chothbháil, a fheabhsú agus a fhorbairt trí Pleananna Bainistíochta Cáilíochta Uisce a chur i bhfeidhm a thiocfaidh chun cinn ó Thionscadail na nDúichí Abhantraí nEathach na Banna agus na Sionna i gcomhar leis na heagraíochtaí agus na príomh gheallshealbhóirí go léir do chosaint na n-uiscí óil, dromchla, cósta, inbhir agus screamhuiscí mar chuid d'fhorfheidhmiú na Treorach AE um Chreatlach Uisce.
POL BONN 56	Acmhainní screamhuisce a chosaint le haird ar an bPlean Cosanta Screamhuisce Chontae na Mí.
POL BONN 57	Carachtar nádúrtha orgánach na sruthchúrsaí agus n-aibhneacha sa Chontae a chosaint, a chothabháil, a fheabhsú agus a fhorbairt, agus rochtain, bealaí siúlóide agus úsáidí áineasa eile dá spáis oscailte poiblí chomhlacha a chur chun cinn, i gcomhréir le straitéis sainmhínithe um chaomhnú nádúir agus chosaint tuile.

POL BONN 58 Conairí bruachánacha a bhunú, nuair is féidir, atá saor ó fhorbairt, le hais na sruthchúrsaí suntasacha go léir sa chontae.

POL BONN 59 Srian a chur, nuair is féidir, ar úsáid na linteireach ar shruthchúrsaí sa Chontae.

POL BONN 60 Feabhas leanúnach de chaighdeán an uisce, áiseanna snámha agus deiseann áineasa eile sna huiscí cósta, inbhir agus dromchla sa Chontae a lorg.

POL BONN 61 A chinntiú go gcloíonn umair seipteacha agus córais chóireála dílsithe, nó córais stórála agus cóireála fuíolluisce eile, agus ceantair síothlaithe comhlacha aon áit a bhfuil siad de dhíth mar chuid d'fhorbairt, leis na Rialacháin den Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus go ndéantar iad a fhostú in áiteanna a bhfuil coinníollacha suímh oiriúnacha ann amháin.

CUSPÓIRÍ MAIDIR LE CÁILÍOCHT UISCE

CUS BONN 27 Pleananna Bainistíochta Uisce Comhtháite a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú ar bhonn treorach i ndobharcheantair atá in ord tosaíochta i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla tadhlaigh, d'fhonn éascú a dhéanamh ar an bpolasaí a bhaineann le bainistíocht uisce comhtháite ar fud an Réigiúin.

CUS BONN 28 Measúnú a dhéanamh ar na sruthchúrsaí go léir sa Chontae le haghaidh cumas athshlánúcháin féideartha, go háirithe i gcomhar le bearta draenála inbhuanaithe.

CUS BONN 29 Scéimeanna cosanta screamhuisce a fhorbairt i gcomhréir leis na moltaí atá i bhfoilseachán an RCORÁ / GSI / GCC 'Groundwater Protection Schemes, 1999' nó aon fhoilseachán athbhreithnithe nó athchuir.

4.8 COSAINT AR THUILTE

4.8.1 Réamhrá

Is feiniméan nádúrtha den chiogal hidreolaíoch é tuiliú. Cé go bhfuil cineálacha agus cúiseanna éagsúla tuile ann, is é an ceann is coitianta i gCo. na Mí ná tuiliú na n-aibhneacha (agus Inbhear na Bóinne agus a gcuid fo-aibhneacha i gcás an Mhí Thoir) agus easnamh na líonraí píopa uisce stoirme mar fhreagra ar fhíor-imeachtaí baistí. Tá mórán fachtóirí ann a chuireann isteach ar iompar tuile agus céimeanna an riosca atá ann. Cosúil le próisis nádúrtha eile, ní féidir tuiliú a dhíothú ina iomlán, ach is féidir a chuid tionchair a íoslaghdú trí mheán bainistiú réamhghníomhach atá inbhuanaithe ó thaobh an comhshaoil de. Is é an freagra polasaí inghlactha i leith cosaint tuile anois ná bainistíocht a dhéanamh ar an riosca ar bheatha agus mhaoine sa tslí is inbhuaine agus is féidir agus chun breathnú ar an riosca tuile agus a chuid tionchair ghaolmhara ar fhorbairt ar bhonn dobharcheantair, in ionad ar bhonn láthair indibhidiúil. Déanfaidh sé seo forbairt inbhuanaithe a éascú trí mheán damáiste tuile amach anseo a laghdú, agus mar sin ag laghdú na gcostas eacnamaíocha agus sóisialta féideartha gaolmhara.

Tugann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt aghaidh ar an saincheist seo, trí mheán aitheantas a thabhairt don ghá le haghaidh cur chuige comhtháite, pleanáilte agus inbhuanaithe i leith tuiliú, le haird ar a chuid tionchair ar agus nasc chuig forbairt. Léiríonn an Chéad Sceideal den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 gur féidir le pleananna forbartha cuspóirí a chur san áireamh a rialaíonn, a chuireann srian nó smacht ar fhorbairt i gceantair atá i mbaol tuile (bíodh siad intíre nó cois cósta), creimthe agus giúiseacha nádúrtha eile.

Tá sé de dhualgas ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ag leibhéal náisiúnta monatóireacht a dhéanamh ar agus aghaidh a thabhairt ar chásanna a bhaineann le tuiliú. Tá roinnt mhaith tionscadail a bhaineann le tuiliú faoi lán seoil i láthair na huaire ag an OPW lena n-áirítear éascú an athbhreithnithe rialtais ardleibhéil ar shaincheisteanna tuile agus bhainistiú tuile. Tá an OPW bainteach chomh maith le hullmhúchán na léarscáileanna stairiúla / táscacha. Ag leibhéal áitiúil, tá roinnt mhaith cainéil draenála agus aibhneacha tábhachtacha i gContae na Mí lena bhfuil Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach. Agus iad ag déileáil le hiarratais ar fhorbairt i gcomharsanacht chainéil dá leithéid, rachaidh Comhairle Contae na Mí i gcomhairle leis an OPW.

Ag leibhéal réigiúnach, rinneadh breathnú ar shaincheist na tuile ag an GDSDS chomh maith (arna dhéanamh tagairt dó cheana féin). Agus critéir measúnaithe forbartha agus / nó caighdeáin bhainistíochta forbartha á ullmhú, atá imlínithe i rannóg na gcaighdeán teicniúla, thug an tÚdarás Pleanála aird ar agus rinne sé a ndícheall moltaí an GDSDS a chur san áireamh.

POLASAITHE

POL BONN 62	Páirt ghníomhach a ghlacadh san National Flood Policy Review, atá á dhéanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW).
POL BONN 63	Forbairt a rialú sa tuilemhá nádúrtha d'aibhneacha agus treoirilínte a fhorbairt, i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla tadhlaigh, le haghaidh forbairt ceadaithe i gceantair catagóire éagsúla atá i mbaol tuile.
POL BONN 64	Níor cheart go mbeadh an fhorbairt í féin faoi réir priacail tuilte mhíchuí ná níor chóir di a bheith ina cúis le priacal mar sin ag ionaid eile ná do dhianú an phriacail sin. Is iondúil nach gceadófar don fhorbairt ar íogair d'éifeachtaí na dtuilte í i gceantair atá i mbaol tuilte ná ceantair imeallacha.
POL BONN 65	Iallach a chur gach forbairt shuntasach a théann i bhfeidhm ar cheantair i mbaol tuilte chun Measúnacht Tionchair Thuilte a sholáthar, cailliúint fhéideartha na stórála ar thuilemhána agus conas a sheach-chuirfí d'fhonn an tionchar ar an réimeas tuilte abhann.
POL BONN 66	Iallach a chur ar gach forbairt, roimh a tosú, mionsonraíde Phlean Rialála um Thruailliú Dríodair agus Uisce a chur isteach, do chomhaontú na Rannóg Draenála agus Comhshaoil.

POL BONN 67

Níor chóir go dtarlódh forbairt a mbaineann priacal tuilte doghlactha léi, as a n-eascródh baol don bheatha, dochar don mhaoín agus caiteachas gan taribhe ar oibreacha leasúcháin.

POL BONN 68

Níor chóir go gcruthódh an fhorbairt tuilte in áit éigin eile ná níor cheart go ndianódh an fhorbairt iad.

POL BONN 69

Níor cheart go dtarlódh an fhorbairt a dhéafadh dochar d'oibreacha féideartha chun priacal tuilte a laghdú.

CUSPÓIR

CUS BONN 30

Tuigfidh Rannóga Draenála agus Pleanála na nÚdarás Áitiúil méid na dtuilemhánna, agus an dóchúlacht go dtarlóidh tuilte sna ceantair sin, trí léarscáileanna priacail tuilte a tháirgeadh. Ba chóir go gcomtháthófaí na léarscáileanna priacail tuilte sin isteach sa Phlean Forbartha Contae, agus na Rannóga Pleanála agus Draenála ag catagóiriú na talún forbartha.

4.8.2 Tuiliú i gCo. na Mí

Táthar tar éis saincheisteanna tuilte a aithint ag na hionaid seo a leanas:

- In Oirthear na Mí, a bhaineann le hInbhear na Bóinne agus a craobh-aibhneacha. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar na tuilte ansin de réir an t-ardú a bhfuiltear ag dúil leis um leibhéal na farraige. Tá comhairligh tar éis scéim faoisimh thuilte a dhréachtú, a mbainfidh tionchair chomhshaoil nach beag ar ghnáthóga íogaire agus ainmnithe lena cur i bhfeidhm;
- I gCeanannas, ceantar ar a dtugtar "na Cúlthailte". Tá sé seo tar éis a bheith scrúdaithe agus tá scéim cosanta tuilte á bhreithniú ag Rannóg an Bhonneagair i leith na dtailte a criosáíodh roimhe seo;
- San Uaimh ag cumar Abhainn na Bóinne agus na hAbhann Duibhe;
- I gCluain Aodha síos go Baile an Bhóthair;
- Sa Ghabhar, Cill Dhéagláin;
- San Nanny, Damhliag mar a ndearna Oifig na nOibreacha Poiblí oibreacha leasúcháin fhairsinge, agus;
- Laistigh de phurláin Mhá Nuad.

Áirítear leis na ceantair mar a ndearna Comhairle Chontae na Mí staidéir thuilte tionscadal-bhunaithe:

- Scéim Cosanta Tuilte agus Uisce Dromchla Dhúiche Bhaile Uí Mhornaín arna déanamh ag Innealtóirí Comhairleach Kirk McClure Morton, Réamh-Thuarascáil Eanáir 2004;
- Staidéar Uisce Stoirme Cheanannais, le hInnealtóirí Comhairleach Carl Bro, Márta 2006, agus;
- Staidéar Draenála Straitéiseach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath - Staidéar Tuilte na Tulchann.

4.8.3 Córais Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe

Méadaítear go mór an rith freagartha chun srutha don bháisteach de bhua tiontú na ndromchlaí boga ina bpábháil chrua, dromchlaí dín, srl. leis an bhforbairt uirbeach de réir an chleachtais thraidisiúnta draenála uisce stoirme. D'fhéadfadh an buaicshreabhadh freagartha mar gheall ar na teagmhais measartha báistí ón dobharcheantar forbartha bheith 2-3 oiread ná an méid a mbeifí ag dúil leis ó dhobharcheantar neamhfhorbartha mar thoradh air sin.

Teastóidh ón Údarás Pleanála go gcuimseofaí 'Córais Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe' (SuDS) mar chuid de na tograí forbartha a bhain le gach forbairt mórsála sna lonnaithe aimnithe i gcomhair fhorbairt na todhchaí. Is teicneolaíochtaí éifeachtacha iad SuDS leis an aidhm chun priacal tuilte a laghdú, cáiliúcht uisce a fheabhsú agus an bhithéagsúlacht agus an taitneamhacht a fheabhsú.

POLASAITHE MAIDIR LE COSAINT AR THUILTE

POL BONN 70	An fhorbairt i dtuillemhánna nádúrtha gach abhainn agus sruthán a rialú, ina bhféadfadh tionchar diúltach bheith ag an bhforbairt sin ar rialúchán tuilte, rochtain do chothabháil cainéal nó oibreacha rialúcháin tuilte na todhchaí nó a d'fhéadfadh rannchur leis an díghrádú comhshaoil dá dtarlódh na tuilte.
POL BONN 71	An fhorbairt a shrianadh, ar íogair d'éifeachtaí na dtuilte í i gceantair atá i mbaol tuilte nó i gceantair imeallacha mura moltar bearta maolaitheacha leordhóthanacha, lena bhféadfadh baint bheith ag ullmhú Anailise ar Thionchar Tuile, chun sástacht an Údaráis Phleanála.
POL BONN 72	Iallach a chur ar gach forbairt mórsála i ngach aon lonnaithe aimnithe chun 'Córais Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe' (SuDS) a sholáthar mar chuid dá dtograí forbartha. Beidh an comhlíonadh leis na moltaí a fhaightear sa Cháipéis Teorach Teicniúla, Imleabhar 2, Caibidil 4 de Staidéar Draenála Straitéiseach Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath éigeantach i ngach aon ásc.
POL BONN 73	Dul i gcomhairle leis an Oifig Oibreacha Poiblí i ndáil le tograí forbartha i bhfoisceacht na gcainéal draenála agus na n-aibhneacha atá faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí, agus coinneoidh an tÚdarás Pleanála stráice 10 méadar go ginearálta ar gach aon bhuach den chainéal úd.

CUSPÓIRÍ MAIDIR LE COSAINT AR THUILTE

CUS BONN 31	Tacaíocht a thabhairt do chistiú riachtanais bhonneagair an uisce dromchla, arna n-aithint ag an Údarás Pleanála d'fhonn cóiriú do na leibhéil phleanáilte fáis a bhfuiltear ag dúil leo don chontae.
CUS BONN 32	An bonneagar do dhiúscairt an uisce dromchla a fheabhsú agus a shíneadh le fónamh do na leibhéil phleanáilte fáis, i rith saolré an phlean seo, d'fhonn an fhorbairt a éascú.
CUS BONN 33	Treoirilínte a fhorbairt, i gcomhoibriú leis na hÚdaráis Áitiúla cóngaracha de réir mar is cuí, i leith fhorbairt cheadaithe sna catagóirí ceantair éagsúla don bhaol tuilte.
CUS BONN 34	Na hoibreacha eatramhacha a thógáil, a moladh i Staidéar Tuilte na Tulchann agus, faoi réir infhaighteacht acmhainne, an scéim cosanta iomlán in aghaidh tuilte a chur i bhfeidhm.

CUS BONN 35 Comhoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun na moltaí a fhaightear laistigh de Réamhthuarascáil Deiridh - Scéim Cosanta in aghaidh Tuilte & Uisce Dromchla Dhúiche Bhaile Uí Mhornáin' arna foilsiú ag Innealtóirí Comhairleacha Kirk McClure Morton i mí Eanáir 2004.

CUS BONN 36 Moltaí Staidéar Uisce Stoirme Cheanannais a chur i bhfeidhm, arna fhoilsiú ag Innealtóirí Comhairleacha Carl Bro i mí an Mháta 2006 i gcomhar le forbairt tailte Phlean Ceantair Áitiúil na gCúltaitle.

CUS BONN 37 Dul i dteagmháil le hÚdarás Áitiúla eile i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus le hOifig na nOibreacha Poiblí chun léarscáileanna tuilte a ullmhú don Chontae.

Critéir Measúnachta Forbartha

Teastóidh dá réir go ndrachaítear tograí forbartha sa chaoi agus go dtabharfaidís aghaidh ar bhealach údarásach ar na saincheisteanna seo a leanas maidir leis an gcosaint in aghaidh tuilte.

- lallach ar chur ar gach aon fhorbairt shuntasach (i.e. forbairt ceantar os cionn 1 heicteár) a théann i bhfeidhm ar cheantair atá i mbaol tuilte chun Measúnacht Tionchair Thuilte a sholáthar i dteannta leis an iarratas pleanála chun cailliúint fhéideartha na stórála tuilemhá agus tograí i gcomhair stóráil nó maolúcháin doirte rith chun srutha (lena n-áirítear draenacha bréana) lena chinntiú nach méadaítear an baol tuilte sa dobharcheantar ábhartha leis an bhforbairt agus conas a sheach-chuirfí é d'fhonn tionchar an chórais tuilte abhann.
- Teastóidh deimhniú ón Údarás Pleanála, sa chás ina mbreithnítear é sin bheith ag teastáil, ó dhuine inniúil leis an gcáilíocht iomchuí nach gcuirfidh an forbairt le tuilte laistigh den docharcheantar ábhartha. Caithfidh deimhniú bheith i dteannta iarratas i gcomhair cead pleanála d'fhorbairt achar ar lú nó arb ionann agus 1 Heicteár iad.
- Féadann forbairt cuídheartha, nach íogair d'éifeachtaí na dtuilte í, bheith ceadaithe ar thuilemhánna, ar an gcuntar nach laghdaíonn sí achar an tuilemhá go suntasach nó an sreabhadh thar na tuilemhánna a shrianadh ar shlí éigin eile. D'áireofaí le samplaí de na forbairtí sin limistéir pháirce, páirceanna imeartha, cineálacha áirithe tionscail, trádstóráil, srl. atá deartha le bheith frithsheasmhach in aghaidh tuilte agus / nó neamhíogair in aghaidh tuilte. Ba chóir go n-áireofaí le forbairtí mar sin bearta leordhóthanacha chun dul i ngleic leis an bpríacal síoraí in aghaidh tuilte, m.sh. córais draenála leordhóthanacha, bearta sábháilteachta, áiseanna freagartha éigeandála agus / nó córais fholáirimh agus freagartha agus de réir mar a mheastar nach dtiocfadh cruatan / cailliúint airgeadais ná costas suntasach mar thoradh ar na tuilte.
- Caithfear gach forbairt úr bheith deartha agus tógtha leis na híoschaighdeáin deartha tuilte seo a leanas a shásamh:
 - Do cheantair uirbeacha nó nuair a bhíonn baint ag forbairt leis an scéal (ceann atá ann, a mholtar nó a bhfuiltear ag dúil leis) - an tuile gach re 100 bliain;
 - Do cheantair thuaithe nó nuair a bhíonn baint ag forbairt leis an scéal (ceann atá ann, a mholtar nó a bhfuiltear ag dúil leis) - an tuile gach re 25 bliain, agus;
 - Ar feadh an chósta agus na n-inbhear - leibhéal taoide gach re 200 bliain.

- Beidh ar fhorbairtí in aice le sruthchúrsaí sa chontae a chinntiú go bhfuil soláthar leordhóthanach ann don rochtain chun a ligean do chothabháil agus glanadh, oibreacha feabhsúcháin na todhchaí nó oibreacha éigeandála eile. Teastaíonn spás glan idir 5 agus 20 méadar, ag brath ar leithead an tsruthchúrsa féin.

Tá Comhairle Chontae na Mí tiomanta do sheachaint phriacal na dtuille i bhforbairtí nua sa mhéid agus is féidir, le tionchar na struchtúr agus na gcréfort ar thuilemhánna agus shreabhadh abhann a íoslaghdú, agus ráta agus cainníocht rith chun srutha an uisce dromchla ó gach aon fhorbairt nua a laghdú sa mhéid agus is féidir. Dóibh siúd, forbairtí a bhreithniú laistigh de limistéir an chontae a fhéadann bheith i mbaol tuilte, moltar bearta a chuimsiú chun patrúin tuilte a thabhairt san áireamh.

Íoslaghdú Rith chun Srutha

Caithfear an fhoráil uasta chun ráta agus cainníocht an rith chun srutha a laghdú a chuimsiú sa mhéid agus is infheidhmithe go réasúnach leis an bhforbairt sna tuilemhánna, limistéir atá i mbaol tuilte agus limistéir inar imeallach é cumas iompair na sruthchúrsaí. Áirítear leis na bearta sin:

- Ba cheart limistéir chruadhromchla (carrchlóis, srl) a thógáil as ábhair scagacha agus leathscagacha;
- Ba cheart go soláthrófaí linnte uisce stoirme ar an láthair chun rith breise chun srutha ón bhforbairt a stóráil agus / nó a mhaolú, agus;
- Ba chóir go soláthrófaí poill súite nó draenacha talún chun insíothlú a mhéadú agus rith breise chun srutha a íoslaghdú.

Is inmhianaithe iad na bearta dearaidh / tógála inbhuanaithe úd sa chuid is mó de na ceantair sin, agus is bunriachtanas iad sna tuilemhánna, ceantair ina dtarlaíonn tuilte, agus ceantair inar imeallach iad cumas iompair na sruthchúrsaí. Is amhlaidh i ngach aon cheann de na cásanna sin go méadaítear priacal na dtuille ar thailte agus maoin le sruth leis an bhforbairt a laghdaíonn an ráta ionsúcháin nó a mhéadaíonn an ráta rith chun srutha.

Stráicí Fuascailte

Ciorrófar úsáid na Stráicí Fuascailte, trí athbhreithniú leagan amach na draenála ag céim an iarratais phleanála le haon deis shoiléir arna cruthú ag an iarratasóir a aithint. Ba cheart go mb'fheasach do na cigirí sin faoin gcleachtas, agus bheith ar an airdeall i leith chruthú na ndeiseann sin ar an láthair.

4.9 DRAMHAÍL SHOLADACH / BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

4.9.1 Réamhrá

Baineann soláthar áiseanna athchúrsála, forghníomhú reachtaíocht na dramhaíola, forfheidhmiú na rialachán pacáistíochta agus rialachán eile, agus soláthar an oideachais i leith gach gné dár gcomhshaol leis an mbainistiú dramhaíola. Tá an chaoi chun dramhaíl a bhainistiú go hinbhuanaithe aitheanta anois mar cheann de na trí dhúshlán straitéiseacha atá os comhair chomhshaol na hÉireann, is ionann an dá cheann eile agus tiomantais idirnáisiúnta um astúcháin aeir a shásamh agus cosc agus rialáil an eotróifaithe.

Áireofar leis na Pleananna Forbartha, de réir riachtanais an tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000, cuspóirí i gcomhair :

soláthar nó éascú soláthar an bhonneagair lena n-áirítear iompar, fuinneamh agus áiseanna cumarsáide, soláthairtí uisce, áiseanna tarrthála agus diúscairthe dramhaíola (agus féachaint tugtha do phlean bainistiú dramhaíola an cheantair de réir an tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996), seirbhísí dramhuisce, agus áiseanna coimhdeacha.

Tá pleananna réigiúnacha agus áitiúla um bainistiú dramhaíola ann ar fud na tíre anois de réir cheangaltas na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996 go 2005, agus na Creat-Treorach Dramhaíola (Comhairle na gComhphobal Eorpach), 1975. D'fheidhmigh an nós imeachta pleanála sin mar an chéad uair ar cuireadh cur chuige cuimsitheach iomlánaíoch chun feidhme bhainistiú na dramhaíola, agus tá an cumas aige líonra comhtháite náisiúnta de sheirbhísí agus áiseanna bainistíochta a sholáthar.

4.9.2 Comhthéacs an Pholasaí

D'fhoilsigh an RCORÁ an ráiteas polasaí um bainistíocht dramhaíola "Changing Our Ways" i mí Mheán Fómhair na bliana 1998. Bhí an ráiteas sin ceaptha chun creatlach náisiúnta polasaí a sholáthar do ghlacadh agus cur i bhfeidhm pleananna dramhaíola straitéiseacha ag na hÚdarás Áitiúla faoina mbainfí amach cuspóirí agus spriocanna náisiúnta.

Tugadh tacaíocht láidir sa ráiteas polasaí:

- Don phleanáil straitéiseach bhríomhar ar bhonn réigiúnaithe;
- Do laghdú drámatúil sa tuilleamaí ar líonadh talún, i bhfabhar chur chuige comhtháite um bainistiú dramhaíola a bhaineann leas as réimse roghanna cóireála dramhaíola chun seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla agus spriocanna uailmhianacha athchúrsála agus tarrthála a sheachadadh;
- Do rannpháirtíocht níos mó na hearnála príobháidí um sholáthar seirbhísí bainistíochta dramhaíola;
- Do chóras níos éifeachtaí agus níos cothromasaí do ghearradh muirear ar dhramhaíl le dreasachtaí i gcomhair íoslaghdú agus tarrtháil na dramhaíola;
- D'úsáid níos mó na n-ionstraimí reachtúla a chuireann síneadh le scóp na dtionscnamh um fhreagracht táirgeoirí, agus;
- Do shlógadh na tacaíochta agus na rannpháirtíochta poiblí.

Is é príomhchuspóir an tAcht um Chosaint an Chomhshaoil, 2003, (lenar cealaíodh an tAcht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001) meicníocht dhlíthiúil a sholáthar trínar féidir an próiseas reatha pleanála um bainistiú dramhaíola a thabhairt chun críche go luath. Foráiltear sa reachtaíocht sin gur feidhm (bainistíochta) feidhmiúcháin atá i gceapadh, athbhreithniú agus athchur plean bainistíochta dramhaíola. Bhí sé sin ann do shárú roinnt de na deacrachtaí a chonacthas cosúil le teip na nÚdarás Áitiúil chun glacadh leis an bplean réigiúnach molta ábhartha nó míshástach leis na cáilíochtaí nó coinníollacha atáthar á gcur ar ghlacadh le pleananna réigiúnacha eile.

Athdheirtear sa ráiteas polasaí dramhaíla is déanaí dar teideal "Taking Stock and Moving Forward" a foilsíodh i mí Aibreáin na bliana 2004 tiomantas i leith chur chun feidhme an ordlathais bhainistiú dramhaíola a aithnítear go hidirnáisiúnta. Is ionann an cur chuige comhtháite um bainistiú dramhaíola agus athchúrsáil uasta, tarrtháil an fhuinnimh ó dhramhaíl iarmharach agus éirí as an diúscairt líonta talún.

Tugtar an chumhacht don Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil faoi Alt 60 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, pé uair a mheastar an méid sin bheith cuí, treoracha ginearálta a thabhairt i bhfoirm scríbhíne don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil nó do gach aon Údarás Áitiúil maidir le polasaí i ndáil le saincheistean cosúil leis na pleanála dramhaíola, bainistiú na tarrthála

dramhaíola nó gníomhaíochtaí diúscartha a dhéantar gan ceadúnas dramhaíola agus feidhmíocht na nÚdarás Áitiúil i ndáil le gluaiseachtaí dramhaíola. Eisíodh treoir polasaí WIR 04/05 an 3 Bealtaine 2005 i ndáil le gluaiseacht na dramhaíola. Ní fhacthas sin roimh ré in “Taking Stock and Moving Forward”, agus bhí sé ceaptha le haghaidh a thabhairt ar ábhair bhuairimh go raibh na húdaráis rialaitheacha ábhartha ag glacadh cuir chuige lena bhain srianta neamhriachtanacha maidir le gluaiseach idir-réigiúnach na dramhaíola. Féadann a leithéid de chur chuige bheith ag teacht salach i roinnt imthosca ar úsáid réasúnach an bhonneagair bhainistithe dramhaíola agus ar chuspóirí an pholasaí náisiúnta.

Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha

Tugann na RPGanna le fios go gciallaíonn an fás daonra, an fás eacnamúil agus an méadú comhfhreagrach i nginiúint na dramhaíola teaghlaigh ó ghlac na húdaráis Áitiúla faoi seach leis na Pleananna Bainistiú Dramhaíola sa bhliain 2001 nach mbainfear amach na spriocanna a aithníodh sna pleananna laistigh de na creatlaí ama aontaithe. Maítear sna RPGanna freisin gur soiléir gur ró-uailmhianach iad na spriocanna a tugadh sna pleananna, cé go bhfuiltear tar éis dul chun cinn a dhéanamh, go háirithe i leith na hathchúrsála, agus go bhfuil easpa bonneagair bhainistíochta dramhaíola thromchúiseach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, don dramhaíl teaghlaigh agus tráchtála araon, a éireoidh ina fadhb ghéibheannach ón mbliain 2008 amach. Ba chóir go dtabharfaí faoi deara gurb í Contae na Mí an t-aon chontae i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath atá suite sa Réigiún Bainistíochta Dramhaíola Oirthuaisceartach agus nach bhfacthas a mhacasamhail sa chontae seo den taithí a chonacthas i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath trí chéile maidir le deacracht chun bonneagar bainistíochta dramhaíola leordhóthanach a sholáthar.

Tugtar faoi deara sna Treoirlínte go bhféadfaí machnamh in athuair faoi aistriú dramhaíola idir réigiúin laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ionad go dtabharfaí solúbthacht sa phlé leis an mbainistiú dramhaíola ag an leibhéal réigiúnach. Ba chóir go ligfí d’áiseanna úra a bhfeidhm riachtanach a fheidhmiú i réigiún amháin atá freisin mar chuid den straitéis níos leithne lena n-áirítear bainistiú dramhaíola i réigiún éigin eile.

Glaonn na RPGanna ar athbhreithniú na bPleananna Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha mar ábhar práinne d’fhonn athruithe déimeagrafacha, méaduithe i dtoirteanna dramhaíola agus feabhsuithe i dteicneolaíocht na bainistíochta dramhaíola a thabhairt san áireamh.

Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach

Is í Contae na Mí an t-údarás atá i gceann Réigiún an Oirthuaiscirt lena n-áirítear freisin Contaetha Lú, an Chabháin agus Mhuineacháin. Glacadh leis an mbun-Phlean Bainistíochta Dramhaíola (PBD) do Réigiún an Oirthuaiscirt i 2001. Táthar tar éis an PBD athchuir do Réigiún an Oirthuaiscirt a fhorbairt, a chuimsíonn an tréimhse 2005 - 2010. Freagraíonn an PBD athchuir d’athruithe sa reachtaíocht agus i dtreo an pholasaí araon, athruithe réigiúnacha agus deiseanna agus dúshlán trasteorann ó glacadh leis an mbun-PBD. Aithnítear ann freisin an dul chun cinn reatha um bainistiú dramhaíola, an fhís polasaí d’fhorbairt na todhchaí agus an bealach chun dul chun cinn a chur chun bhfeidhm agus a mhionatóireacht. Taispeánann an dul chun cinn go dtí seo gur éirigh go fíormhaith le forfheidhmiú an bhun-Phlean, le méadú nach beag sna rátaí athchúrsála teaghlaigh agus formhéadú breise de bhailiú teaghlaigh na n-earraí in-athchúrsáilte trioma. Tá an t-oideachas agus an fheasacht um shaincheisteanna bainistíochta dramhaíola tar éis dlúthú ar fud an Réigiúin tar éis ceapadh na nOifigeach Feasachta Comhshaoil i ngach aon Údarás Áitiúil. Tá fás suntasach tar éis tarlú freisin ar an mbonneagar dramhaíola sa Réigiún.

Imlínítear sa PBD Athchuir polasaí do na blianta 2005-2010 agus tugtar ann Cuspóirí Polasaí Réigiúnacha an Phlean féin. Is iad seo a lenas iad:

- i) Tabharfar tús áite do chosc agus íoslaghdú na dramhaíola, agus díreofar aird mhéadaithe ar earnálacha na scoileanna, an phobail agus an ghnó le heascairtí dramhaíola a laghdú.
- ii) Seachadfaidh an réigiún córas éifeachtach a shásaíonn an prionsabal gurb é an truaillitheoir a íocann as, agus a shásaíonn caighdeán arda na feidhmíochta comhshaoil agus gach dualgas reachtúil.
- iii) Streachálfaidh an Réigiún le rochtain a thabhairt ar sheirbhísí bainistiú dramhaíola ar fud an Réigiúin, go háirithe sna ceantair thuaithe.
- iv) Streachálfaidh an Réigiún le clúdach bailithe agus rannpháirteachas do theaghlaigh agus gnólaigh a fheabhsú, rud a chuirfidh laghdú leis an dramhaíl neamhbhailithe.
- v) Leanfaidh an Réigiún ar aghaidh ag cur feabhais leis an mbonneagar d'athchúrsáil agus tarrtháil na dramhaíola.
- vi) Déanfaidh an Réigiún ionchur dearfach na hearnála príobháidí a uasmhéadú chun cuidiú le cuspóirí an Phlean a shámsú.
- vii) Tabharfaidh Údarás Áitiúla an Oirthuaiscirt treoir más gá agus / nó más cuí chun críochnaíocht comhshaoil nó eile, go gcaithfear sreafaí dramhaíola a sheachadadh do chiseal áirithe san ordlathas dramhaíola (m.sh. athúsáid, athchúrsáil, cóireáil bhitheolaíochta, tarrtháil fuinnimh). Bainfear amach é sin trí mheán an chórais Chead Bailiúcháin Dramhaíola nó trí bhearta iomchuí rialúcháin nó forghníomhúcháin eile.

4.9.3 Bonneagar Dramhaíola

Tá fás mór tar éis teacht ar áiseanna sa réigiún ó thaobh an bhonneagair dramhaíola de. Is eochairchuid den straitéis í an athchúrsáil i gcomhair chur chuige inbhuanaithe don bhainistiú dramhaíola. Tá Comhairle Chontae na Mí tar éis saoráid athchúrsála a bhunú cheana féin san Uaimh agus i mBaile Átha Troim, agus an t-ionad is déanaí críochnaithe agus oscailte le déanaí i bPáirc Ghnó Cheanannais in Lloyd. Tá an earnáil phríobháideach tar éis ionad athchúrsála a fhorbairt i nDún Búinne. Molann an Chomhairle freisin méadú a chur le líon na suíomh agus éagsúlacht na n-ábhar a ghlactar ag na hIonaid Athchúrsála, agus spreagadh a thabhairt do sholáthar na nIonad Athchúrsála i ngach aon eastát tithíochta úr agus sna ceantair thuaithe. Tugtar faoi deara sa PBD athchuir gur tasc dúshlánach os comhair gach Údarás Áitiúil atá in aimsiú na suíomh oiriúnach. Táthar tar éis bailiú colbha d'ábhair dhramhaíola deighilte a thabhairt isteach sna ceantair uirbeacha.

Tá An Bord Pleanála agus An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tar éis ceadú a thabhairt do shuíomh ag Carranstown, Damhliag le fónamh do 150,000 tona de dhramhaíl cathrach an réigiúin in aghaidh na bliana. Tá sé sin faoi réir athbhreithniú breithiúnach chuig an gCúirt Uachtarach. Is líonadh talún arna oibriú go príobháideach atá i Líonadh Talún Knockharley, gar do Kentstown, lasmuigh de Phríomhbhóthar Náisiúnta an N2, faoi cheadúnas ón GCC. Tá toilleadh sa tsaoiréid réigiúnach sin i gcomhair 25 bliain, ag glacadh le 130,000 tona in aghaidh na bliana go dtí 2008 agus ag laghdú go dtí 88,000 tona in aghaidh na bliana. Glacann suíomh an líonta talún le dramhaíl cathrach agus thionsclaíoch araon, nach féidir a dhiúscairt ar bhealach sábháilte ar shlí éigin eile. Tugadh cead pleanála sa bhliain 2003 i leith an iarshuímh chairéil ag Baile Mhic Gormáin, agus pléifidh an suíomh sin leis an dramhaíl tógála agus scartála. Níltear tar éis aon oibriocht líonta talún a thosú ag an suíomh sin go nuige seo. Tá dhá Stáisiún Aistrithe Dramhaíola sa Chontae, atá suite ag Rathdrinnagh ar an N2 agus ag Clonmagadden, An Uaimh.

Plean Bainistíochta Bruscair

Tá gach aon Údarás Áitiúil faoi dhualgas plean bainistiú bruscair a ullmhú dá cheantar. Leagtar amach a gcuid cuspóirí chun bruscar a chosc agus a rialú chomh maith le bearta chun feasacht phoiblí a spreagadh i leith na faidhbe. Is iad na hÚdarás Áitiúla atá freagrach as forfheidhmiú na ndlíthe bruscair ina gceantar féin. Ciallaíonn sé sin gur iadsan atá freagrach as cosc agus rialú na dramhaíola, agus an chumhacht acu beart forghníomhúcháin a ghlacadh in aghaidh daoine aonair a bhriseann nó a dhéanann neamhaird ar na dlíthe úd. Tá an chumhacht ag Gardaí freisin fineálacha ar an láthair a eisiúint i leith cionta bruscair.

POLASAITHE I dTÉARMAÍ NA DRAMHAÍOLA SOLADAÍ / BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA

POL BONN 74	Forálacha an Ordilathais Bhainistiú Dramhaíola agus an Phlean Athchuir Bhainistiú Dramhaíola do Réigiún an Oirthuaiscirt. Beifear ag dúil go dtabharfaidh gach forbairt ionchasach sa chontae forálacha an Phlean Athchuir um Bainistiú Dramhaíola Réigiúnach a thabhairt san áireamh agus cloí leis na gnéithe sin a bhaineann le cosc agus íoslaghdúna dramhaíola, áiseanna athchúrsála dramhaíola, agus an toilleadh d'ídirdeighilt ag an bhfoinse. Glacfar prionsabal na neasachta agus gluaiseacht idir-réigiúnach na dramhaíola san áireamh freisin, dá bhforáiltear faoin Treoir Polasaí Alt 60 de chuid an Aire Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil (Ciorclán WIR:04/05).
POL BONN 75	Oideachas agus feasacht a spreagadh i leith gach saincheist a bhaineann le bainistiú na dramhaíola, ag leibhéal an tionscail agus an phobail araon. Áireofar leis sin cur chun cinn laghdú na dramhaíola trí spreagadh a thabhairt d'íoslaghdú, athúsáid, athchúrsáil agus tarrtháil na dramhaíola laistigh den chontae.
POL BONN 76	Soláthar bonneagair agus seirbhísí den scoth ar éifeachtach ó thaobh costas de iad a chinntiú, a fhreagraíonn agus a shásaíonn riachtanais an phobail agus a chinntiú go gcloítear leis an bprionsabal gurb é 'an truaillitheoir a íocann as' i ngach aon ghníomhaíocht bainistíochta.
POL BONN 77	A chinntiú go ndéanfar gach dramhaíl a dhiúscaíonn na cuideachtaí príobháideachade réir riachtanais an GCC agus na Reachtaíochta Bainistiú Dramhaíola.
POL BONN 78	Iallach a chur ionaid athchúrsála, ionaid athchúrsáil buidéal agus áiseanna athchúrsála oiriúnacha eile a sholáthar mar chuid den fhorbairt fhoriomlán i gcás forbairtí ionaid siopadóireachta nua nó sínte agus ionad comharsanachta tráchtála, áiseanna oideachais, spórtúla agus áineasa. Is é an tÚdarás Áitiúil a chuirfidh na suímh sin ar fáil ar acmhainn an fhorbróra féin, agus is í Comhairle Chontae na Mí nó a cuid gníomhairí a chothabhálfar iad.
POL BONN 79	Tacú le forbairt suíomh athchúrsála / suíomh diúscairthe dramhaíola nóstáisiún aistrithe agus forbairtí bainteacha i suímh fheiliúnacha, faoi réir gnáthchúrsaí pleanála agus inbhuaíne comhshaoil. Féachfaidh an tÚdarás Pleanála don Phlean Cosanta Screamhuisce agus do mhaitrís freagartha iomchuí agus na hiarratais sin á measúnú i gcomhair na gcineálacha forbartha sin.
POL BONN 80	Spreagadh a thabhairt d'athchúrsáil na dramhaíola tógála agus scartála agus d'athúsáid an tathagaithe agus ábhar eile i dtionscadail tógála na todhcháí.

POL BONN 81 Tacú le hathfhorbairt na n-iarchairéal i gcomhair áiseanna athchúrsála dramhaíola tógála agus scartála faoi réir gnáthchúrsaí pleanála agus inbhuaíne comhshaoil.

POL BONN 82 Pobail a chur ar aghaidh agus éascú dóibh le héirí bainteach le gníomhaíochtaí feasachta comhshaoil agus tionscnaimh athchúrsála pobal-bhunaithe nó tionscnaimh bhainistiú comhshaoil as a n-eascróidh cleachtais bhainistíochta dramhaíola inbhuanaithe áitiúla.

CUSPÓIRÍ I dTÉARMAÍ NA DRAMHAÍOLA SOLADAÍ / BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA

CUS BONN 38 Coinneáil ar aghaidh ag cur leis na tionscnaimh fheasachta comhshaoil a dearadh le feasacht phoiblí mhéadaithe a chruthú i leith chosc, íoslaghdú agus athúsáid na dramhaíola. Ba cheart béim faoi leith a chur ar bhaint na scoileanna áitiúla.

CUS BONN 39 Suímh oiriúnacha a aithint do Shuímh Fhóntais Phobail agus áiseanna athchúrsála comharsanachta breise le fónamh don méadú a réamh-mheastar don dramhaíl le hathchúrsáil thar amscála an Phlean Forbartha seo agus le bonneagar iomchuí a sholáthar ag na hionaid sin.

CUS BONN 40 Moltaí an Phlean Bainistiú Sloda a glacadh don Chontae a chur chun feidhme, lena n-áirítear leasuithe tar éis dul i mbun athbhreithniú den Phlean Bainistiú Sloda, agus go háirithe tógáil Saoráide Cóireála Sloda san Uaimh.

CUS BONN 41 Leanúint ar aghaidh ag dul i ngleic leis an gcaitheamh bruscair trí chur chun feidhme agus uasghrádú leanúnach ar phlean frithbhruscair Chomhairle Chontae na Mí.

CUS BONN 42 Dlúthbhaint éifeachtach na bpobal áitiúil sa Mhí a lorg lena ról um athchúrsáil dramhaíola agus dul i ngleic le fadhbanna na dumpála mídhleathaí a chur chun cinn laistigh den Chontae trí theagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Feasachta Comhshaoil.

CUS BONN 43 Soláthar clár agus áiseanna íoslaghdaithe, coiscithe agus athúsáide a bhreithniú nuair a bhítear i mbun forbartha nó nuair a údaraítear nó a cheadaítear an fhorbairt, lena n-áirítear soláthar áiseanna athchúrsála laistigh de na forbairtí, cur i bhfeidhm coinníollacha óna dteastaíonn forfheidhmiú na mbeart agus na gclárbainistiú dramhaíola, lena n-áirítear scéimeanna do bhainistiú agus tógáil na dramhaíola ar na suímh fhorbartha.

Critéir Measúnachta Forbartha

Féachfar don dramhaíl a tháirgtear sna forbairtí molta lena n-áirítear an nádúr agus an méid a táirgeadh agus an modh diúscairthe molta, agus measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála. Ba cheart go gcinnteodh forbairtí nach éiríonn an truailliú comhshaoil as modhanna táirgthe / diúscairthe, nach dtagann cailliúint mhíchúil taitneamhachta astu ná nach díobhálach iad don tsláinte phoiblí.

Áireoidh an forbróir pleananna bainistiú dramhaíola tógála agus scartála le cúrsaí nuair a bhítear ag measúnú gach tionscadal mór tógála / scartála. Ba chóir go bhféachfadh na pleananna sin le díriú ar íoslaghdú na dramhaíola i gcoitinne agus cosc na dramhaíola a optamú, deiseanna athúsáide agus athchúrsála agus iad bheith éigeantach d'fhorbairtí chúig nó níos mó aonad tithíochta nó forbairtí tráchtála agus tionsclaíocha ar shuímh os cionn 0.5 heicteár.

Agus measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála i leith áiseanna bainistiú dramhaíola, i dteannta leis an bPlean Bainistiú Dramhaíola Athchuir do Réigiún an Oirthuaiscirt, féachfaidh an tÚdarás Pleanála freisin d'fhorálacha na reachtaíochta ábhartha um Bainistiú Dramhaíola, Lámhleabhair Líonta Talún na GCC, Pacáistíocht an AE agus Treoir Dramhaíol Pacáistíochta agus ráitis pholasaí an RCORÁ lena n-áirítear 'Changing Our Ways' agus 'Preventing and Recycling Waste-Delivering Change.'

4.10 FUINNEAMH

4.10.1 Réamhrá

Is ríthábhachtach í infhaighteacht an fhuinnimh d'fhorbairt agus leathnú leanúnach na fostaíochta i gCo. na Mí. Chuir an fás sa gheilleagar náisiúnta an cumas ginte leictreachais náisiúnta faoi bhrú. Tá Greille Náisiúnta BSL, ina Generation Adequacy Report (2003 - 2009), tar éis easnaimh ghinte suntasacha a aithint de réir mar a thagann fás leanúnach ar éileamh leictreachais ag tuairim 3.5% in aghaidh na bliana. Táthar tar éis an soláthar leictreachais a oscailt don iomaíocht mhéadaithe agus féadann gléasraí na glúine úire nascadh leis an líonra leictreachais chun cumhacht a iompar ó pé áit inar táirgeadh é go dtí an áit a bhfuil éileamh air.

Aithníonn an tÚdarás Pleanála na bunriachtanais don táirgeadh agus dáileadh leictreachais. Is iad an leictreachas agus an gás an dá phríomhlíonra fuinnimh a fhónann do Cho. na Mí. Beidh sé tábhachtach a chinntiú gur imleor é toilleadh na líonraí fuinnimh chun sásamh na n-éileamh a thagann ó fhorbairt chónaitheach mhéadaithe sa chontae agus feachtas i gcomhair níos mó úsáidí tionsclaíocha, tráchtála agus ginte fostaíochta.

Tá dea-chumas ag an Mí i ndáil le giniúint na cumhachta chun forbairt na áiseanna ginte cumhachta sa chontae a spreagadh agus a éascú, ar chúiseanna éagsúla, eadhon:

- Foisceacht an chontae le Baile Átha Cliath;
- Cur roinnt príomhphíobán gáis agus codanna trunclphíobán den ghreille náisiúnta tríd an Mí, agus;
- Infhaighteacht na suíomh.

4.10.2 Comhthéacs an Pholasaí

Tugtar le fios san Acht um Pleanáil agus Forbairt go n-áireofar cuspóirí i gcomhair soláthar nó éascú don bhonneagar fuinnimh le Plean Forbartha éigin. Tugtar cuspóirí sa Chéad Sceideal ar féidir iad a áireamh le Plean Forbartha, agus áirítear leis:

- An dearadh a chur chun cinn i struchtúir chun críocha na húsáide solúbtha agus inbhuanaithe, lena n-áirítear caomhnú an fhuinnimh agus na n-acmhainní (Cuid II - Rialú na Limistéar agus na Struchtúir);
- Talamh a chur in áirithe do líonraí iompair, lena n-áirítear bóithre, iarnród, iarnród éadrom agus iompar aeir agus mara, do líonraí cumarsáide, do ghiniúint an fhuinnimh agus do líonraí fuinnimh, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite, agus do líonraí eile, agus d'áiseanna coimhdeacha le fónamh do na líonraí (Cuid V- Bonneagar agus Iompar).

Maítear sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta go n-áirítear leis na pointí tábhachtach le tabhairt san áireamh i ndáil leis an gcaidreamh idir an phleanáil áitiúil agus pleanáil líonra leictreachais:

- An gá chun aghaidh a thabhairt ar bhonneagar leictreachais sna pleananna forbartha contae agus ceantair áitiúil chun éascú don dul chun cinn eacnamúil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus;
- An gá chun dul i gcomhthadhaill le hoibreoirí na ngreillí tarchurtha agus dáileacháin, go háirithe i bpurláin na mbailte, le hinfhaighteacht leanúnach na gconairí do cháblaí lasnairde agus leanúnachas soláthair a chinntiú d'úsáideoirí reatha agus nua an leictreachais féin.

Is é cuspóir an Phlean Forbartha seo spreagadh agus éascú d'fhorbairt na n-áiseanna ginte cumhachta sa Chontae, lena n-áirítear tacaíocht na bhforbairtí fuinnimh do-athnuaite de réir mar a luíonn sé le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an Chontae.

4.10.3 Próifíl na Líonraí Leictreachais agus Gáis i gCo. na Mí

Tugtar na príomhchonairí leictreachais dá bhfuil ann agus mórchonairí féideartha úra ar Léarscáil 4.2. Tá srianta toillidh ann ó thaobh an leictreachais de, a théann i bhfeidhm ar Cheantar na hUaimhe go sonrach. Tá liosta mórthionscadal bonneagair leictreacha atá pleanáilte do na blianta amach romhain ag BSL le fónamh don ghnáthsholáthar tí agus tráchtála, leis an tromlach ag teacht ón tráchtáil. Áirítear leis sin Líne 38KV úr agus uasghrádú d'Fho-Stáisiúin Shráid an Acadaimh, Fhearann na Mainistreach agus na hUaimhe chun toilleadh méadaithe a thabhairt do Pháirc Ghnó na hUaimhe agus Eastát Tionsclaíoch Mhullach Buí. Meastar an gá le Stáisiúin 110 KV anois mar rud riachtanach ag suímh sa chontae, lena n-áirítear an Uaimh agus Droichead Átha.

Táthar ag brú ar aghaidh le Stáisiún 220 - 110 KV Bhaile Uí Ghormáin faoi láthair, a sholáthróidh soláthar méadaithe do cheantar Oirthear na Mí. Tabharfaidh an líne 110 KV atá pleanáilte idir Baile Uí Ghormáin agus Cnoc na Mí toilleadh méadaithe don Cheanannas, don Uaimh agus d'Oirthear na Mí, agus táthar ag dúil go mbeidh sé sin ann faoin mbliain 2008. Tá fo-stáisiún 110kv faoi bhreithniú do Chill Dhéagláin agus Baile Uí Ghormáin agus an stáisiún dá bhfuil ag Cill Dhéagláin á uasghrádú (faoi 50%) mar réiteach eatramhach. Féadann Páirc Ghnó an IDA ag Droichead Átha fónamh do thomhaltóir mór má eascraíonn an riachtanas, agus líne 110 KV ag trasnú an tsuímh cheana féin. Tá dóthain cumais ag Baile Átha Troime agus Damhliagh i láthair na huaire.

Is é an gás nádúrtha an breosla is glaine de na breoslaí ion-taise, agus tá sé ina bhreosla atá neamhdhíobhálach don chomhshaol mar thoradh ar a chomhdhéanamh. Tharla méadú fiormhór i dtomhailt an gháis do ghiniúint an leictreachais agus freisin don tithíocht chónaitheach agus thionsclaíoch agus d'úsáidí eile. Cuireadh leis an soláthar gáis ó Chionn tSáile de réir mar a tháinig méadú ar an éileamh le hallmhairí trí mheán córais píblíne ó Albain anall. Cuireadh an dara píblíne idirnascoir a dtoll a chéile i 2000 le soláthairtí breise a thabhairt i dtír ag Ballough i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath ón ar leagadh píblíne nua go Gaillimh agus aduaidh go hInbhear na Sionainne. Beidh sí in ann gás a thabhairt ó Gháscheantar na Coiribe. Táthar tar éis cead pleanála a cheadú do (AGI) ag Baile Uí Ghormáin a chumasóidh traiseoladh an gháis ó Albain go Béal Feirste.

Trasnaíonn roinnt príomhphíobán tábhachtach an contae. Taispeántar ar Léarscáil 4.3 an príomhphíobán gáis, agus na bailte atá nasctha leis an soláthar príomhphíobán. Ó thaobh an tsoláthair gháis de, tá fónamh maithe ag an gContae i dtéarmaí na línte traiseolta agus fónar do na bailte seo a leanas faoi láthair; an Uaimh, Baile Átha Troim, Cill Dhéagláin, Conair Dhún Búinne / Pace / Chluain Aodha, Dún Seachlainn, Ráth Tó, An Inse, Maigh Dearmhaí, Baile an Bhiataigh, Baile Uí Mhonnáin, Domhnach Cearna, Damhliagh, Purláin Dheisceart Dhroichead Átha, Baile Uí Ghormáin, Steach Maoilín, An Bóthar Buí (fónann an líonra gáis do Bhaile Roibín, gráig sa straitéis lonnaíochta, freisin). Tá an cumas sa líonra dá bhfuil ann do naisc agus síntí leis an líonra dáileacháin áitiúil.

Ní fhóntar do Cheanannas i láthair na huaire, agus níl aon phlean láithreach ag Bord Gáis soláthar a sheachadadh de bharr tabhairt isteach an dí-rialúcháin. Níl Bord Gáis sásta cistiú caipitiúil a chur isteach i síneadh mór leis an líonra dáileacháin.

4.10.4 Fuinneamh In-athnuaite

Tá forbairt na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite ina tosaíocht ag an leibhéal náisiúnta agus Eorpach ar chúiseanna polasaí chomhshaoil agus fuinnimh araon. Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta polasaithe do sholáthar an leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite agus dúchasacha. Tairgeann forbairt na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite malairtí inbhuanaithe dár dtuilleamaí ar bhreoslaí ion-taise, mar mheán chun astúcháin díobhálacha ceaptha teasa a laghdú agus deiseanna chun ár dtuilleamaí ar bhreoslaí allmhairithe a laghdú. Tagann an fuinneamh in-athnuaite ó fhoinsí nádúrtha arb í an dúlra féin a athlíonann iad. Is iad an ghaoth, an ghrian (grianfhuinneamh), an t-uisce (hidreachumhacht, fuinneamh tonnta agus taoideach), teas faoi dhromchla na hithreach (fuinneamh geoiteirmeach) agus an bhithmhais (adhmad, dramhaíl in-bhithmhille agus barra fuinnimh).

Díorthaítear an chuid is mó dár bhfuinneamh reatha ó dhó na mbreoslaí ion-taise, lena scaoiltear gáis cheaptha teasa amach san atmaisféar, as a dtagann iarmhairtí fadtéarmacha suntasacha don aeráid. Is é cuspóir na Straitéise Náisiúnta um Athrú Aeráide (Deireadh Fómhair 2000) an sprioc náisiúnta do Phrótacál Khiótó um astúcháin Gháis Cheaptha Teasa a shásamh thar an tréimhse gealltanais 2008 - 2012. Tugann an straitéis spreagadh d'fhairsinigiú na nbhfuinneamh in-athnuaite agus glaonn sí ar athbhreithniú de na Rialacháin Tógala chun úsáid fuinnimh sa tithíocht úr a laghdú suas go 20%. Táthar i mbun athbhreithniú na Straitéise Náisiúnta um Athrú Aeráide i láthair na huaire lena chinntiú go bhfuil bearta leordhóthanacha agus oiriúnacha ann chun astúcháin gháis cheaptha teasa a laghdú de réir an tiomantais faoi Phrótacál Khiótó, agus ar a sheal féin chun an tionchar diúltach ar cháilíocht an aeir a laghdú.

4.10.5 Gníomhaireacht Bhainistíochta Fuinnimh na Mí

Is gníomhaireacht fuinnimh áitiúil atá i nGníomhaireacht Bhainistíochta Fuinnimh na Mí (GBFM) a bhunaigh Comhairle Chontae na Mí agus Ardstiúrthóireacht an Choimsiúin Eorpaigh um Fhuinneamh sa bhliain 2002. Tá baint ag an nGníomhaireacht le gníomhartha comhoibritheach agus tionscadail agus oibreacha taispeántais i gcomhpháirt le roinnt eagrais poiblí agus príobháideach eile chun a cuid cuspóirí a bhaint amach. Soláthraíonn GBFM comhairle shaineolach freisin do Chomhairle Chontae na Mí agus don earnáil phríobháideach agus measúnú a dhéanamh ar rátáil fuinnimh na scéimeanna úra tithíochta de réir na Treorach Feidhmiúcháin Fhoirgneamh a thiocfaidh i bhfeidhm i mbliana.

Cuspóirí GBFM

- Úsáidí réasúnacha an fhuinnimh a chur chun cinn;
- An fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn;
- Faisnéis fuinnimh a sholáthar agus a scaipeadh;
- An comhshaol a chosaint;
- Cur amú an fhuinnimh laistigh de gach earnáil den tsochaí a laghdú, agus;
- Athchur na mbreoslaí ion-taise allmhairithe le fuinneamh in-athnuaite a ghintear go réigiúnach a spreagadh mar chuid d'iarraicht sláine an tsoláthair fhuinnimh a chinntiú de réir mar is féideartha sin.

Imlíníodh i dtuarascáil chomhairleach na Gníomhaireachta ar réamhphlean fuinnimh in-athnuaite do Chonate na Mí. 'Plean Fuinnimh In-athnuaite do Chonate na Mí - Réamh-Mheasúnú Chéim 1 (2002); roinnt táirgeoirí fuinnimh bheaga sa Chontae, lena n-áirítear:

- Scéimeanna beaga Hidrileictreacha ag Baile Shláine agus an Uaimh a tháirgeann idir 0.1/MW agus 0.2/MW den chumhacht leictreach, agus;
- Líon beag suiteálacha táirgthe teasa príobháideacha agus teaghlaigh lena n-áirítear córais téimh gheoiteirmeacha agus córais téimh ghréine.

Cuirtear in iúl sa Mheasúnú go bhfuil cumas láidir do Cho. na Mí a rannpháirtíocht i bhforbairt an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus leas a bhaint as ag leibhéal an duine aonair, ag leibhéal na grúpscéime, agus ag leibhéal tionscail / gnó. Áirítear le roghanna féideartha indéanta san fhuinneamh in-athnuaite don chontae, bunaithe ar na réamh-mheasúnuithe a rinneadh i 2002, ach iad gan bheith teoranta do mheascán cothrom de:

- Bithfhuinneamh - barra, foraoiseacht;
- Bithmhais - díleá anaeróbach, cumhacht agus teas in éineacht (CTÉ);
- Geoiteirmeach - taiscumair charraige teo tirime, uiscigh screamhuisce;
- Hidrifhuinneamh - córais bheaga agus micrihidreacha;
- Grian - téamh éighníomhach gréine, téamh gníomhach gréine;
- Dramhaíl - bailiú an gháis mheatáin ó líonadh talún;
- Tonnta - gníomhú tonnta, agus;
- Gaoth - gaoth intíre, gaoth amach ón gcósta (tuirbíní singile agus grúpaí tuirbíní).

Tá an Gníomhaireacht ag obair faoi láthair le Comhairle Chontae na Mí iniúchadh fuinnimh a stiúradh don Chomhairle. Clúdaíonn freagrachtaí na Comhairle d'úsáid an fhuinnimh an bonneagar (oibreacha uisce, gléasraí cóireála uisce, scéimeanna tithíochta, riarachán, clóis innealra, téamh agus soilsiú foirgneamh, cabhlach iompair agus soilsiú poiblí).

4.10.6 Fobairt an Fhuinnimh Gaoithe

Ba shuaithinseach í forbairt na bhfeirmeacha fuinnimh ghaoithe ar fud na tír le roinnt blianta anuas. Cuireadh in iúl sa Phlean Forbartha Contae do na blianta 2001 - 2007 go dtairgeann na tírdhreacha díghrádaithe lagphortaigh i ndeisceart agus in iarthar an chonate go leor féidearthachta do lonnú na suiteálacha fuinnimh ghaoithe. Ó glacadh leis an bPlean Forbartha Contae do na blianta 2001 - 2007 ab amhlaidh a tugadh cead pleanála feirm ghaoithe ar scála beag (faoi 5 meigeavata) a fhorbairt i dTaobh Urchair, ar theorainn na Mí / an Chabháin, agus tugadh ceadú do chrann monatóireachta ghaoithe le hacmhainní fuinnimh ghaoithe a fháil amach i mBaile Chambers, Baile Shláine. Tá sé sin mar dhrochleibhéal gníomhaíochta san earnáil i gcomparáid le contaetha eile.

Tugtar le fios sna Treoirínte Forbartha Fuinnimh Ghaoithe (Meitheamh 2006) a d'eisigh an RCORÁ go bhfuil sé tábhachtach go gcuimseofaí ráiteas um polasaithe agus cuspóirí an Údaráis Phleanála i ndáil forbairt an fhuinnimh ghaoithe le gach aon phlean forbartha, lena n-áireofaí na nithe sin a thabharfaidh sé san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála do thograí forbartha fuinnimh ghaoithe ar leith. Caithfear cothroime réasúnach a bhaint amach sa phlean forbartha idir freagairt do Pholasáí foriomlán an Rialtais i leith an fhuinnimh in-athnuaite agus cumasú na n-acmhainní fuinnimh ghaoithe i limistéar an Údaráis Phleanála lena saothrú ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis an bpleanáil chuí agus an fhorbairt inbhuanaithe.

Caithfear an measúnú ar thograí forbartha fuinnimh ghaoithe ar leithligh a stiúradh laistigh de chomhthéacs chur chuige "faoi chinnireacht an phlean" lena mbainfidh limistéir a aithint a mheastar bheith oiriúnach nó míoiriúnach d'fhorbairt an fhuinnimh ghaoithe. Aithnítear Measúnú Aicmiúcháin Tírdhreacha limistéir den Chontae ar fogair iad don chineál sin forbartha ó thaobh a tírdhreacha de.

4.10.7 Hidreafhuinneamh

Tugann an Chomhairle faoi deara go bhfuil dhá scéim hidrileictreacha ann ag Baile Shláine agus san Uaimh, a tháirgeann idir 0.1/MW agus 0.2/MW den chumhacht leictreach. Spreagann an Chomhairle úsáid na n-aibhneacha, de réir mar is feiliúnach, laistigh den chontae d'fhorbairt an Hidreafhuinnimh agus tacóidh sí go sonrach le forbairtí aonair cois aibhneacha ina dtograítear an hidreafhuinneamh chun codán dá riachtanais fhuinnimh a sholáthar. Ní thabharfaidh an Chomhairle spreagadh d'úsáid an chórais chanála, atá sannta don úsáid turasóireachta agus taitneamhachta, chun na críche sin. Rachaidh an tÚdarás Pleanála i gcomhairle An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra (SNPF) de chuid an RCORÁ agus an Bord lascaigh Réigiúnach i leith gach aon togra maidir le tionchar na dtograí sin do shaorghabháil thar braid an éisc, cáilíochtaí salmonideum na habhann agus tionchar éiceolaíoch aon ainmniúchán náisiúnta nó de chuid an AE.

4.10.8 Éifeachtúlacht Fuinnimh & Treoir Feidhmiúcháin Fhuinnimh na bhFoirgneamh

I dteannta na forbairt fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn iad féin, caithfear machnamh a thabhairt freisin do shaincheist na héifeachtúlachta fuinnimh, idir an macrascála agus micreascála araon. Laghdófar líon na n-aistear cairr a ghintear ag an macraileibhéal le planáil inbhuanaithe úsáide talún mar shampla, agus tabharfaidh rianta coisíochta agus rothaíochta spreagadh do dhaoine ag an micraileibhéal leas a bhaint as foirmeacha malartacha forbartha le hais an chairr phríobháidigh. Bhí an gá laghdú a chur leis an méid fuinnimh a ghintear chun cinn sna straitéisí lonnaithe iompair mholta a théitear ina mbun sa Phlean Forbartha seo.

D'fhéadfaí spreagadh a thabhairt d'úsáid na bhfoirmeacha malartacha téimh m.sh. an téamh geoteirmeach agus grianphainéil, agus na foirgnimh á ndearadh. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh go sonrach di sin sna treoirlínte tithíochta tuaithe agus eastáit chónaithe atá molta.

Ag eascairt as prótacál Khiótó is amhlaidh atá an tAE tar éis an laghdú um astúcháin gháis cheaptha teasa a shocrú mar chuspóir tábhachtach. Is é CO₂ an gás ceaptha teasa is suntasaí, agus beagnach a leath de ag díorthú ó úsáid fuinnimh sna foirgnimh. Tugann taighde an AE le fios go bhféadfaí astúcháin CO₂ ó fhoirgnimh a laghdú faoi 22% tríd an éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe. Glacadh le Treoir Feidhmiúcháin Fhuinnimh na bhFoirgneamh de chuid an AE (TFFF) an 16 Nollaig 2002. Caithfear an TFFF a thrasúiomh sa dlí in Éirinn trí reachtaíocht náisiúnta, agus ní mór í a chur i bhfeidhm go praiticiúil faoi 4 Eanáir 2006. Foráiltear do thréimhse níos faide go neamhbhalbh sa TFFF ámh, síos go dtí 4 Eanáir 2009, d'fhorfheidhmiú na bhforálacha níos casta na Teorach, óna dteastaíonn:

- Rátáil fuinnimh na bhfoirgneamh nuathógtha, na bhfoirgneamh atá ann (nuair a ligtear nó nuair a dhíoltar na foirgnimh atá ann) agus na bhfoirgneamh seirbhíse poiblí;
- Feabhsú na héifeachtúlachta fuinnimh de chuid aicmí áirithe coirí agus suiteálacha téimh, agus;
- Imscrúdú na gcóras aer-chóireála.

Is ann sa TFFF a fhaightear réimse forálacha a dhírítear ar fheidhmiúchán fuinnimh a fheabhsú sna foirgnimh chónaitheacha agus neamhchónaitheacha, idir chinn nuathógtha agus na cinn atá ann. Ní foláir faoin TFFF cineálacha sonracha faisnéise agus comhairle um fhuinneamh a sholáthar do cheannaitheoirí, tionóntaí agus úsáideoirí foirgneamh. Is é an rún go gcuideoidh an fhaisnéis sin le tomhaltóirí cinní eolasacha a ghlacadh óna dtiocfaidh gníomhartha praiticiúla chun feidhmiúchán fuinnimh a fheabhsú. Mar atá imlínithe i Rannóg 4.10.5, soláthraíonn Gníomhaireacht Bainistiú Fuinnimh na Mí comhairle shaineolach ina leith seo.

Tá an tÚdarás Pleanála tiomanta d'fhorbairt na gceangaltas foirgneamh inbhuanaithe maidir le hiomlaoid d'fhoirgnimh ar éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh de agus le tionchar éadrom ar an gcomhshaol acu i gCo. na Mí. Tá Comhairle Chontae na Mí ag scrúdú na hoibre a bhfuil Comhairle Contae Fhine Gall ina gcuid Pleananna Ceantair Áitiúil don Cheapaigh, Baile Munna Thuaidh agus Baile Brigín ina leith sin. D'fhéach Pleananna Ceantair Áitiúil Fhine Gall nach sáraíonn an ceangaltas fuinnimh bhliantúil spáis agus téimh uisce i leit gach foirgneamh 50kWh/m² anois, agus go gcaithfear úsáid a bhaint as an bhfuinneamh in-athnuaite le 30% ar a laghad de na riachtanais fhuinnimh a shásamh. Gach duine a dteastaíonn uathu príomhshruthú na gcleachtas tógála inbhuanaithe a fheiceáil; ba cheart go bhfáilteoidís roimh áireamh an dea-dhearaidh isteach sna forbairtí. Is é an dea-dhearadh an eochair chun feidhmiúchán optamach fuinnimh na bhfoirgneamh a bhaint amach gan aon chostas breise bheith i gceist. Is soiléir iad na tairbhí; mar atá billí fuinnimh níos ísle don tomhaltóir agus comhshaol níos sláintiúla don phobal.

POLASAITHE I dTÉARMAÍ FUINNIMH

POL BONN 83	Soláthar an bonneagair fhuinnimh a éascú, lena n-áirítear forbairt na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite ag ionaid fheiliúnacha, d'fhoill soláthar d'fhorbairt fhisiciúil agus eacnamúil bhreise na Mí.
POL BONN 84	Tacú le tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta do theorannú na n-astúchán gáisceaptha teasa tríd an éifeachtúlacht fuinnimh agus forbairt na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a bhaineann leas as acmhainní nádúrtha an chontae ar bhealach ar inghlactha don chomhshaol é, mar a luíonn sé leis an bpleanáil chuí agus an fhorbairt inbhuanaithe den cheantar.
POL BONN 85	Spreagadh a thabhairt do tháirgeadh an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear go sonrach an fuinneamh ón mbithmhais, dramhábhair, fuinneamh gréine, tonnta, fidreach agus gaoithe, faoi réir na ngnáthbhreithniúchán pleanála cuí, lena n-áirítear go háirithe an tionchar féideartha ar cheantair ar íogair iad ó thaobh an chomhshaoil nó an tírdhreacha de.
POL BONN 86	Tacú leis an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide, agus bearta a éascú trí chéile a fhéachann le hastúcháin gháis cheaptha teasa a laghdú.

POLASAITHE MAIDIR LE HÉIFEACTÚLACHT AGUS CAOMHNÚ FUINNIMH

POL BONN 87 Féachaint le héifeachtúlacht fuinnimh an stoic fhoirgneamh dá bhfuil aici a fheabhsú, agus an éifeachtúlacht agus an caomhnú fuinnimh a chur chun cinn do dhearadh agus forbairt gach foirgneamh úr sa Chontae, agus go háirithe sna scéimeanna cónaitheacha.

POL BONN 88 Spreagadh a thabhairt d'iarrais phleanála i gcomhair forbairtí a uasmhéadaíonn an éifeachtúlacht fuinnimh trína suíomh, a leagan amach nó a ndearadh, nó a bhaineann leas iomchuí as teicníochtaí caomhnaithe fuinnimh, ar an gcuntar nach mbeadh tionchar díobhálacha ag an bhforbairt ar fhóntais áititheoirí na maoine garláimhe, nó ar fhóntais an cheantair. Tarraingeofar i gcoinne na forbartha a chuireann fuinneamh amúlana suíomh, leagan amach nó dearadh ar bhonn ginearálta.

POL BONN 89 Ardchaighdeán a bhaint amach san éifeachtúlacht fuinnimh agus san inbhuaíne comhshaoil leis an bhforbairt chónaitheach, lena n-áirítear na nithe seo a leanas;

- 1) Dearadh suímh bhithaeráideach;
- 2) Caomhnú Uisce;
- 3) Aeráil;
- 4) Straitéisí don dearadh tithíochta ar éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh iad;
- 5) Anailís ar sholas an lae, agus;
- 6) Ardchaighdeán inslithe.

POL BONN 90 Go dtáscfar i bPleananna Ceantair Áitiúil áirithe scála na bhforbairtí cónaitheacha aonair a thiocfaidh faoi réir íoschaighdeán feidhmiúcháin fhuinnimh mar réamhriachtanas d'fháil an chead planála. Cuirfear tuairiscáirimh isteach i dteannta leis an iarratas planála. Caithfear gach áireamh feidhmiúcháin fhuinnimh gach foirgneamh a léiriú ar bhonn modha fhaofa (m.sh. EN 832) arna dhéanamh ag saineolaithe atá cáilithe agus creidiúnaithe go cuí. Sainítear foirgnimh fhuinnimh íseal mar fhoirgnimh le riachtana téimh bhliantúil (téamh spáis agus uisce) nach sáraíonn 50kWh/h2 in achar urláir úsáideach. Bainfear leas san fhorbairt as córais soláthair fhuinnimh in-athnuaite chun 30% ar a laghad de riachtanais téimh spáis agus uisce an fhoirgnimh a shásamh ar bhonn an mhodha fhaofa arna dhéanamh ag saineolaithe atá cáilithe agus creidiúnaithe go cuí.

POLASÁI MAIDIR LE FUINNEAMH GAOITHE

POL BONN 91 Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt an fhuinnimh ghaoithe, de réir polasaithe an Rialtais agus ag féachaint do Mheasúnacht Aicmiúcháin Tírdhreacha an Chontae, na Treoirínte Forbartha Fuinnimh Ghaoithe (2006) agus an Straitéis Fuinnimh Ghaoithe atá molta don Chontae.

CUSPÓIR MAIDIR LE FUINNEAMH GAOITHE

CUS BONN 44 Ullmhú staidéir a fhiosrú le limistéir a fheileann d'fhorbairt fuinnimh ghaoithe a aithint i gcomhar leis na gníomhaireachtaí iomchuí.

POLASAITHE I dTÉARMAÍ LÍONRAÍ FUINNIMH

POL BONN 92	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na soláthairtí feabhsaithe leictreachais agus gáis, agus na líonraí comhghaolmhara, agus éascú dóibh chun fónamh do na riachtanais chónaitheacha, tionsclaíocha agus sóisialta dá bhfuil ann agus a cheapfar sa Chontae.
POL BONN 93	Comhoibriú agus comhthadhall le soláthróirí reachtúla agus fuinnimh eile i ndáil le giniúint an fhuinnimh d'fhonn toilleadh fuinnimh leordhóthanach a chinntiú do riachtanais an Chontae amach anseo.
POL BONN 94	Tacú le soláthróirí reachtúla an bhonneagair ghreille náisiúnta trí chosaint a thabhairt do chonairí straitéiseacha dá leithéid ó chúngracht le forbairtí eile a fhéadann cur isteach ar sholáthar na líonraí fuinnimh inar aithníodh conairí straitéiseacha bealaigh.
POL BONN 95	Cosaint a thabhairt do thábhacht tírdhreacha aitheanta agus radhairc thírdhreachasuntasacha ó thógáil bonneagair tharchurtha fuinnimh ar mórsála atá ionsáite don tsúil. Is cuspóir atá an sna cúinsí sin modhanna tarchurtha agus bealaigh mhalartaigh a lorg.
POL BONN 96	Iallach a chur ar sholáthar na gcáblai leictreachais fhothalún, go háirithe sa chomhshaol uirbeach, agus laistigh de limistéir spáis oscailte phoiblí trí chéile, ar mhaithe leis an taitneamhacht fhísiúil.
POL BONN 97	Iallach a leagan síos go gcóireofar do sheirbhísí ilíocha i ngach aon fhorbairt úr i stráicí comhroinnte agus go gcomhroinntear clúdaigh rochtana pé uair agus is féidir.

POLASAITHE MAIDIR LE LÍNTE TARCHURTHA

POL BONN 98	A chinntiú go gcuirfear srian le forbairt na línte cumhachta ardteannais, agus nach gceadófar do línte ardteannais úra in aice leis na teaghaisí dá bhfuil ann, seachas sna cásanna nach féidir aon mhalairt eile a léiriú.
POL BONN 99	Seirbhísí a lonnú, lena n-áirítear an leictreachas, teileafón agus teilifís faoin talamh, de réir mar is féidir, agus go lonnófaí na cáblai lasnairde agus an trealamh gaolmhar dá bhfuil ann faoin talamh de réir a chéile, agus féachaint tugtha do thoilleadh na todhchaí agus ductáil fheiliúnach curtha i dtoll a chéile.

Critéir Mheasúnachta Forbartha

Gach Forbairt Fuinnimh In-athnuaite

Is é polasaí na Comhairle é glacadh le cur chuige dearfach d'fhorbairtí fuinnimh in-athnuaite mar a imlínítear. Glacfaidh an tÚdarás Pleanála na nithe seo a leanas san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar thograí faoi leith:

- Pleanáil iomchuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair;
- Tionchair chomhshaoil agus sóisialta na forbartha molta, lena n-áirítear fónas cónaitheach agus an tsláinte dhaonna;
- Tionchar na forbartha ar an tírdhreach;
- Tionchar ar chearta slí agus bealaí siúil phoiblí;
- Nasc leis an nGreille Náisiúnta (de réir mar is infheidhmithe);
- Gnéithe maolaitheacha, inar dosheachanta iad na tionchair, agus;
- Limistéir chosanta nó ainmnithe - NHAanna, SPAanna agus SACanna, limistéir le cumas seandálaíochta agus tábhacht sciabhach, foisceacht do struchtúir a liostaítear lena gcosaint, séadchomharthaí náisiúnta, srl.

Tugann an Chomhairle spreagadh don phlé réamhphleanála luath agus éascaíonn sí dó le soláthróirí an bhonneagair fhuinnimh, agus tacaíonn sí le rannpháirteachas pobail áitiúil laistigh den phróiseas sin.

Forbairtí Fuinnimh Ghaoithe

Agus breithniú á thabhairt do shuíomh na dtionscadal fuinnimh ghaoithe is amhlaidh a cheadóidh an tUdarás Pleanála dá suíomh in ionaid oiriúnacha arna n-aithint in Aicmiúchán Tírdhreacha an Chontae agus mar a mbreithnítear iad bheith comhlíontach le Treoirlínte Forbartha Fuinnimh Ghaoithe an RCORÁ.

Teastóidh Measúnacht Tionchair Chomhshaoil ó iarratas ar fheirmeacha gaoithe, ag féachaint do na tairseacha a shainítear i Sceideal 5, Cuid 2, (3)(i) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 - 2006.

Féachfaidh an Chomhairle lena chinntiú go lonnaítear feirmeacha gaoithe ionas nach mbeidh siad ina gcúis le tionchar diúltach ar thréith agus chuma speisialta na limistéar caomhantais ainmnithe, na struchtúr nó suíomh cosanta lena mbaineann tábhacht seandálaíochta.

Tá tionchar fiseach na dtuirbíní gaoithe i measc na mbreithniúchán tábhachtach is tábhachtaí a thabharfar san áireamh. Is ard iad na feirmeacha gaoithe agus cuireann gluaiseacht na rótar go mór lena starraiceacht. I bhfianaise nádúr na bhfeirmeacha gaoithe is amhlaidh atá limistéir ann is féidir a aithint de bheith mí-oiriúnach don fhorbairt gaoithe, ar an mbunús go dtagann siad salach ar na húsáidí talún agus polasaithe pleanála dá bhfuil ann, agus gan machnamh á thabhairt dóibh dá réir. Caithfidh suíomh na forbartha feirme gaoithe féachaint freisin do na Limistéir Aicmiúcháin Tírdhreacha den Chontae (Caibidil 8 & Aguisín VI).

Tá sé tábhachtach go gcloítear le treoirlínte dearaidh áirithe, cé go ndéanfar gach iarratas a mheas ar a fhiúntais féin:

- Ba chóir go n-aithneofaí cuibhrinn thopagrafacha agus limistéir fhairsinge de thailte díghrádaithe nó a forbraíodh roimhe seo i gcomhair forbartha feirme gaoithe chun cuidiú le híoslaghdú na dtionchar ar an tsúil agus le tuirbíní gaoithe a chur i gcuí-oiriúint leis an tírdhreach. Ba chóir go roghnófaí suíomh na dtuirbíní sna cásanna ina dteastaíonn suímh ardaithe chun crios an tionchair fhísigh a íoslaghdú trí mhullaigh agus dromanna a sheachaint agus trí gan leas a bhaint ach amháin as suímh fhánacha.
- Ba cheart go mbainfeadh leagan amach agus dearadh na feirme gaoithe go díreach le heochairghnéithe an tírdhreacha, trí leas a bhaint as greille rialta ar dhromchlaí rialta mar shampla, cosúil le laghportach agus línte níos neamhrialta ar an topagrafaíocht sreafa cosúil leis na mbunchnoic.

- Caitheann na tuirbíní agus an tírdhreach bheith mar aonad comhtháite agus an meascán físeach a sheachaint, ba chóir gach tuirbín bheith ar chóimhéid agus comhchionmhaiseacht, comhdhaite agus ar chomhlíon lanna agus ar chomhlúas rothlúcháin. Ba chóir gur rialta í spásáil na dtuirbíní ionas go mbainfeadh íomhá chomhsheasmhach agus athfhillteach leo.
- Moltar úsáid a bhaint as líon beag tuirbíní ar thrastomhas níos mó seachas líon níos mó de thuirbíní níos lú.
- Spreagtar bailchríocha neamhlonracha agus dathanna neodracha do thuirbíní agus struchtúir go ginearálta lena bhfeiceálacht a íoslaghdú.

Is é an torann an tionchar comhshaoil phríomha eile a bhaineann le feirmeacha gaoithe. Tá an dá fhoinsé torainn ann a thagann ó thuirbíní gaoithe: an torann meicniúil ón tuirbín agus an torann aeradinimiciúil ó na lanna. Is féidir an chéad fhoinsé a laghdú go mór trí chleachtas innealtóireachta iomchuí. Braitheann an torann aeradinimiciúil ar luas na rótar, a bhraitheann ar a sheal féin ar luas na gaoithe.

Ba cheart go nglacfaí bearta le dea-dhearadh fuaimiúil na dtuirbíní a chinntiú, d'fhonn a ráthú nach mbíonn aon mhéadú suntasach sna leibhéil torainn thimpeallaigh máguaird, a d'fhéadfadh cur isteach ar mhaoin phríobháideach agus ar fhiadhúlra, chomh maith le ciúnas an tírdhreacha féin.

Ní ghlacann na tuirbíní gaoithe ach timpeall 1% den achar dromchla ach a mbíonn siad suiteáilte, is iad na bóithre rochtana do shuímh na Feirme Gaoithe an ghné is mó a chuireann isteach ar an talamh. Ba chóir go nglacfaí bearta sna cásanna ina dteastaíonn bóithre rochtana nua lena chinntiú go ndéantar an cur isteach is íosta ar an suíomh tograithe. Ba cheart go lonnófaí na cáblaí a nascann an fheirm gaoithe leis an ngréille náisiúnta faoin talamh de réir mar is indéanta. Ba cheart go n-áireofaí leis an iarratas pleanála tograí d'athchóiriú an tsuímh tar éis baint na dtuirbíní de. Teastóidh sláine airgeadais leordhóthanach de réir coinníll phleanála le hathchóiriú an tsuímh a chinntiú.

Éifeachtúlacht agus Caomhnú Fuinnimh

Caitheann an leagan amach agus dearadh na teaghaise cloí leis na caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh is airde agus is féidir, agus caitheann rochtain bheith ag an oiread teaghaisí agus is féidir ar sholas na gréine agus leas a bhaint as an dearadh gréine éighníomhach. Ba chóir go n-áireofaí teicneolaíochta coigilte fuinnimh agus ginte fuinnimh ag an gcéim deartha de réir mar is féidir agus is indéanta, ar nós na bpainéal gréine ar leibhéal dín.

Hidreafhuinneamh

Teastóidh Measúnú Tionchair Chomhshaoil (MTC) ó iarratas ar shuiteáil gléasra hidrileitigh, mar a sáraíonn sé na tairseacha a shonraítear i Sceideal 5, Cuid 2(h) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 - 2006.

Cuirfidh an Chomhairle an t-iallach ar thograí do shuiteálacha hidreafhuinnimh go bhféachann siad do shaorghabháil thar bráid an éisc agus gníomhaíochta taitneamhachta uisce-bhunaithe eile. Féachfaidh an Chomhairle do mholtaí Bhord lascaigh Réigiúnach an Oirthir agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Náidútha agus measúnú á dhéanamh ar thograí forbartha.

Líonraí Fuinnimh

Is é polasaí na Comhairle mar a imlíníodh é éascú do sholáthar na líonraí fuinnimh i bprionsabal. Glacfaidh an tÚdarás Pleanála na saincheistanna seo a leanas san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar shíneadh a thograítear leis an líonra fuinnimh:

- Teastaíonn an fhorbairt d'fhonn éascú do sholáthar nó do choinneáil an bhonneagair shuntasaigh eacnamúil nó shóisialta;
- Aithníodh an bealach a thograítear agus féachaint chuí tugtha do thionchair shóisialta, comhshaoil agus cultúrtha;
- Is amhlaidh go mbainfidh an tionchar comhshaoil is lú leis an dearadh, agus gan an iomarca costais bheith á dtabhú;
- Áiríodh gnéithe maolaitheacha leis an bhforbairt mar ar dosheachanta iad na tionchair, agus;
- Limistéir Chosanta agus Ainmnithe - glacadh san áireamh na NHAanna, SPAanna agus SACanna is larrthóirí atá tograithe, limistéir le cumas seandálaíochta, tírdhreacha lena mbaineann luach ard nó eisceachtúil, tábhacht idirnáisiúnta agus náisiúnta agus ardíogaireacht, gaireacht do struchtúir a liostaítear lena gcaomhnú, séadchomharthaí náisiúnta, srl.

4.11 TEILEACHUMARSÁID & TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

4.11.1 Réamhrá

Is í aidhm polasaí teileachumarsáide an Rialtais Éire a chur sa cheathairleach uasta de gheilleagair an ECFE maidir le hinfhaighteacht, praghas agus cáilíocht na seirbhísí teileachumarsáide. Meastar seirbhís teileachumarsáide ardcháilíochta agus iomaíoch dá leithéid bheith ríthábhachtach d'fhonn an fhorbairt thionsclaíoch agus tráchtála a chur chun cinn, leis an tslándáil phearsanta agus teaghlaigh a fheabhsú agus leis an gcuimsitheacht agus an tsoghluaisteacht shóisialta a fheabhsú.

Is ríthábhachtach í an infheistíocht teileachumarsáide do chur chun cinn fhorbairt shóisialta agus eacnamúil Cho. na Mí. Soláthraíonn an leathanbhanda, agus an luas a thagann leis, buntáiste nach beag d'úsáideoirí baile, mic léinn, gnólachtaí, agus tá sé ina shócmhainn thábhachtach do mhealladh na ngnólachtaí úra chuig ceantar éigin. Aithníonn polasaí an Rialtais go bhfuiltear ag éirí feasach faoin ngá ardleibhéil nascmhaireachta leathanbhanda a sheachadadh, atá ríbhunúsach do neartú an rathúnais eacnamúil agus shóisialta. Tá cistiú an Rialtais sa bhonneagar teileachumarsáide tar éis leanúint ar aghaidh gan staonadh, cé gur tháinig moill ar infheistíocht na hearnála príobháidí ann leis an meath sa gheilleagar idirnáisiúnta agus in earnáil na teileachumarsáide féin, go háirithe le forbairt na Líonraí Achar Uirbeacha (MAN), a neachtas ina bhun le tuilleadh forbartha a spreagadh i mbonneagar na Cumarsáide. Chuir an Rialtas in iúl a bhfeasacht i leith an ghá leibhéil arda nascmhaireachta leathanbhanda a sheachadadh don tionscal agus do phobail, agus féachann sé go mbeidh seirbhísí agus bonneagar leathanbhanda inrochtana agus inacmhainne go náisiúnta laistigh de 3 bliana.

Glacann an Chomhairle go hiomlán le tábhacht seirbhíse teileachumarsáide ardcháilíochta ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil; agus féachfaidh sí le soláthar agus forbairt leanúnach a leithéid de sheirbhís a éascú laistigh de Chontae na Mí, sa mhéid agus go dtagann sé faoina chúram é sin a dhéanamh. Féachfaidh an Chomhairle ina leith sin chun comhoibriú le soláthróirí agus oibreoirí na seirbhísí sin laistigh de Chontae na Mí ar mhaithe le leas an náisiúin agus an chontae.

Cuireadh in iúl in athuair sa tuarascáil um dhul chun cinn, a foilsíodh i 2004, i leith Phlean Gímh an Rialtais don tSochaí Faisnéise 'New Connections' go bhfanann infhaighteacht fhorleathan an bhonneagair leathanbhanda rochtana oscailte, inacmhainne gan mhúchadh do ghnólachtaí agus saoránaigh mar an ghné is tábhachtaí de pholasaí an rialtais i leith an leathanbhanda. Tá forfheidhmiú an leathanbhanda faoi choimirce an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha. Tá trí chlár ann le seachadadh an leathanbhanda a chinntiú, mar atá:

- Líonraí Achar Uirbeacha (MAN)
- Grúpscéim Leathanbhanda
- Leathanbhanda do Scoileanna

4.11.2 Straitéis Leathanbhanda do Chomhairle Contae na Mí

Táthar tar éis Straitéis Leathanbhanda do Chomhairle Contae na Mí a fhoilsiú, agus is inti a mhaítear go bhfuil an tÚdarás Áitiúil diongbháilte tairbhe a bhaint as an seasamh tacúil a ghlac an Rialtas lena chinntiú go gcuirtear an bonneagar leathanbhanda ar fáil go forleathan ar fud an chontae. Teastaíonn ardchéim den chomhoibriú trasfheidhmeach idir Bord Forbartha Chontae na Mí (Forbairt Eacnamúil) agus Rannóga Pleanála, TF, Bonneagair agus Pobail & Fiontair de chuid Chomhairle Contae na Mí do bhaint amach an chuspóra sin.

4.11.3 Bonneagar an Leathanbhanda i gCo. na Mí

Is í an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha den chuid is mó a sholáthraíonn MAN don Uaimh agus Baile Átha Troim ar chostas €10m; agus táthar ag breithniú togra do bhailte Chill Dhéagláin, Dhún Búinne, Chluain Aodha, Dhún Seachlainn, Ráth Tó agus Bhaile Átha Buí. Is rithabhachtach í infhaighteacht an leathanbhanda do mhargaíocht agus cur chun cinn na n-ionad sin sa Mhí os comhair infheisteoirí leis an gcumas acu fostaíocht a ghiniúint.

Tá an easpa leathanbhanda faoi tuath in Éirinn ar cheann de na fáthanna gurb ann do Ghrúpscéim Leathanbhanda an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (SLB). Tá Údarás Réigiúnach Lár an Oirthir tar éis comhordaitheoir SLB a cheapadh do chontaetha na Mí, Chill Dara agus Chill Mhantáin. Is scéim cuibheasach shimplí atá sa SLB le go mbeadh baint ag an bpobal agus is íosta é an t-ualach oibre don phobal féin. Ní gá don scéim mórán a dhéanamh seachas díreach liosta íosta 25 ainm a fháil, agus roghnaítear cuideachta oiriúnach leis an leathanbhanda a thabhairt dá ceantar le cúnamh an chomhoibritheora. Tá sé mar fhreagracht na cuideachta ansin gach páipéarachas a chomhlíonadh agus dul i dteagmháil leis an gcomhordaitheoir.

- Tá an leathanbhanda beo anois sna Ceantair Ghrúpscéimeanna seo a leanas; Limistéir Ghrúpscéime Bhaile Íomhair, kilcloon, an tSeanchaisleáin, Bhaile Shláine, Chnoc an Linsigh, moynalvey, kiltale, boardsmill & Mhaigh Dearmhaí;
- Adhanfar an leathanbhanda sna míonna beaga romhainn i Limistéir Ghrúpscéime Ráth Cheannaigh, kilberry, Baile Ghib, Maigh nEalta, Droichead Chearbhalláin agus oristown.

Braitheann tabhairt san áireamh an chéad chéim eile de na Grúpscéimeanna Leathanbhanda ar infhaighteacht an chistiú Stáit.

Is comhpháirtíocht idir an Rialtas agus líonra teileachumarsáide atá sa treas clár. Fógraíodh an comhchur chuige sin i mí Feabhra na bliana 2004. Thug an tionscal €15 milliún agus thug an Rialtas €3 mhilliún breise thar thréimhse 3 bliana do 'Tionscnamh an Leathanbhanda do Scoileanna', chun rolladh amach an leathanbhanda do gach ceann de na 4,029 bunscoil agus iar-bhunscoil faoi thús na bliana acadúla 2005 a mhaoiniú. Táthar i mbun rolladh amach an leathanbhanda do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna i gCo. na Mí faoi láthair.

4.11.4 Aeróga Teileachumarsáide

Aithníonn an tÚdarás Áitiúil an bunéileamh ar líonraí cumarsáide agus teicneolaíochta faisnéise ardcháilíochta chun iomaíochas gheilleagar an chontae agus a ról chun tacú leis an bhforbairt réigiúnach agus náisiúnta go ginearálta a ráthú. Tugtar treoir chuimsitheach i leith na gcúrsaí sin sa cháipéis "Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Thacaíochta - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála" arna foilsiú ag an Roinn Comhshaoil thiar i mí Iúil na bliana 1996. Beidh sé mar pholasaí an Údaráis Phleanála tograí a bhreithniú dá leithéid de bhonneagar i bhfianaise na moltaí sa cháipéis seo.

Beidh sé mar an rogha cur chuige go sásaíonn gach struchtúr tacaíochta úr polasaí comhshuímh nó braislithe na dtreoirlínte go hiomlán, agus go gcuirfear iallach úsáid chomhroinnte na struchtúr reatha i bhfeidhm mar a meastar líon na gcrann in aon limistéar amháin bheith iomarcach.

Féadann tionchar géar bheith ag struchtúir ar thórdhreacha tuaithe agus uirbeacha araon de bharr méid fhisiciúil struchtúir na gcrann agus na hábhair ar baineadh leas astu lena dtógáil. Caithfear bheith ríchúramach agus leas á bhaint as fearais an dochar a íoslaghdú trí shuíomh foscúil agus dea-dhearadh. Agus measúnú á dhéanamh ar thograí ar leith, glacfaidh an tÚdarás Pleanála san áireamh tionchar na gceart slí agus na mbealaí siúil.

Ba cheart gur shimplí agus dea-chríochnaithe é dearadh struchtúir na gcrann. Ba chóir go mbainfí leas as an teicneolaíocht ba dhéanaí d'fhonn a méid agus a dtionchar amhairc a íoslaghdú. Is infheicthe agus is rite iad struchtúir na gcrann sna ceantair chnoic / arda, nó sna ceantair shléibhe. Is féidir maolú an tionchair fhisigh a bhaint amach sna suímh sin trí chur na dtom, gcrann srl. mar fhál nó cúla. Tabharfar spreagadh do chrainn faoi bhréagrioct m.sh. mar fhíorchrainn sna hionaid iomchuí.

Is ar feadh tréimhse shealadach 5 bliana amháin a bheidh gach crann dá dtugtar cead. Ceadóidh sé sin d'athbheithniú agus athmheasúnú i ndáil le líon agus dlúithe, teicneolaíocht agus dinimic ghinearálta an tionscail agus an chomhshaoil ghlactha araon ina bhfuil na crainn suite.

Sa chás nach bhfuil an bun-oibreoir ag baint leasa as na hearóga agus a gcuid struchtúr tacaíochta a thuilleadh, agus nár aithníodh aon úsáideoir úr; ba cheart go scartálfaí agus go mbainfí iad den suíomh, agus an suíomh a athchur agus an costas ar an oibreoir (Beidh sé sin ina choinníoll d'aon chead agus cuirfear socrú bannaithe chun na críche sin i dtoll a chéile).

Sa chás go gcuireann úinéir suímh éigin an suíomh de láimh chuig oibreoir éigin eile leis an gceadúnas cuí acu, beidh ar an mbun-oibreoir / mbunúinéir an tÚdarás Pleanála a chur ar an eolas i leith an t-aistriú sin ionas gur féidir leis an Údarás bheith in ann aon choinníoll leanúnach a chur i ngníomh go réidh ar an oibreoir nua.

POLASAITHE MAIDIR LE TEILEACHUMARSÁID AGUS TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

POL BONN 100

Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt agus síneadh comhordaithe agus saindirithe an bhonneagair theileachumarsáide, lena n-áirítear nascmhaireacht leathanbhanda, sa Chontae mar mheán chun iomaíochas eacnamúil a fheabhsú agus cleachtais oibre níos solúbtha a chumasú m.sh. an teileaoibriú.

POL BONN 101

Spreagadh a thabhairt do chlúdach agus toilleadh bhonneagar an líonra fón póca, agus ag streachailt chun líon na struchtúr teileachumarsáide a laghdú, trína chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm Cód Cleachtais ComReg um Chomhroinnt Suímh agus go dtéitear i mbun fánaíochta náisiúnta frithpháirtí.

POL BONN 102 Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na seirbhísí teileachumarsáid-bhunaithe ag na hionaid iomchuí laistigh den Chontae, faoi réir chúrsaí timpeallachta.

POL BONN 103 An ríomh-chuimsitheacht a chur chun cinn go gníomhach i gCo. na Mí tríd an bpróiseas pleanála agus trí thacaíocht a thabhairt do straitéisí chun teaghlaigh ar ioncam níos ísle a chumasú agus a spreagadh chun bonneagar leathanbhanda nua-aimseartha a thapú.

POL BONN 104 Féachaint le teicneolaíocht faisnéise nua-aimseartha, lena n-áirítear bonneagar ilduchta ar neodrach ó thaobh an iompróra de ag seirbhísiú do gach aon aonad, a áireamh i ndearadh agus leagan amach foriomlán gach forbairt nua i gCo. na Mí, de réir mar is indéanta.

POL BONN 105 Iallach a leagan síos do sholáthar na gcábalaí teilifóin agus teilifíse faoin talamh, go háirithe sa chomhshaol uirbeach, agusgo ginearálta laistigh de na limistéir spáis oscailte phoiblí, ar mhaithe leis an taitneamhacht fhíseach.

POL BONN 106 Iallach a leagan síos go gcóireofar do sheirbhísí ilíocha i ngach aon fhorbairt úr i stráicí comhroinnte agus go gcomhroinntear clúdaigh rochtana pé uair agus is féidir.

CUSPÓIRÍ MAIDIR LE TEILEACHUMARSÁID AGUS TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

CUS BONN 45 Tascfhórsa Teileachumarsáide Leathanbhanda a bhunú lena mbaineann soláthróirí seirbhíse, ionadaithe úsáideora agus gníomhaireachtaí forbartha áitiúla chun cuidiú le pleanáil, forfheidhmiú agus monatóireacht rolladh amach an bhonneagair leathanbhanda sa chontae.

CUS BONN 46 An "Straitéis Leathanbhanda do Chomhairle Contaena Mí" a chur chun feidhme i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádurtha lena chinntiú go gcuirtear an bonneagar leathanbhanda ar fáil go forleathan ar fud an chontae agus do gach aon eanáil den gheilleagar.

Aeróga Teileachumarsáide & Struchtúir Thacaíochta

POLASAITHE MAIDIR LE TEILEACHUMARSÁID AGUS TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

POL BONN 107 Forbairt ordúil an bhonneagair theileachumarsáide ar fud an chontae a sholáthar de réir riachtanais na "Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Thacaíochta – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála" Iúil 1996.

POL BONN 108	Toimhde a ghlacadh i gcoinne chrochadh aeróg i bhfoisceacht na gceantar cónaitheach, scoileanna agus áiseanna pobail, struchtúir inspéise stairiúla agus ailtireachta agus ceantair agus suímh lena mbaineann tábhacht seandálaíochta.
POL BONN 109	Achar talaimh a chur in áirithe de thrastomhas 500 méadar timpeall gacháitreabh scoile dá bhfuil ann / suíomh scoile aitheanta le coinneáil saor ó chrochadh na gcrann fón póca.
POL BONN 110	Ardcháilíocht dearaidh a shlánú do chrainn, túir agus aeróga agus bonneagar eile den chineál sin ar mhaithe le taitneamhacht fhíseach agus cosaint na dtírdhreach íogair, faoi réir paraiméadar raidió agus innealtóireachta.
POL BONN 111	Comhphlé réamhphleanála a spreagadh agus a éascú leis na soláthróirí seirbhíse agus oibreoirí roimh chur isteach na n-iarratas pleanála. Beifear in ann plean foriomlán de na tograí don chlúdach sa chontae a aimsiú agus teacht ar chinneadh faoi chásanna ina mbíonn an chomhroinnt inmharthana ar bhonn oibriochtúil, tríd an gcomhphlé réamhphleanála leis na hoibreoirí.
POL BONN 112	Spreagadh a thabhairt do chomhshuíomh na n-aeróg ar na struchtúir thacaíochta dá bhfuil ann agus fianaise fhaisnéiseach bheith de dhíth maidir le dofhaighteacht na rogha sin sna tograí ar struchtúir úra. Áiteofar comhroinnt na struchtúr dá bhfuil ann mar a meastar líon na gcrann a lonnaitear in aon cheantar amháin bheith iomarcachina ndlúithe.
POL BONN 113	Suíomh na struchtúr i dtírdhreacha leochaileacha a sheachaint ar nós na gceantar de Cháilíocht Fhíseach Speisialta nó d'oidhreacht seandálaíochta, mar a mbeidh radhairc agus / nó léargais le caomhnú mar a thásctar ar na léarscáileanna thuas, agus i gceantair in aice le séadchomharthaí náisiúnta, suímh sheandálaíochta nó Foirgnimh Chosanta agus struchtúir eile.

Critéir Measúnachta Forbartha

Beidh ar fhorbróirí / oibreoirí, d'fhonn measúnacht na dtograí forbartha do chrochadh aeróg agus struchtúr tacaíochta a éascú:

- Fírinniú réasúnaithe a chur isteach i dtaca leis an éileamh ar an bhforbairt faoi leith ag an suíomh a mholtar i gcomhthéacs phleananna foriomlána na n-oibreoirí líonra a fhorbairt i gContae na Mí;
- Tabhairt le fios na suímh nó ionaid eile sa Chontae a breithníodh;
- Fianaise comhairliúcháin, más ann dóibh, le hoibreoirí eile a chur isteach maidir le comhroinnt na suíomh agus / nó struchtúr tacaíochta;
- Tograí a chur isteach le tionchar físeach na forbartha molta a mhaolú, lena n-áirítear tógáil na mbóithre rochtana, cuailí agus struchtúr breise, agus;
- Ráiteas comhlíonta le Treoirí an Eagrais Chosanta Radaíochta Idirnáisiúnta (ECRI) (Health Physics, Iml. 54, Uimh. 1 (Eanáir) 1988) nó a mhacasamhail den Réamh-Chaighdeán Eorpach 50166-2 a thabhairt, lenar bhain na coinníollacha a tháinig leis na socrúithe ceadúnúcháin leis an Roinn Iompair, Fuinnimh agus Cumarsáide agus fianaise a thabhairt go gcomhallann suiteáil den chineál ar ar cuireadh isteach leis na Treoirínte thuas.

Ba chóir na crainn tarchurtha a chur i bhfáschoillte sna ceantair thuaithe, ar an gcuntar go gcoinnítear na haeróga saor ó bhac. Beidh ar an bhforbróir tródam crann a choinneáil timpeall an tsuímh, nach leagfar le linn saolré an chrainn tarchurtha, le comhaontú scríofa an úinéara. Ba chóir an tionchar ar an tsúil a laghdú sna ceantair neamhfhoraioise tríd an dearadh tuisceanach, agus trí chur tom, crann, srl., mar scáthlán agus cúla.

Glacfar leis an toimhde d'éileamh chun 'Tuairisc Tionchair Thírdhreacha' a sholáthar lena ligean do mheasúnú ceart an tionchair amhairc den struchtúr ar an gceantar, sna cásanna go suitear na crainn tarchurtha i gceantair ardtaitneamhachta agus tírdhreacha lena mbaineann luach eisceachtúil nó ard, tábhacht idirnáisiúnta nó náisiúnta agus íogaireacht ard mar a thásctar sa Mheasúnú Aicmiúcháin Tírdhreacha, i gCaibidil 8 & Aguisín VI.

